Is i gcomhréir leis na rialacha normalúcháin arna socrú in Iarscríbhinn II a dhéanfar cuntas ar leictreachas arna ghiniúint le hidreachumhacht agus le cumhacht ghaoithe.

3. Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1, ríomhfar olltomhaltas deiridh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ san earnáil téimh agus fuaraithe mar chion an téimh ceantair agus an fhuaraithe ceantair arna tháirgeadh i mBallstát ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ móide méid an fhuinnimh arna thomhailt ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ i gcomhair téimh, fuaraithe agus próiseála sa tionsclaíocht, sa talmhaíocht, i dteaghlaigh, i seirbhísí, san fhoraoiseacht agus san iascach.

I gcás gléasraí ilbhreoslaithe a úsáideann foinsí ►C3 in-athnuaite ◄ agus neamh-►C3 in-athnuaite ◄, ní chuirfear san áireamh ach sciar an téimh agus an fhuaraithe arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄. Chun críocha an ríofa sin, déanfar rannchuidiú gach foinse fuinnimh a ríomh ar bhonn a luacha fuinnimh.

Cuirfear san áireamh fuinneamh comhthimpeallach agus fuinneamh geotheirmeach arna úsáid ar mhaithe le téamh agus fuarú trí mheán teaschaidéal agus córas fuaraithe ceantair chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 ar choinníoll gur mó i bhfad an t-aschur deiridh fuinnimh ná an t-ionchur príomha fuinnimh is gá chun na teaschaidéil a oibriú. Ríomhfar an cion teasa nó fuachta a mheasfar gur fuinneamh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ é chun críocha na Treorach seo de réir na modheolaíochta arna socrú in Iarscríbhinn VII agus cuirfear san áireamh ann úsáid fuinnimh i ngach earnáil chríochúsáide.

Ní chuirfear san áireamh chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 fuinneamh teirmeach arna ghiniúint ag córais fuinnimh éighníomhaigh, ar córais iad lenar féidir tomhaltas fuinnimh níos ísle a bhaint amach go héighníomhach a bhuí le dearadh foirgnimh nó a bhuí le teas arna ghiniúint ag fuinneamh ó fhoinsí neamh-►C3 in-athnuaite ◄.

▼B

Faoin 31 Nollaig 2021, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 35, chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht a bhunú chun cion an fhuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ arna úsáid le haghaidh fuaraithe agus le haghaidh fuarú ceantair a ríomh agus chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn VII.

Áireofar sa mhodheolaíocht sin íosfhachtóirí feidhmíochta séasúracha do theaschaidéil a oibríonn i modh droim-ar-ais.

4. Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

▼M2

(a) Déanfar tomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil an iompair a ríomh mar shuim gach bithbhreosla, bithgháis agus breosla in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a thomhlaítear in earnáil an iompair. Áireofar leis sin breoslaí in-athnuaite a sholáthraítear do bhuncair mhuirí idirnáisiúnta.

▼B

(b) Agus tomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil an iompair á ríomh, úsáidfear na luachanna a bhaineann le luach fuinnimh breoslaí iompair, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III iad. Chun an luach fuinnimh a ríomh i gcás breoslaí iompair nach gcuimsítear in Iarscríbhinn III, úsáidfidh na Ballstáit caighdeáin ábhartha na nEagraíochta Eorpach um Chaighdeánú (ESO) chun luachanna calracha breoslaí a chinneadh. I gcás nár glacadh aon chaighdeán de chuid ESO chun na críche sin, úsáidfidh Ballstáit caighdeáin ábhartha Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO).

5. Déanfar sciar an fhuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a ríomh tríd an olltomhaltas deiridh fuinnimh ó gach foinse fuinnimh a roinnt ar an olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄, agus sin a shloinneadh ina chéatadán.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, déanfar coigeartú ar an tsuim dá dtagraítear sa chéad fhomhír i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagail 8, 10, 12 agus 13.

Agus olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit á ríomh chun críocha a chomhréir le spriocanna agus conair tháscach na Treorach seo a mheas, measfar nach mó ná 6.18 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Bhallstáit sin méid an fhuinnimh arna thomhailt in earnáil na heitlíochta. I gcás na Cipire agus Mhálta, measfar nach mó ná 4.12 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh na mBallstát sin méid an fhuinnimh arna thomhailt in earnáil na heitlíochta.

6. Is iad an mhodheolaíocht agus na sainmhínithe da bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 a úsáidfear chun sciar an fhuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ á ríomh.

Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas na faisnéise staidreamhaí a úsáidfear chun na sciartha earnála agus foriomlána sin á ríomh, agus comhleanúnachas na faisnéise staidreamhaí a thuairisceofar don Choimisiún de bhun an Rialacháin sin.

▼B

Airteagal 8

Ardán an Aontais um fhorbairt ►C3 in-athnuaite ◄ agus aistrithe staidreamhacha idir na Ballstáit

1. Féadfaidh na Ballstáit comhaontú a dhéanamh maidir le haistriú staidreamhach a dhéanamh ar mhéid sonrach fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Déanfar an méid seo a leanas leis an gcion a aistreofar:

(a) é a dhealú ón méid fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chuirtear san áireamh agus sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit atá ag déanamh an aistrithe chun críocha na Treorach seo á ríomh; agus

(b) é a chur le méid an fhuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chuirtear san áireamh agus sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit atá ag glacadh an aistrithe chun críocha na Treorach seo á ríomh.

2. Chun tacú le sprioc an Aontais arna shocrú in Airteagal 3(1) den Treoir seo a bhaint amach, le rannchuidiú gach Ballstáit maidir leis an sprioc sin i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Treoir seo é agus le haistrithe staidreamhacha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a éascú, bunóidh an Coimisiún Ardán an Aontais um Fhorbairt ►C3 in-athnuaite ◄ (“URDP”). Féadfaidh na Ballstáit sonraí maidir lena rannchuidiú leis an sprioc Aontais nó aon tagarmharc a leagtar síos chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le Rialachán (AE) 2018/1999 a thíolacadh chuig an URDP ar bhonn deonach gach bliain, lena n-áirítear aon easnamh ionchasach nó sárú a meastar a bheidh ann i ndáil lena rannchuidiú, chomh maith le léiriú ar an bpraghas ar a mbeadh siad toilteanachaon rótháirgeacht fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a aistriú ó Bhallstát eile nó chuig Ballstát eile. Socrófar luach na n-aistrithe sin de réir an cháis, bunaithe ar shásra URDP lena ndéantar éileamh agus soláthar a mheaitseáil.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh URDP in ann an t-éileamh agus an soláthar a mheaitseáil i ndáil le méideanna fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chuirtear san áireamh agus sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ Ballstáit á ríomh, bunaithe ar phraghsanna nó ar aon chritéir eile arna sonrú ag an mBallstát a bhfuil ag glacadh leis an aistriú.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí URDP a bhunú agus coinníollacha a leagan síos d'fhonn bailchríoch a chur ar aistrithe dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

4. Na socruithe dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, féadfaidh fad bliana féilire nó níos mó a bheith acu. Tabharfar fógra don Choimisiún i leith socruithe mar sin nó cuirfear bailchríoch orthu ar URDP tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dheireadh gach bliana inar infheidhme iad. Ar áireamh san fhaisnéis a sheolfar chuig an gCoimisiún, beidh cainníocht agus praghas an fhuinnimh atá i gceist. I gcás aistrithe ar a gcuirfear bailchríoch ar URDP, tabharfar faisnéis don phobal faoi na páirtithe a bhí rannpháirteach agus faoin aistriú áirithe atá i gceist.

5. Tiocfaidh na haistrithe i bhfeidhm nó nuair a bheidh fógra maidir leis an aistriú tugtha don Choimisiún ag gach Ballstát lena mbaineann nó nuair a chomhlíonfar na coinníollacha imréitigh uile ar URDP, mar is infheidhme.

▼B

Airteagal 9

Tionscadail chomhpháirteacha i measc na mBallstát

1. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó dul i gcomhar maidir le gach cineál tionscadal comhpháirteach a bhaineann le táirgeadh an leictreachais, an téimh nó an fhuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄. Thig le hoibreoirí príobháideacha a bheith páirteach sa chomhar sin.

▼M2

1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát go ndéanfar creat le haghaidh comhar maidir le tionscadail chomhpháirteacha a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) faoin 31 Nollaig 2030, féachfaidh na Ballstáit le teacht ar chomhaontú maidir le dhá thionscadal chomhpháirteacha ar a laghad a bhunú;

(b) faoin 31 Nollaig 2033, féachfaidh na Ballstáit a bhfuil tomhaltas leictreachais bliantúil de níos mó ná 100 TWh acu le teacht ar chomhaontú maidir leis an tríú tionscadal comhpháirteach a bhunú.

Beidh sainaithint na dtionscadal comhpháirteach fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta comhsheasmhach leis na riachtanais arna sainaithint sna pleananna comhtháite straitéiseacha ardleibhéil maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta le haghaidh gach imchuach farraige dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus an plean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/943, ach féadfaidh siad dul thar na riachtanais sin agus féadfaidh siad rannpháirt sa tsainaithint sin a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus do ghnóthais phríobháideacha.

Oibreoidh na Ballstáit i dtreo leithdháileadh cothrom na gcostas agus na dtairbhí a bhaineann le tionscadail chomhpháirteacha. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit costais agus tairbhí ábhartha uile an tionscadail chomhpháirtigh san áireamh sa chomhaontú ábhartha comhair.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi chomhaontuithe comhair, lena n-áirítear an dáta a mheasfar a dtiocfaidh na tionscadail chomhpháirteacha chun bheith oibríochtúil. Maidir le tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún ([2]), measfar go gcomhlíontar leo na hoibleagáidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.

▼B

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gcion nó faoin méid leictreachais, téimh nó fuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ arna tháirgeadh ag aon tionscadal comhpháirteach ar a gcríocha, a cuireadh i mbun feidhme tar éis 25 Meitheamh 2009, nó arna tháirgeadh de bharr acmhainn mhéadaithe suiteála a athfheistíodh tar éis an dáta sin, agus atá le háireamh i sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ Ballstáit eile chun críocha na Treorach seo.

([1]) Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1).

▼B

3. Déanfar an méid seo a leanas san fhógra dá tagraítear i mír 2:

(a) cuirfear síos ann ar an tsuiteáil atá á beartú nó sainaithneofar an tsuiteáil a ndearnadh í a athfheistiú;

(b) sonrófar ann an cion nó an méid leictreachais nó téimh nó fuaraithe arna tháirgeadh ag an tsuiteáil agus atá le háireamh sa sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ náisiúnta foriomlán atá ag Ballstát eile;

(c) sainaithneofar ann an Ballstát ar ina fhabhar atá an fógra á dhéanamh; agus

(d) sonrófar ann an tréimhse, mar bhlianta iomlána féilire, a bhfuil an leictreachas nó an téamh nó an fuarú arna tháirgeadh ag an tsuiteáil ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ le háireamh i sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit eile.

4. Féadfar tréimhse an tionscadail chomhpháirtigh dá dtagraítear san Airteagal seo a fhadú go tráth is déanaí ná 2030.

5. Aon fhógra a thabharfar de bhun an Airteagail seo, ní dhéanfar é a athrú ná a tharraingt siar gan comhaontú ó Bhallstát déanta an fhógra agus ón mBallstát a sainaithníodh i gcomhréir le pointe (c) de mhír 3.

6. Éascóidh an Coimisiún, ar iarraidh ó na Ballstáit lena mbaineann, bunú tionscadal comhpháirteach idir na Ballstáit, go háirithe trí chúnamh teicniúil tiomnaithe agus trí chúnamh maidir le forbairt tionscadail.

▼M2

7a. Ar bhonn na spriocanna táscacha do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá le himscaradh laistigh de gach imchuach farraige, arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2022/869, foilseoidh na Ballstáit lena mbaineann faisnéis faoi mhéideanna an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá beartaithe acu a bhaint amach trí thairiscintí, agus an fhéidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch don bhonneagar eangaí agus na gníomhaíochtaí atá ar siúl cheana á gcur san áireamh. Féachfaidh na Ballstáit leis an spás a leithdháileadh ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ina gcuid pleananna spásúla muirí, agus na gníomhaíochtaí atá ar siúl cheana sna limistéir a ndéantar difear dóibh á gcur san áireamh. Chun deonú ceadanna a éascú do thionscadail chomhpháirteacha fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, laghdóidh na Ballstáit castacht an nós imeachta um dheonú ceadanna, méadóidh siad éifeachtúlacht agus trédhearcacht an nós imeachta sin, feabhsóidh siad an comhar eatarthu féin agus bunóidh siad, i gcás inarb iomchuí, pointe teagmhála aonair. Chun feabhas a chur ar an méid a nglacann an pobal leis sin, féadfaidh na Ballstáit comhphobail fuinnimh in-athnuaite a áireamh i dtionscadail chomhpháirteacha fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

▼B

Airteagal 10

Tionchair na dtionscadal comhpháirteach idir na Ballstáit

1. Laistigh de thrí mhí ó dheireadh gach bliana sa tréimhse dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 9(3), déanfaidh an Ballstát a rinne an fógra faoi Airteagal 9 litir fógra a eisiúint ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) méid iomlán an leictreachais nó an téimh nó an fhuaraithe arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ i gcaitheamh na bliana sin ag an tsuiteáil ba ábhar don fhógra faoi Airteagal 9; agus

▼B

(b) an méid leictreachais nó téimh nó fuaraithe arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ i gcaitheamh na bliana ag an tsuiteáil sin agus atá le háireamh i sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ Ballstáit eile i gcomhréir le téarmaí an fhógra.

2. Déanfaidh an Ballstát a thugann fógra an litir fógra a chur faoi bhráid an Bhallstát sin ar ina fhabhar a rinneadh an fógra agus chuig an gCoimisiún.

3. Chun críocha na Treorach seo, déanfar an méid leictreachais nó téimh nó fuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a dtabharfar fógra ina leith i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1:

(a) a dhealú ón méid leictreachais nó téimh nó fuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chuirtear san áireamh agus sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit a eisíonn an litir fógra de bhun mír 1 á ríomh; agus

(b) a shuimiú leis an méid leictreachais nó téimh nó fuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chuirtear san áireamh agus sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit a fhaigheann an litir fógra de bhun mír 2 á ríomh.

Airteagal 11

Tionscadail chomhpháirteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha

1. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó dul i gcomhar le tríú tír amháin nó níos mó maidir le gach cineál tionscadal comhpháirteach maidir le táirgeadh leictreachais ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄. Féadfaidh oibreoirí príobháideacha a bheith san áireamh sa chomhar sin agus déanfar é agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán.

2. Ní chuirfear san áireamh leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ i dtríú tír chun sciartha fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ a ríomhmeas ach amháin i gcás ina sásaítear na dálaí seo a leanas:

(a) is san Aontas a thomhlaítear an leictreachas. Measfar gur comhlíonadh an méid sin sna cásanna seo a leanas:

(i) rinne gach oibreoir córais tarchurtha freagrach sa tír thionscnaimh, sa tír chinn scríbe, agus, más ábhartha, i ngach tríú tír iompair, méid leictreachais, arb ionann é agus an méid leictreachais a áiríodh, a ainmniú go daingean chuig an acmhainn idirnaisc leithdháilte;

(ii) rinne an t-oibreoir córais tarchurtha freagrach atá ar thaobh an Aontais d'idirnascaire méid leictreachais, arb ionann é agus an méid leictreachais a áiríodh, a chlárú go daingean sa sceideal cothromúcháin; agus

(iii) is leis an tréimhse ama chéanna a bhaineann an acmhainn ainmnithe agus an táirgeadh leictreachais ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a rinneadh sa tsuiteáil dá dtagraítear i bpointe (b);

▼B

(b) táirgtear an leictreachas i suiteáil a cuireadh i mbun feidhme tar éis 25 Meitheamh 2009 nó táirgtear é de bharr acmhainn mhéadaithe suiteála a athfheistíodh tar éis an dáta sin, faoi chuimsiú tionscadal comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1;

(c) cé is moite den chúnamh infheistíochta a tugadh don tsuiteáil, níl an leictreachas a táirgeadh agus a onnmhairíodh tar éis aon tacaíocht a fháil ó scéim tacaíochta tríú tír; agus

(d) táirgeadh an leictreachas i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, i dtríú tír ar sínitheoir í leis an Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint nó le coinbhinsiúin idirnáisiúnta eile nó le conarthaí maidir le cearta an duine.

3. Chun críocha mhír 4, féadfaidh na Ballstáit iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin go gcuirfí san áireamh an leictreachas ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ arna tháirgeadh agus arna thomhailt i dtríú tír, i gcomhthéacs idirnascaire a bheith á thógáil, agus aga tionscanta an-fhada ag dul leis an togra sin, ag Ballstát agus ag tríú tír, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tús a bheith curtha le tógáil an idirnascaire faoi 31 Nollaig 2026;

(b) ní féidir an t-idirnascaire a chur i mbun feidhme faoi 31 Nollaig 2030;

(c) is féidir an t-idirnascaire a chur i mbun feidhme faoi 31 Nollaig 2032;

(d) ach a gcuirfear i mbun feidhme é, úsáidfear an t-idirnascaire, i gcomhréir le mír 2, chun leictreachas ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ fuinnimh a onnmhairiú chuig an Aontas;

(e) baineann an t-iarratas le tionscadal comhpháirteach a shásaíonn na critéir arna socrú i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2 agus is tionscadal comhpháirteach é a úsáidfidh an t-idirnascaire tar éis dó dul i mbun feidhme agus a bhaineann le méid leictreachais nach mó ná an méid a onnmhaireofar chuig an Aontas tar éis don idirnascaire dul i mbun feidhme.

4. Tabharfar fógra don Choimisiún faoin gcion nó faoin méid leictreachais arna tháirgeadh ag aon suiteáil ar chríoch tríú tír, atá le háireamh sa sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ atá ag Ballstát amháin nó níos mó chun críocha na Treorach seo. Má bhíonn níos mó ná Ballstát amháin i gceist, cuirfear in iúl don Choimisiún dáileadh an chion sin nó an mhéid sin idir Ballstáit. Ní sháróidh an cion nó an méid an cion nó an méid a onnmhairíodh go hiarbhír chuig an Aontas agus a tomhlaíodh ann, beidh sé i gcomhréir leis an méid atá socraithe i bpointí (a)(i) agus (ii) de mhír 2 agus sásóidh sé na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) den mhír sin. Déanfaidh gach Ballstát ar lena sprioc náisiúnta fhoriomlán a áireofar an cion nó an méid leictreachais an fógra a thabhairt.

5. Déanfar an méid seo a leanas san fhógra dá tagraítear i mír 4:

(a) cuirfear síos ann ar an tsuiteáil atá á beartú nó sainaithneofar an tsuiteáil a ndearnadh í a athfheistiú;

▼B

(b) sonrófar ann an cion nó an méid leictreachais arna tháirgeadh ag an tsuiteáil atá le háireamh sa sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ atá ag Ballstát, agus sonrófar ann chomh maith, faoi réir ceanglas rúndachta, na socruithe comhfhreagracha airgeadais;

(c) sonrófar ann an tréimhse, mar bhlianta iomlána féilire, a bhfuil an leictreachas le háireamh i sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit; agus

(d) beidh ann aitheantas scríofa ar phointe (b) agus ar phointe (c) ón tríú tír ar ar a críoch atá an tsuiteáil le cur i mbun feidhme agus léireofar ann an cion nó an méid leictreachais arna tháirgeadh ag an tsuiteáil a úsáidfidh an tríú tír sin go hintíreach.

6. Féadfar tréimhse an tionscadail chomhpháirtigh dá dtagraítear san Airteagal seo a fhadú go tráth is déanaí ná 2030.

7. Aon fhógra a thabharfar de bhun an Airteagail seo, ní ceadmhach é a athrú ná a tharraingt siar gan comhaontú idir Bhallstát déanta an fhógra agus an tríú tír a thug aitheantas don tionscadal comhpháirteach i gcomhréir le pointe (d) de mhír 5.

8. Spreagfaidh na Ballstáit agus an tAontas comhlachtaí ábhartha an Chomhphobail Fuinnimh chun bearta a ghlacadh, i gcomhréir leis an gConradh um Chomhphobal Fuinnimh, ar bearta iad a bheidh riachtanach chun gur ceadmhach do na Páirtithe Conarthacha na forálacha maidir leis an gcomhar idir na Ballstáit a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal 12

Tionchar na dtionscadal comhpháirteach idir Ballstát agus tríú tíortha

1. Laistigh de 12 mhí ó dheireadh gach bliana sa tréimhse a shonraítear faoi phointe (c) d'Airteagal 11(5), déanfaidh an Ballstát a thugann fógra, litir fógra a eisiúint ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) méid iomlán an leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ fuinnimh i gcaitheamh na bliana sin ag an tsuiteáil ba ábhar don fhógra faoi Airteagal 11;

(b) an méid leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ fuinnimh i gcaitheamh na bliana sin ag an tsuiteáil sin agus atá le háireamh ina sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ i gcomhréir le téarmaí an fhógra faoi Airteagal 11; agus

(c) fianaise ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(2).

2. Déanfaidh an Ballstát an litir fógra a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus chuig an tríú tír sin a thug aitheantas don tionscadal i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 11(5).

▼B

3. Chun críocha ríomh a dhéanamh ar na sciartha fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ faoin Treoir seo, cuirfear an méid leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ faoina dtugtar fógra i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1 leis an méid leictreachais ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chuirtear san áireamh agus sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ an Bhallstáit a eisíonn an litir fógra á ríomh.

Airteagal 13

Scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Airteagal 5, féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó, ar bhonn deonach, na scéimeanna náisiúnta tacaíochta acu a nascadh, nó a chomhordú ar bhonn páirteach. I gcás mar sin, féadfar méid áirithe fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ arna tháirgeadh ar chríoch cheann de na Ballstáit rannpháirteacha a áireamh i sciar fuinnimh Ballstáit rannpháirtigh eile ar choinníoll go ndéanannna Ballstáit lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) aistriú staidreamhach ar mhéideanna áirithe fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ ó Bhallstát amháin go Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 8; nó

(b) riail dáilte a chur ar bun arna comhaontú ag na Ballstáit rannpháirteacha lena leithdháiltear méideanna fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ idir na Ballstáit rannpháirteacha.

Tabharfar fógra i leith riail dáileacháin dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír don Choimisiún tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na bliana a ngabhfaidh éifeacht léi.

2. Laistigh de thrí mhí ó dheireadh gach bliana, eiseoidh gach Ballstát a thug fógra faoin dara fomhír de 1 litir fógra ina mbeidh méid iomlán an leictreachais nó an téimh nó an fhuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ arna tháirgeadh i gcaitheamh na bliana sin atá le cur faoi réir na rialach dáilte.

3. Chun críocha ríomh a dhéanamh ar na sciartha fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ faoin Treoir seo, déanfar an méid leictreachais nó téimh nó fuaraithe ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a dtabharfar fógra ina leith i gcomhréir le mír 2 a ath-leithdháileadh idir na Ballstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an riail dáilte ar tugadh fógra ina leith.

4. Scaipfidh an Coimisiún treoirlínte agus dea-chleachtais, agus ar iarraidh ó na Ballstáit lena mbaineann, éascóidh sé bunú scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha idir na Ballstáit.

Airteagal 14

Méaduithe acmhainne

Chun críocha Airteagal 9(2) agus phointe (b) d'Airteagal 11(2), aonaid fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ ar féidir a rá faoi gurb ann dóibh i ngeall gur tháinig ardú acmhainne ar shuiteáil, caithfear leis na haonaid sin amhail is gur táirgeadh iad i suiteáil éigin eile a cuireadh i mbun feidhme i gcomhuain leis an ardú acmhainne.

▼B

Airteagal 15

Nósanna imeachta riaracháin, rialacháin agus cóid

▼M2

1. Aon rialacha náisiúnta a bhaineann le nósanna imeachta údarúcháin, deimhniúcháin agus ceadúnúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar ghléasraí agus ar ghréasáin ghaolmhara tarchurtha agus dáileacháin lena dtáirgtear leictreachas, téamh nó fuarú ó fhoinsí in-athnuaite, agus a chuirtear i bhfeidhm ar an bpróiseas a bhaineann le bithmhais a chlaochlú go bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise nó táirgí eile fuinnimh, agus a chuirtear i bhfeidhm ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad comhréireach agus riachtanach agus go rann-chuideofar leo le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme.

▼B

Glacfaidh na Ballstáit, go háirithe, pé bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe agus go gcuirfear dlús leo ar an leibhéal riaracháin iomchuí agus go mbunófar amchláir intuartha do na nósanna imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír;

(b) go mbeidh na rialacha sin a bhaineann le údarú, deimhniú agus ceadúnú a rialú, go mbeidh siad oibiachtúil, trédhearcach agus comhréireach, agus nach ndéanfar aon idirdhealú iontu idir na hiar-ratasóirí, agus go dtabharfar san áireamh go hiomlán iontu saingh-néithe theicneolaíochtaí éagsúla an fhuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄;

(c) go mbeidh na muirir riaracháin a ghearrfar ar thomhaltóirí, plean-álaithe, ailtirí, tógálaithe, agus ar lucht suiteála agus soláthar trealaimh agus córais, go mbeidh siad trédhearcach agus i gcomhréir leis an gcostas a bhaineann leo; agus

(d) go mbunófar nósanna imeachta údarúcháin simplithe a mbeidh ualach níos lú ag baint leo, lena n-áirítear nós imeachta fógra simplí a thabhairt i dtaca le feistí díláraithe, agus lena dtáirgtear agus lena stóráiltear fuinneamh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄.

▼M2

2. Aon sonraíochtaí teicniúla atá le comhlíonadh ag trealamh agus córais fuinnimh in-athnuaite chun leas a bhaint as scéimeanna tacaíochta agus chun bheith incháilithe faoi sholáthar poiblí, déanfaidh na Ballstáit iad a shainiú go soiléir. I gcás inarb ann do chaighdeáin chomhchuibhithe nó caighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear córais tagartha teicniúla arna mbunú ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, déanfar sonraíochtaí teicniúla den sórt sin a shloinneadh de réir na gcaighdeán sin. Tabharfar tosaíocht do chaighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun tacú le dlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Murab

([1]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicid-hearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

▼M2

ann dóibh, úsáidfear caighdeáin chomhchuibhithe agus caighdeáin Eorpacha eile, san ord sin. Le caighdeáin theicniúla den sórt sin, ní fhorordófar an áit a gcaithfear an trealamh agus na córais sin a dheimhniú, ná ní dhéanfar le caighdeáin den sórt sin bac a chur ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

2a. Tástáil ar theicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, a chomhroinnt agus a stóráil, cuirfidh na Ballstáit an tástáil sin chun cinn trí thionscadail phíolótacha i bhfíorthimpeallacht, ar feadh tréimhse theoranta, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, agus coimircí iomchuí ag gabháil léi chun oibriú slán an chórais fuinnimh a áirithiú agus chun tionchar díréireach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, agus déanfar an méid sin faoi mhaoirseacht údaráis inniúil.

3. Agus pleanáil, lena n-áirítear luathphleanáil spásúil, dearadh, tógáil agus athfheistiú á ndéanamh acu maidir le bonneagar uirbeach, limistéir thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe agus maidir le bonneagar fuinnimh agus iompair, lena n-áirítear leictreachas, téamh agus fuarú ceantair, gás nádúrtha agus gréasáin breoslaí malartacha, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, forálacha do chomhtháthú agus imscaradh an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear d'fhéintomhaltas fuinnimh in-athnuaite agus do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite, agus d'úsáid dhosheachanta dramhtheasa agus dramhfhuachta. Go háirithe, spreagfaidh na Ballstáit comhlachtaí riaracháin áitiúla agus réigiúnacha téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite a áireamh i bpleanáil bonneagair cathrach i gcás inarb iomchuí, agus chun dul i gcomhairle leis na hoibreoirí gréasáin chun tionchar na gclár éifeachtúlachta fuinnimh agus freagartha ar éileamh a léiriú mar aon le forálacha sonracha maidir le féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite, i ndáil le pleananna forbartha bonneagair na n-oibreoirí gréasáin.

_____

8. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar na bacainní rialála agus riaracháin maidir le comhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite fadtéarmacha, agus bainfidh siad bacainní nach bhfuil údar leo maidir le comhaontuithe den sórt sin, agus cuirfidh siad glacadh comhaontuithe den sórt sin chun cinn, lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar conas na rioscaí airgeadais a bhaineann leo a laghdú, go háirithe trí ráthaíochtaí creidmheasa a úsáid. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na comhaontuithe sin faoi réir nósanna imeachta díréireacha nó idirdhealaitheacha ná muirir dhíréireacha nó idirdhealaitheacha, agus gur féidir aon ráthaíochtaí tionscnaimh lena mbaineann a aistriú chuig ceannaitheoir an fhuinnimh in-athnuaite faoin gcomhaontú ceannacháin fuinnimh in-athnuaite.

Déanfaidh na Ballstáit cur síos ar a mbeartais agus bearta lena gcuirtear glacadh comhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite chun cinn ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Soláthróidh siad léiriú sna tuarascálacha sin ar dhul chun cinn freisin maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite a fhaigheann tacaíocht ó chomhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite.

▼M2

Tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún anailís ar na bacainní ar chomhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite fadtéarmacha agus go háirithe ar chomhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite trasteorann a imscaradh agus eiseoidh sé treoir maidir le deireadh a chur leis na bacainní sin.

9. Faoin 21 Samhain 2025, measfaidh an Coimisiún an bhfuil gá le bearta breise chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcur chun feidhme na nósanna imeachta um dheonú ceadanna dá bhforáiltear sa Treoir seo, lena n-áirítear trí bhíthin príomhtháscairí feidhmíochta táscacha a fhorbairt.

Airteagal 15a

Fuinneamh in-athnuaite a phríomhshruthú i bhfoirgnimh

1. Chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite in earnáil na tógála a chur chun cinn, déanfaidh na Ballstáit sciar náisiúnta táscach d'fhuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó in aice láimhe agus d'fhuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach a chinneadh sa tomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil na tógála atá acu in 2030 atá comhsheasmhach le sprioc tháscach de sciar fuinnimh 49 % ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na tógála i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais i bhfoirgnimh in 2030. Áireoidh na Ballstáit a sciar náisiúnta táscach sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 chomh maith le faisnéis maidir le conas a bheartaíonn siad é a bhaint amach.

2. Féadfaidh na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh faoi chomhair an sciar náisiúnta tháscaigh dá dtagraítear i mír 1, suas le teorainn 20 % den sciar sin. Má chinneann siad déanamh amhlaidh, cuirfear, leis an sciar náisiúnta táscach, leath an chéatadáin de dhramhtheas agus dramhfhuacht a áirítear faoi chomhair an sciar sin.

3. Tabharfaidh na Ballstáit bearta iomchuí isteach ina rialacháin náisiúnta agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta, chun méadú a dhéanamh ar an sciar de leictreachas agus téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe agus d'fhuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach sa stoc foirgneamh. Féadfar a áireamh le bearta den sórt sin bearta náisiúnta a bhaineann le méaduithe suntasacha ar fhéintomhaltas fuinnimh in-athnuaite, ar chomhphobail fuinnimh in-athnuaite, ar stóráil fuinnimh áitiúil, ar athluchtú cliste agus athluchtú déthreoch, ar sheirbhísí solúbthachta eile amhail freagairt don éileamh, agus i gcomhar le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le comh-ghiniúint agus athchóirithe móra a mhéadaíonn líon na bhfoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de agus líon na bhfoirgneamh a théann níos faide ná na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Threoir 2010/31/AE.

Chun an sciar táscach d'fhuinneamh in-athnuaite dá bhforáiltear i mír 1 a bhaint amach, ceanglóidh na Ballstáit, ina rialacháin náisiúnta agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta nó ar mhodh eile a bhfuil éifeacht chomhionann aige, go n-úsáidfear leibhéil íosta fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe agus fuinnimh in-athnuaite a thógtar ón eangach i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana a bhfuil mór-athchóiriú á dhéanamh orthu nó a bhfuil an córas téimh á athnuachan iontu, i gcomhréir le Treoir 2010/31/AE, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go heacnamaíoch, go teicniúil agus go feidhmiúil. Ceadóidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na leibhéil íosta sin, *inter alia*, trí théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil.

▼M2

Maidir le foirgnimh atá ann cheana, beidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na fórsaí armtha sa mhéid nach mbeidh cur i bhfeidhm na fomhíre sin ar neamhréir le nádúr ná le príomhchuspóir ghníomhaíochtaí na bhfórsaí armtha, agus sa mhéid sin amháin, cé is moite d'ábhar a úsáidtear go heisiach chun críoch míleata.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag foirgnimh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ról eiseamláireach maidir leis an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite a úsáidtear, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2010/31/AE agus Airteagal 5 de Threoir 2012/27/AE. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt an oibleagáid sin a chomhlíonadh, *inter alia*, trína fhoráil go n-úsáidfidh tríú páirtithe díonta foirgneamh poiblí nó díonta foirgneamh príobháideach poiblí i gcomhair suiteálacha lena dtáirgtear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

5. I gcás ina meastar é a bheith ábhartha, féadfaidh na Ballstáit comhar idir údaráis áitiúla agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn in earnáil na tógála, go háirithe tríd an soláthar poiblí a úsáid.

6. Chun an sciar táscach d'fhuinneamh in-athnuaite dá bhforáiltear i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh téimh agus fuaraithe in-athnuaite a chur chun cinn, agus féadfaidh siad teicneolaíocht nuálach a chur chun cinn, amhail córais agus trealamh cliste leictrithe téimh agus fuaraithe atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, arna gcomhlánú, i gcás inarb infheidhme, le bainistiú cliste ar thomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht iomchuí, lena n-áirítear lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369, teastais feidhmíochta fuinnimh a bhunaítear de bhun Airteagal 11 de Threoir 2010/31/AE, agus teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí malartacha in-athnuaite atá an-éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de agus maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus chun athrú méadaithe chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn.

Airteagal 15b

Mapáil ar na limistéir is gá maidir le rannchuidithe náisiúnta i dtreo sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite do 2030

1. Faoin 21 Bealtaine 2025, déanfaidh na Ballstáit mapáil chomhordaithe chun fuinneamh in-athnuaite a imscaradh ar a gcríoch chun sainaithint a dhéanamh ar an acmhainneacht intíre agus na limistéir dromchla talún, fodhromchla, farraige nó uisce intíre atá ar fáil is gá chun gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar a bhaineann leo a shuiteáil, amhail saoráidí eangaí agus saoráidí stórála, lena n-áirítear stóráil theirmeach, a theastaíonn chun a rannchuidithe náisiúnta i dtreo sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite do 2030 a leagtar síos in Airteagal 3(1) den Treoir seo a chomhlíonadh ar a laghad. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit na doiciméid pleanála spásúla nó na pleananna pleanála spásúla atá acu cheana a úsáid nó féadfaidh siad cur leo, lena n-áirítear pleananna spásúla muirí a cuireadh

▼M2

ar bun de bhun Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Áiritheoidh na Ballstáit comhordú i measc na n-údarás agus na n-eintiteas ábhartha náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear oibreoirí gréasáin, maidir le mapáil na limistéar is gá, i gcás inarb iomchuí.

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil limistéir den sórt sin, lena n-áirítear na gléasraí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana agus na sásraí comhair atá ann cheana, comhchuimseach leis na conairí measta agus an toilleadh iomlán suiteáilte atá beartaithe ag teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite a leagtar amach ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.

2. Chun na limistéir dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint, cuirfidh na Ballstáit an méid a leanas go háirithe san áireamh:

(a) infhaighteacht an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus an acmhainneacht atá ag na cineálacha éagsúla teicneolaíochta sna limistéir dromchla talún, fodhromchla, farraige nó uisce intíre fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh;

(b) an t-éileamh réamh-mheasta ar fhuinneamh, agus solúbthacht fhéideartha na freagartha gníomhaí ar an éileamh, na gnóthachain éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil leo agus comhtháthú an chórais fuinnimh á gcur san áireamh;

(c) infhaighteacht an bhonneagair fuinnimh ábhartha, lena n-áirítear eangacha, stóráil agus uirlisí solúbthachta eile nó an acmhainneacht maidir le bonneagar eangaí agus stóráil den sórt sin a chruthú nó a uasghrádú;

3. Tabharfaidh na Ballstáit tús áite d'ilúsáidí na limistéar dá dtagraítear i mír 1. Beidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite comhoiriúnach leis na húsáidí arna mbaint as na limistéir sin cheana féin.

4. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú go tráthrialta agus, i gcás inar gá, nuashonrú go tráthrialta ar na limistéir dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go háirithe i gcomhthéacs na nuashonruithe ar a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.

Airteagal 15c

Limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite

1. Faoin 21 Feabhra 2026, áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh na húdaráis inniúla plean amháin nó níos mó lena n-ainmnítear, mar fhothacar de na limistéir dá dtagraítear in Airteagal 15b(1), limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite le haghaidh cineál foinsí fuinnimh in-athnuaite amháin nó níos mó. Féadfaidh na Ballstáit gléasraí dócháin bithmhaise agus gléasraí hidreachumhachta a eisiamh. Sna pleananna sin, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) limistéir talún, uisce intíre agus farraige atá sách aonfhoirmeach a ainmniú, ar limistéir iad a meastar nach mbeidh tionchar mór ag imscaradh cineáil shonraigh nó cineálacha sonracha foinsí fuinnimh in-athnuaite ar an gcomhshaol iontu, i bhfianaise shainiúlachtaí an limistéir a roghnaítear, agus an méid seo a leanas á dhéanamh san am céanna:

([1]) Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí (IO L 257, 28.8.2014, lch. 135).

▼M2

(i) tosaíocht a thabhairt do dhromchlaí saorga agus tógtha, amhail díonta agus aghaidheanna foirgneamh, bonneagar iompair agus a bhfuil go díreach thart orthu, limistéir pháirceála, feirmeacha, láithreáin dramhaíola, láithreáin tionscail, mianaigh, dobharlaigh shaorga intíre, lochanna saorga nó taiscumair shaorga agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin cóireála fuíolluisce uirbigh, mar aon le talamh díghrádaithe nach bhfuil inúsáidte don talmhaíocht;

(ii) eisiamh a dhéanamh ar láithreáin Natura 2000 agus limistéir arna n-ainmniú faoi scéimeanna náisiúnta cosanta le haghaidh chaomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta, príomhbhealaigh imirce éan agus mamach farraige chomh maith le limistéir eile a shainaithnítear ar bhonn mapaí íogaireachta agus na n-uirlisí dá dtagraítear i bpointe (iii), seachas le haghaidh dromchlaí saorga agus tógtha atá lonnaithe sna limistéir sin amhail díonta, limistéir pháirceála nó bonneagar iompair;

(iii) na huirlisí agus na tacair sonraí iomchuí comhréireacha uile a úsáid chun na limistéir a shainaithint nach mbeadh tionchar suntasach ag na gléasraí fuinnimh in-athnuaite ar an gcomhshaol iontu, lena n-áirítear mapáil íogaireachta fiadhúlra, agus aird á tabhairt ar na sonraí atá ar fáil i gcomhthéacs líonra comhsheasmhach Natura 2000 a fhorbairt, a mhéid a bhaineann leis na cineálacha gnáthóg agus na speicis faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ([1]), chomh maith leis na héin agus na láithreáin atá faoi chosaint faoi Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(b) rialacha iomchuí a bhunú le haghaidh na limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite maidir leis na bearta éifeachtacha maolaithe atá le glacadh i dtaca le gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh chomhshuite a shuiteáil, mar aon leis na sócmhainní is gá chun gléasraí agus stóráil den sórt sin a nascadh leis an eangach, chun an drochthionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sheachaint nó, mura féidir é sin a dhéanamh, chun é a laghdú go suntasach, i gcás inarb iomchuí trína áirithiú go gcuirtear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus go tráthúil chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 6(2) agus Airteagal 12(1) de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 5 de Threoir 2009/147/CEE agus Airteagal 4(1), pointe (a)(i), de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus chun meathlú a sheachaint agus stádas maith éiceolaíoch nó acmhainneacht mhaith éiceolaíoch a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2000/60/CE.

Díreofar na rialacha dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír ar shainiúlachtaí gach limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite shainaitheanta, ar an gcineál nó na cineálacha teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite atá le himscaradh i ngach limistéar agus ar an tionchar sainaitheanta ar an gcomhshaol.

([1]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

([2]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

([3]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

▼M2

Mar thoradh ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo agus cur chun feidhme na mbeart maolaithe iomchuí ag na tionscadail aonair, toimhdeofar nach sáraíonn tionscadail na forálacha sin gan dochar d'Airteagal 16a(4) agus (5) den Treoir seo. I gcás nach ndearnadh tástáil fhorleathan ar bhearta maolaithe nua chun cosc a chur, a mhéid is féidir, ar mharú nó corraí speiceas atá faoi chosaint faoi Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE, nó ar aon tionchar eile ar an gcomhshaol, a mhéid a bhaineann le héifeachtacht na mbeart nua sin, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go n-úsáidfear iad i dtionscadal píolótach amháin nó i roinnt tionscadal píolótach ar feadh tréimhse theoranta ama, ar choinníoll go ndéantar faireachán géar ar éifeachtacht beart den sórt sin agus go nglactar céimeanna iomchuí láithreach má léirítear nach bhfuil siad éifeachtach.

Sna pleananna lena n-ainmnítear limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite dá dtagraítear sa chéad fhomhír, míneoidh na húdaráis inniúla an measúnú a rinneadh chun gach limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite ainmnithe a shainaithint ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír agus chun bearta maolaithe iomchuí a shainaithint.

2. Sula nglactar iad, beidh na pleananna lena n-ainmnítear limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite faoi réir measúnú comhshaoil de bhun Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus, más dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar láithreáin Natura 2000, beidh na pleananna faoi réir an mheasúnaithe iomchuí de bhun Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE.

3. Cinnfidh na Ballstáit méid na limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite, i bhfianaise shainiúlachtaí agus riachtanais an chineáil nó na gcineálacha teicneolaíochta ar cuireadh na limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite ar bun ina leith. Agus rogha á coinneáil acu cinneadh a dhéanamh maidir le méid na limistéar sin, beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit a áirithiú go bhfuil méid comhiomlán na limistéar sin suntasach agus go rannchuidíonn siad leis na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir seo a bhaint amach. Cuirfear na pleananna lena n-ainmnítear limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, den Airteagal seo ar fáil go poiblí agus déanfar athbhreithniú orthu go tréimhsiúil, de réir mar is iomchuí, go háirithe i gcomhthéacs nuashonrú na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.

4. Faoin 21 Bealtaine 2024, maidir le limistéir shonracha a ainmníodh cheana féin mar limistéir atá oiriúnach le haghaidh imscaradh luathaithe cineáil teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite amháin nó níos mó, féadfaidh na Ballstáit limistéir shonracha den sórt sin a dhearbhú mar limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá limistéir den sórt sin lasmuigh de láithreáin Natura 2000, limistéir arna n-ainmniú faoi scéimeanna cosanta náisiúnta le haghaidh chaomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta agus bealaí imirce éan sainaitheanta;

([1]) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

▼M2

(b) bhí na pleananna lena sainaithnítear limistéir den sórt sin faoi réir measúnú straitéiseach comhshaoil de bhun Threoir 2001/42/CE agus, i gcás inarb iomchuí, faoi réir measúnú de bhun Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE; agus

(c) cuireann na tionscadail atá lonnaithe i limistéir den sórt sin rialacha agus bearta iomchuí agus comhréireacha chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an drochthionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla an nós imeachta um dheonú ceadanna agus na sprioc-amanna dá dtagraítear in Airteagal 16a i bhfeidhm maidir le tionscadail aonair i limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite.

Airteagal 15d

Rannpháirtíocht an phobail

1. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht an phobail maidir leis na pleananna lena n-ainmnítear limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 15c(1), an chéad fhomhír, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2001/42/CE, lena n-áirítear an pobal a ndéantar difear dó nó ar dócha go ndéanfar difear dó a shainaithint.

2. Déanfaidh na Ballstáit glacadh an phobail le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn trí bhíthin rannpháirtíocht dhíreach agus indíreach na bpobal áitiúil sna tionscadail sin.

Airteagal 15e

Limistéir don bhonneagar eangaí agus stórála is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais

1. Féadfaidh na Ballstáit plean amháin nó níos mó a ghlacadh chun limistéir thiomnaithe bhonneagair a ainmniú chun tionscadail eangaí agus stórála a fhorbairt a bhfuil gá leo chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais i gcás nach meastar go mbeidh tionchar suntasacha ag forbairt den sórt sin ar an gcomhshaol, inar féidir tionchar den sórt sin a mhaolú go cuí nó, i gcás nach féidir, é a chúiteamh. Is é is aidhm do limistéir den sórt sin tacú leis na limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus iad a chomhlánú. Maidir leis na pleananna sin:

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar oibreoirí córais tarchurtha agus, má tá na sonraí ar fáil dóibh, ar oibreoirí córas dáileacháin ina gcríoch sonraí a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas a sholáthraítear i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir in eatraimh ama atá ar cóimhéid le minicíocht socraíochta an mhargaidh ach nach mó ná aon uair an chloig amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil rochtain ag oibreoirí córas dáileacháin ar na sonraí is gá. Mura bhfuil rochtain ag oibreoirí córas dáileacháin, de bhun an dlí náisiúnta, ar na sonraí uile is gá, cuirfidh siad an córas tuairiscithe sonraí atá ann cheana faoin Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais i bhfeidhm, i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2019/944. Cuirfidh na Ballstáit dreasachtaí ar fáil le haghaidh uasghráduithe ar eangacha cliste chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar chothromaíocht na heangaí agus chun sonraí fíor-ama a chur ar fáil.

Má tá siad ar fáil go teicniúil, cuirfidh oibreoirí córas dáileacháin sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe ar fáil freisin maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh agus maidir leis an leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint agus arna instealladh isteach san eangach ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite.

2. Cuirfear na sonraí dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go digiteach ar bhealach lena n-áirithítear idir-inoibritheacht ar bhonn formáidí comh-chuibhithe sonraí agus ar bhonn tacair sonraí chaighdeánaithe ionas gur féidir le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, comhbhailitheoirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh iad a úsáid ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, agus gur féidir le feistí cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha, córais téimh agus fuaraithe agus córais bainistíochta fuinnimh foirgneamh iad a léamh.

3. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1542, áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh monaróirí ceallraí baile agus ceallraí tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach maidir leis an gcóras bainistithe ceallraí, lena n-áirítear toilleadh ceallraí, staid sláinte, staid luchta agus pointe socraithe cumhachta, d'úinéirí agus úsáideoirí ceallraí, chomh maith le tríú páirtithe atá ag gníomhú, le toiliú sainráite, thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail gnóthais bainistíochta fuinnimh foirgneamh agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, gan aon chostas agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí.

Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a chur de cheangal ar mhonaróirí feithicle sonraí infheithicle a chur ar fáil, i bhfíor-am, ar sonraí iad a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchta ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra, toilleadh ceallra, agus, i gcás inarb iomchuí, suíomh feithiclí leictreacha, le húinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe atá ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais agus soláthraithe seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas, i gcomhréir leis na

▼M2

rialacha maidir le cosaint sonraí, agus sa bhreis ar cheanglais bhreise maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

4. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1804, áiritheoidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla ainmnithe gur féidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nua agus pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ionadaithe nach bhfuil inrochtana go poiblí atá suiteáilte ar a gcríoch tacú le feidhmiúlachtaí athluchtaithe chliste agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhéadan le córais méadraithe chliste, nuair atá siad imscartha ag na Ballstáit, agus le feidhmiúlachtaí athluchtaithe dhéthreoch i gcomhréir le ceanglais Airteagal 15(3) agus (4) den Rialachán sin.

5. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/943 agus Treoir (AE) 2019/944, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar leis an gcreat rialála náisiúnta do chórais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí baile agus feithiclí leictreacha agus foinsí fuinnimh beaga dílárathe eile a bheith rannpháirteach sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus soláthar seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin, lena n-áirítear trí chomhiomlánú. Chuige sin, bunóidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh agus leis na húdaráis rialála uile, ceanglais theicniúla maidir le rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, ar bhonn shaintréithe teicniúla na gcóras sin.

Cuirfidh na Ballstáit cothrom iomaíochta sna margaí leictreachais ar fáil do shócmhainní fuinnimh beaga díláraithe nó córais mhóibíleacha agus áiritheoidh siad rannpháirtíocht neamh-idirdhealaitheach sna margaí leictreachais dóibh.

▼B

Airteagal 21

Féintomhaltóirí fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tomhaltóirí i dteideal iompú ina féintomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄, faoi réir an Airteagail seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh féintomhaltóirí an fhuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄, ina n-aonair nó trí chomhbhailitheoirí, i dteideal an mhéid seo a leanas a dhéanamh:

(a) fuinneamh ►C3 in-athnuaite ◄ a ghiniúint, lena n-áirítear dá dtomhaltas féin, nó a rótháirgeadh den leictreachais ►C3 in-athnuaite ◄ sin a stóráil agus a dhíol, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannacháin cumhachta ►C3 in-athnuaite ◄, trí sholáthróirí leictreachais agus trí shocruithe trádála idir piaraí, gan a bheith faoi réir an mhéid seo a leanas:

(i) sa mhéid a bhaineann leis an leictreachas a thomhlaíonn siad ón eangach nó a chuireann siad isteach sna eangach, nósanna imeachta agus muirir idirdhealaithe nó díréireacha agus muirir ghréasáin nach léiriú ar na costais iad;

([1]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

▼B

(ii) Sa mhéid a bhaineann le leictreachas ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ féinghinte a fhanann ar a n-áitribh, nósanna imeachta idirdhealaithe nó díréireacha agus aon mhuirear nó táille;

(b) córais stórála leictreachais a shuiteáil agus a oibriú in éineacht le suiteálacha lena ngintear leictreachas ►C3 in-athnuaite ◄ le haghaidh féintomhailt gan dliteanas i ndáil le haon mhuirear dúbailte, lena n-áirítear muirir ghréasáin le haghaidh leictreachais stóráilte a fhanann ar a n-áitribh;

(c) a gcearta agus a n-oibleagáidí mar thomhaltóirí deiridh a choimeád;

(d) luach saothair a fháil, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme, trí scéimeanna tacaíochta, don leictreachas ►C3 in-athnuaite ◄ féinghinte a chuirfidh siad isteach san eangach lena léirítear luach margaidh an leictreachais sin agus lenar féidir a luach fadtéarmach maidir leis an eangach, an comhshaol agus an tsochaí a chur san áireamh.

3. Is féidir leis na Ballstáit muirir agus táillí neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha a fheidhmiú i gcás féintomhaltóirí, i ndáil lena leictreachas ►C3 in-athnuaite ◄ féinghinte a fhanann ar a n-áitribh i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina dtacaítear go héifeachtach leis an leictreachas ►C3 in-athnuaite ◄ féin-ghinte trí scéimeanna tacaíochta, ach amháin sa mhéid nach mbaintear an bonn de mharthanacht eacnamaíoch an tionscadail ná d'éifeacht dreasachta na tacaíochta sin;

(b) ón 1 Nollaig 2026, má tá an sciar foriomlán de shuiteálacha féinthomhaltais os cionn 8 % d'acmhainn iomlán leictreachais suiteáilte Ballstáit, agus má léirítear é, trí anailís costais-tairbhe a dhéanann údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit sin, a dhéantar trí phróiseas oscailte, trédhearcach agus rannpháirteach, go mbeidh ualach suntasach díréireach ar inbhuanaitheacht airgeadais fadtéarmach córais leictreachais mar thoradh ar an bhforáil a leagtar amach i bpointe (a) (ii) de mhír 2 nó go gcruthaítear dreasacht leis an bhforáil sin lena sáraítear an méid a bhfuil gá leis go hoibiachtúil chun imscaradh costéifeachtach fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ a bhaint amach, agus nach bhféadfaí an tionchar sin a íoslaghdú trí ghníomhaíochtaí réasúnacha eile a dhéanamh; nó

(c) más rud é go dtáirgtear an leictreachas ►C3 in-athnuaite ◄ féinghinte i suiteálacha ina bhfuil acmhainn iomlán suiteáilte os cionn 30 kW.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh féintomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄ atá lonnaithe san fhoirgneamh céanna, bloic il-árasáin san áireamh, i dteideal dul i mbun na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 go comhpháirteach agus go mbeidh sé de chead acu an fuinneamh ►C3 in-athnuaite ◄ a tháirgtear ar a suíomh nó ar a suíomhanna a chomhroinnt eatarthu féin, gan dochar do na muirir ghreasáinagus do mhuirir, do tháillí, do thobhaigh agus do chánacha ábhartha eile más infheidhme i gcás gach féintomhaltóir ►C3 in-athnuaite ◄ . Féadfaidh na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir féintomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄ agus féintomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄ a ghníomhaíonn go comhpháirteach. Féadfaidh na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir féin-thomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄ aonair agus féin-thomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄ a ghníomhaíonn go chomhpáirteach. Má chaitear ar bhealach éagsúil le tomhaltóirí atá rannpháirteach i bhféintomhaltas comhpháirteach, déanfar sin ar bhealach comhréireach a bhfuil bonn cirt cuí leis an méid sin.

▼B

5. Más rud é go bhfanann suiteáil ►C3 in-athnuaite ◄ an fhéin-thomhaltóra fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ faoi réir treoracha an fhéin-thomhaltóra fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄, ar choinníoll go leanfaidh sé de bheith faoi úinéireacht tríú páirtí nó á bhainistiú ag tríú páirtí i dtaca le suiteáil, oibriú, lena n-áirítear méadrú, agus i dtaca le cothabháil. Ní mheasfar gur ►C3 féintomhaltóir fuinnimh in-athnuaite ◄ an tríú páirtí féin.

6. Cuirfidh na Ballstáit creat cumasúcháin ar bun chun forbairt an fhéintomhaltais fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ a chur chun cinn agus a éascú bunaithe ar mheasúnú ar na bacainní gan údar atá ann agus ar acmhainneacht an fhéintomhaltais fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ ar a gcríocha agus ina ngréasáin fuinnimh. Déanfar an méid seo a leanas leis an gcreat cumasúcháin, *inter alia*:

(a) aghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht an fhéintomhaltais fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ do na custaiméirí deiridh uile, lena n-áirítear iad siúd atá i dteaghlaigh íseal-ioncaim íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha;

(b) aghaidh a thabhairt ar bhacainní gan údar maidir le tionscadail sa mhargadh a mhaoiniú agus ar bhearta chun rochtain ar airgeadas a éascú;

(c) ►C3 aghaidh a thabhairt ar bhacainní rialála eile gan údar a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite, tionóntaí san áireamh; ◄

(d) aghaidh a thabhairt ar dhreasachtaí atá ar fáil d'úinéirí na bhfoirgneamh chun deiseanna a chruthú d'fhéintomhaltas fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄, tionóntaí san áireamh;

(e) i dtaca leis an leictreachas ►C3 in-athnuaite ◄ féinghinte a chuireann féintomhaltóirí fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ isteach san eangach, rochtain neamh-idirdhealaitheach a thabhairt do na féintomhaltóirí ►C3 in-athnuaite ◄ sin ar na scéimeanna tacaíochta ábhartha atá ann agus ar na deighleoga margaidh leictreachais ar fad;

(f) a áirithiú go gcuireann féintomhaltóirí fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ ar bhealach leordhóthanach cothrom le cionroinnt fhoriomlán chostas an chórais nuair a chuirtear leictreachas isteach san eangach.

Cuirfidh na Ballstáit achoimre ar bhearta agus ar bheartais faoin gcreat cumasúcháin agus measúnú ar chur chun feidhme na mbeart agus na mbeartas sin faoi seach ina bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide agus sna tuarascálacha ar dhul chun cinn a ghabhfaidh leo de bhun Rialachán (AE) 2018/1999.

7. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE.

Airteagal 22

Comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na custaiméirí deiridh, go háirithe custaiméirí teaghlaigh, i dteideal a bheith rannpháirteach i gcomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ agus a gcearta nó a n-oibleagáidí mar chustaiméirí deiridh a choimeád, agus gan iad a bheith faoi réir coinníollacha nó nósanna imeachta gan údar nó idirdhealaitheacha lena gcuirfí cosc ar a rannpháirtíocht i gcomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄, ar choinníoll, i gcás gnóthais phríobháideacha, nach ionann a rannpháirtíocht agus an phríomhghníomhaíocht tráchtála nó ghairmiúil acu.

▼B

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhphobail ►C3 in-athnuaite ◄ fuinnimh i dteideal an méid seo a leanas:

(a) fuinneamh ►C3 in-athnuaite ◄ a tháirgeadh, a thomhailt, a stóráil agus a dhíol, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannacháin cumhachta ►C3 in-athnuaite ◄;

(b) fuinneamh ►C3 in-athnuaite ◄ a roinnt laistigh den chomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ ina dtáirgtear na haonaid táirgthe ar leis an comhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ sin iad, faoi réir fhorálacha an Airteagail seo agus cearta agus oibleagáidí chomhaltaí an chomhphobail mar thomhaltóirí á gcoimeád;

(c) rochtain a fháil ar na margaí fuinnimh uile atá oiriúnach go díreach agus go comhiomlánach ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ar aon.

3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an bacainní atá ann cheana agus ar acmhainneacht forbartha na gcomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ ina gcríocha.

4. Cuirfidh na Ballstáit creat cumasúcháin ar fáil chun forbairt na gcomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ sin a chur chun cinn agus a éascú. Áiritheofar an méid seo a leanas, *inter alia*, leis an gcreat sin:

(a) go mbainfear na bacainní gan údar rialála agus riaracháin maidir le comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄;

(b) go mbeidh na comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ a sholáthraíonn fuinneamh nó a chuireann seirbhísí comhiomlánaithe nó seirbhísí fuinnimh tráchtála eile ar fáil, faoi réir forálacha a bheidh ábhartha do ghníomhaíochtaí den chineál sin;

(c) go gcomhoibreoidh an t-oibreoir córais dáileacháin ábhartha leis na comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ chun aistrithe fuinnimh a éascú idir na comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄;

(d) go mbeidh na comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ faoi réir nósanna imeachta cothroma, comhréireacha agus trédhearcacha, lena n-áirítear clárú agus nósanna imeachta ceadúnaithe, agus muirir ghréasáin ar léiriú ar na costais iad, chomh maith leis na tobhaigh agus na muirir ábhartha, lena n-áirithítear go gcuireann siad ar bhealach leordhóthanach, cóir agus cothrom le cionroinnt fhoriomlán chostas an chórais i gcomhréir le hanailís thrédhearcach costais is tairbhe ar na foinsí fuinnimh leithdháilte arna bhforbairt ag na húdaráis inniúla náisiúnta;

(e) nacho gcaitear le comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ ar bhealach idirdhealaitheach sa mhéid a bhaineann lena ngníomhaíochtaí, a gcearta agus a n-oibleagáidí mar chustaiméirí deiridh, mar tháirgeoirí, mar sholáthróirí, mar oibreoirí córas dáileacháin nó mar rannpháirtithe eile sa mhargadh;

(f) gur féidir le gach tomhaltóir a bheith rannpháirteach sna comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄, lena n-áirítear tomhaltóirí ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha;

(g) go mbeidh uirlisí ar fáil chun rochtain ar mhaoiniú agus ar fhaisnéis a éascú;

(h) go gcuirfear tacaíocht rialála agus fothaithe acmhainní ar fáil do na húdaráis phoiblí agus comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ á gcumasú agus á mbunú acu, agus chun cabhrú leis na húdaráis a bheith rannpháirteach go díreach;

▼B

(i) go bhfuil rialacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcaithfear ar bhealach cothrom neamh-idirdhealaitheach le tomhaltóirí a bhíonn rannpháirteach sa chomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄.

5. Beidh príomhphrionsabail an chreata cumasúcháin dá dtagraítear i mír 4, agus príomhphrionsabail a chur chun feidhme mar chuid de na nuashonraithe ar phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus turascálacha dhul chun cinn na mBallstát faoi Rialachán (AE) 2018/1999.

6. Is féidir leis na Ballstáit a fhoráil le go mbeidh na comhphobail fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ oscailte do rannpháirtíocht trasteorann.

7. Gan dochar d'Airteagal 107 agus d'Airteagal 108 CFAE, cuirfidh na Ballstáit sainiúlachtaí na gcomhphobal fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ san áireamh agus scéimeanna tacaíochta á gceapadh acu, chun go mbeidh siad in ann dul san iomaíocht le haghaidh tacaíochta agus iad ar chomhchéim le rannpháirtithe eile sa mhargadh.

▼M2

Airteagal 22a

Príomhshruthú a dhéanamh ar an bhfuinneamh in-athnuaite sa tionsclaíocht

1. Maidir le sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh in earnáil na tionsclaíochta, féachfaidh na Ballstáit le méadú táscach 1,6 pointe céatadáin ar a laghad a chur leis mar mheánmhéid bliantúil arna ríomh le haghaidh na dtréimhsí 2021 go 2025 agus 2026 go 2030.

Féadfaidh na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh faoi chomhair na meánmhéaduithe bliantúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír, suas le teorainn 0,4 pointe céatadáin, ar choinníoll gur ó théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a sholáthraítear an dramhtheas sin agus an dramhfhuacht sin, cé is moite de ghréasáin nach soláthraíonn teas ach d'fhoirgneamh amháin nó i gcás ina dtomhlaítear an fuinneamh teirmeach ar fad ar an láthair agus ar an láthair sin amháin agus i gcás nach ndíoltar an fuinneamh teirmeach. Má chinneann siad déanamh amhlaidh, cuirfear, leis an meánmhéadú bliantúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, leath na bpointí céatadáin dramhtheasa agus dramhfhuachta a áiríodh.

Áireoidh na Ballstáit na beartais agus na bearta a bheartaítear agus a ghlactar chun méadú táscach den sórt sin a bhaint amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin.

Nuair a mheastar gur rogha chostéifeachtach é an leictriú, déanfar leictriú na bpróiseas tionsclaíoch, ar leictriú é atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite, a chur chun cinn leis na beartais agus bearta sin. Leis na beartais agus bearta sin, féachfar le dáil fhabhrach a chruthú sa mhargadh d'infhaighteacht roghanna malartacha fuinnimh in-athnuaite atá inmharthana go heacnamaíoch agus indéanta go teicniúil chun dul in ionad breoslaí iontaise a úsáidtear le haghaidh téamh tionsclaíoch agus é mar aidhm leis sin laghdú a dhéanamh ar úsáid breoslaí iontaise a úsáidtear le haghaidh téamh ina bhfuil an teocht faoi bhun 200 °C. Agus na beartais agus bearta sin á nglacadh acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, an éifeachtacht agus an t-iomaíochas idirnáisiúnta agus an gá dul i ngleic le bacainní rialála, riaracháin agus eacnamaíocha.

▼M2

Áiritheoidh na Ballstáit gur 42 % ar a laghad den hidrigin a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh sa tionsclaíocht a bheidh i gcion na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh faoi 2030, agus gur 60 % den hidrigin sin a bheidh sa chion sin faoi 2035. Chun an céatadán sin a ríomh, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) chun an t-ainmneoir a ríomh, cuirfear san áireamh an luach fuinnimh hidrigine chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas na nithe seo a leanas:

(i) hidrigin a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh;

(ii) hidrigin a tháirgtear trí ghás iarmharach tionsclaíoch a dhícharbónú agus a úsáidtear chun an gás sonrach óna dtáirgtear í a ionadú;

(iii) hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge nó a dhíorthaítear ó sheachtháirgí i suiteálacha tionsclaíocha;

(b) chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a thomhlaítear in earnáil na tionsclaíochta chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh;

(c) chun an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir a ríomh, úsáidfear na luachanna a bhaineann le luach fuinnimh breoslaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Chun críocha phointe (c) den chúigiú fomhír den mhír seo, chun luach fuinnimh breoslaí nach n-áirítear in Iarscríbhinn III a chinneadh, úsáidfidh na Ballstáit na caighdeáin Eorpacha ábhartha chun luachanna calracha breoslaí a chinneadh, nó i gcás nár glacadh aon chaighdeán Eorpach chun na críche sin, úsáidfidh siad na caighdeáin ábhartha ISO.

2. Déanfaidh na Ballstáit scéimeanna lipéadaithe deonacha a chur chun cinn do tháirgí tionsclaíocha a maítear go dtáirgtear iad le fuinneamh in-athnuaite agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch. Léireofar le scéimeanna lipéadaithe deonacha den sórt sin céatadán an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear nó céatadán na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear ag an gcéim a bhaineann leis an mbunábhar a fháil, a réamhphróiseáil, a mhonarú agus a dháileadh, arna ríomh ar bhonn na modheolaíochtaí a leagtar síos i Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún ([1]) nó in ISO 14067:2018.

([1]) Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl (IO L 471, 30.12.2021, lch. 1).

▼M2

3. An méid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a bhfuil súil ag na Ballstáit iad a allmhairiú agus a onnmhairiú, déanfaidh siad é a thuairisciú ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Ar bhonn an tuairiscithe sin, forbróidh an Coimisiún straitéis de chuid an Aontais maidir le hidrigin allmhairithe agus intíre agus é mar aidhm léi an margadh Eorpach hidrigine agus táirgeadh hidrigine intíre a chur chun cinn laistigh den Aontas, ag tacú le cur chun feidhme na Treorach seo agus le baint amach na spriocanna a leagtar síos anseo, agus aird chuí á tabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais san fhuinneamh agus ar chothrom iomaíochta sa mhargadh domhanda hidrigine. Ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin, léireoidh na Ballstáit an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu rannchuidiú leis an straitéis sin.

Airteagal 22b

Coinníollacha chun an sprioc maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch in earnáil na tionsclaíochta a laghdú

1. Féadfaidh Ballstát cion na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 22a(1), an cúigiú fomhír, a laghdú 20 % in 2030, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá an Ballstát sin ar an mbóthar ceart i dtreo a rannchuidithe náisiúnta le sprioc cheangailteach fhoriomlán an Aontais a leagtar síos in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, atá coibhéiseach ar a laghad lena rannchuidiú náisiúnta a bhfuiltear ag dréim leis i gcomhréir leis an bhfoirmle dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999; agus

(b) is mó ná 23 % in 2030 agus ní mó ná 20 % in 2035 an sciar hidrigine, nó a díorthaigh, a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise a thomhlaítear sa Bhallstát sin.

I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha sin, scoirfidh an laghdú dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'fheidhm a bheith aige.

2. I gcás ina gcuireann Ballstát an laghdú dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith sin, in éineacht lena phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus mar chuid dá thuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Áireofar san fhógra faisnéis faoin sciar nuashonraithe de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus na sonraí ábhartha uile chun a léiriú gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an staid sna Ballstáit a bhaineann tairbhe as laghdú d'fhonn comhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a) agus (b) a fhíorú.

▼B

Airteagal 23

Príomhshruthú a dhéanamh ar an bhfuinneamh ►C3 in-athnuaite ◄ i dtéamh agus i bhfuarú

▼M2

1. Chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, déanfaidh gach Ballstát an sciar fuinnimh in-athnuaite san earnáil sin a mhéadú 0,8 pointe céatadáin ar a laghad mar mheán bliantúil arna ríomh don tréimhse 2021 go 2025 agus 1,1 pointe céatadáin ar a laghad mar mheán bliantúil arna ríomh don tréimhse 2026 go 2030, ag tosú ó sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe in 2020, méadú a shloinntear i dtéarmaí an sciar náisiúnta den olltomhaltas deiridh fuinnimh agus a ríomhtar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7.

Féadfaidh na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh faoi chomhair na meánmhéaduithe bliantúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír, suas le teorainn 0,4 pointe céatadáin. Má chinneann siad déanamh amhlaidh, cuirfear, leis an meánmhéadú bliantúil, leath na bpointí céatadáin dramhtheasa agus dramhfhuachta a áirítear go huasteorainn de 1,0 pointe céatadáin don tréimhse 2021 go 2025 agus de 1,3 pointe céatadáin don tréimhse 2026 go 2030.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin rún atá acu dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh agus faoin méid measta ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. De bhreis ar na híosmhéaduithe bliantúla sna pointe céatadáin dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féachfaidh gach Ballstát le sciar an fhuinnimh in-athnuaite ina earnáil téimh agus fuaraithe a mhéadú de réir na bpointí céatadáin táscacha breise a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Treoir seo.

Féadfaidh na Ballstáit leictreachas in-athnuaite a úsáidtear do théamh agus d'fhuarú a áireamh faoi chomhair an mheánmhéadaithe bhliantúil a leagtar amach sa chéad fhomhír, suas go teorainn 0,4 pointe céatadáin, ar choinníoll go bhfuil éifeachtúlacht an aonaid gineadóra teasa agus fuachta níos airde ná 100 %. Má chinneann siad déanamh amhlaidh, cuirfear, leis an meánmhéadú bliantúil, leath an leictreachais in-athnuaite sin arna shloinneadh i bpointí céatadáin go huasteorainn 1,0 pointe céatadáin don tréimhse 2021 go 2025 agus go huasteorainn 1,3 pointe céatadáin don tréimhse 2026 go 2030.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin rún atá acu leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ó ghineadóirí teasa agus fuachta arb airde a n-éifeachtúlacht ná 100 % a áireamh faoi chomhair an mhéadaithe bhliantúil a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit acmhainneachtaí measta leictreachais in-athnuaite na n-aonad gineadóra teasa agus fuachta arb airde a n-éifeachtúlacht ná 100 % a áireamh ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. Déanfaidh na Ballstáit an méid leictreachais in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ó aonaid gineadóra teasa agus fuachta arb airde a n-éifeachtúlacht ná 100 % a áireamh ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin.

▼M2

1a. Chun an sciar den leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú a ríomh chun críocha mhír 1, úsáidfidh na Ballstáit meánsciar an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear ina gcríoch sa 2 bhliain roimhe sin.

1b. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-imscaradh a bhfuil riosca íseal éiceolaíoch ag baint leo agus ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag. Sa mheasúnú sin, breithneofar teicneolaíocht atá ar fáil agus indéanta go heacnamaíoch le haghaidh úsáidí tionsclaíocha agus baile chun garspriocanna agus bearta a leagan amach chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i dtéamh agus fuarú agus, i gcás inarb iomchuí, chun úsáid an dramhtheasa agus na dramhfhuachta a mhéadú trí théamh agus fuarú ceantair d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an truailliú aeir a eascraíonn as téamh agus fuarú a laghdú. Beidh an measúnú sin i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, agus gabhfaidh an measúnú sin leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus fuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.

▼B

2. ►M2 Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, agus a sciar fuinnimh in-athnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe agus a mheánmhéadú bliantúil á ríomh i gcomhréir leis an mír sin, lena n-áirítear an méadú táscach breise a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia, maidir le gach Ballstát: ◄

▼M2

_____

▼B

(b) nuair a a bhfuil a sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ san earnáil téimh agus agus fuaraithe os cionn 60 %, féadfaidh siad aon sciar mar sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánardú bliantúil;

(c) nuair a bhfuil a sciar fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ i dtéamh agus i bhfuarú os cionn 50 % agus suas le 60 %, féadfaidh siad aon sciar mar sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánardú bliantúil.

Féadfaidh na Ballstáit costéifeachtacht a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu ar bhearta chun foinsí ►C3 in-athnuaite ◄ fuinnimh a imscaradh san earnáil téimh agus fuaraithe, ar bhealach ina léireofar na bacainní struchtúracha a bhaineann leis an sciar ard gáis nádúrtha, an bonneagar fuaraithe nó leis an struchtúr lonnaíochta scaipthe ina bhfuil dlús daonra íseal.

I gcás ina mbeadh an meánardú bliantúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo níos ísle mar thoradh ar na bearta sin, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin ar fáil don phobal, trí bhíthin, cuir i gcás, a dtuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn maidir le fuinneamh agus aeráid náisiúnta comhtháite de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus tabharfaidh sé údar cuí ina mbeidh rogha bearta dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo don Choimisiún.

▼M2

Go háirithe, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil d'úinéirí nó tionóntaí foirgneamh agus do FBManna maidir le bearta costéifeachtúla, agus ionstraimí airgeadais, chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite sna córais téimh agus fuaraithe. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí comhairleacha inrochtana tréd-hearcacha.

▼B

3. Ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, féadfaidh na Ballstáit liosta de bhearta a bhunú agus agus a phoibliú, agus na heintitis cur chun feidhme, amhail soláthróirí breosla, comh-lachtaí poiblí nó príobháideacha, a ainmniú agus a phoibliú, a bheidh le rannchuidiú leis an meánardú bliantúil dá dtagraítear i mír 1.

▼M2

4. Chun an meánmhéadú bliantúil dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a bhaint amach, féachfaidh na Ballstáit le dhá cheann ar a laghad de na bearta seo a leanas a chur chun feidhme:

(a) fuinneamh in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht a ionchorprú go fisiciúil sna foinsí fuinnimh agus sna breoslaí a sholáthraítear i gcomhar téimh agus fuaraithe;

(b) córais téimh agus fuaraithe fuinnimh in-athnuaite ardéifeachtúla a shuiteáil i bhfoirgnimh, foirgnimh a nascadh le córais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil nó fuinneamh in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid sna próisis téimh agus fuaraithe thionsclaíocha;

(c) bearta arna gcumhdach ag teastais intrádála lena gcruthaítear go gcomhlíontar an oibleagáid a leagtar síos i mír 1, an chéad fhomhír, trí thacú le bearta suiteála faoi phointe (b) den mhír seo, arna ndéanamh ag oibreoir eacnamaíoch eile amhail suiteálaí neamhspleách teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite nó ag cuideachta seirbhísí fuinnimh a sholáthraíonn seirbhísí suiteála i leith fuinneamh in-athnuaite;

(d) fothú acmhainneachta d'údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun acmhainneacht áitiúil téimh agus fuaraithe in-athnuaite a mhapáil, chun tionscadail agus bonneagar fuinnimh in-athnuaite a phleanáil agus a chur chun feidhme agus chun comhairle a thabhairt i leith na dtionscadal sin agus an bhonneagair sin;

(e) creataí maolaithe riosca a chruthú chun costas an chaipitil do thion-scadail in-athnuaite teasa agus fuaraithe agus tionscadail dramh-theasa agus dramhfhuachta a laghdú, lena gceadaítear, *inter alia*, tionscadail níos lú a chuachadh agus tionscadail den sórt sin a nascadh ar bhealach níos iomlánaíche le bearta eile éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe foirgneamh;

(f) comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite a chur chun cinn do thomhaltóirí corparáideacha agus do thomhaltóirí beaga comhchoiteanna;

(g) scéimeanna athsholáthair atá beartaithe maidir le foinsí iontaise téimh, córais téimh nach bhfuil comhoiriúnach le foinsí in-athnuaite nó scéimeanna chun deireadh a chur le céimniú amach iontaise lena ngabhann garspriocanna;

▼M2

(h) ceanglais ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a bhaineann le pleanáil teasa in-athnuaite, lena gcuimsítear fuarú;

(i) táirgeadh bithgháis agus a instealladh isteach san eangach gháis a chur chun cinn, seachas é a úsáid chun leictreachas a tháirgeadh;

(j) bearta lena gcuirtear chun cinn comhtháthú na teicneolaíochta stórála fuinnimh theirmigh i gcórais téimh agus fuaraithe;

(k) gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair in-athnuaite a chur chun cinn, go háirithe ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear trí bhearta rialála, socruithe maoiniúcháin agus tacaíocht;

(l) bearta beartais eile, a bhfuil éifeacht chomhionann acu, lena n-áirítear bearta fioscacha, scéimeanna tacaíochta nó dreasachtaí airgeadais eile a rannchuidíonn le trealamh in-athnuaite téimh agus fuaraithe a shuiteáil agus gréasáin fuinnimh lena soláthraítear fuinneamh in-athnuaite don téamh agus fuarú i bhfoirgnimh agus sa tionsclaíocht a fhorbairt.

Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir orthu, go háirithe iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha, teaghlaigh nach mbeadh caipiteal tosaigh leordhóthanach acu chun tairbhe a bhaint as murach sin.

▼B

5. Féadfaidh na Ballstáit na struchtúir ar ann dóibh cheana a úsáid faoi na scéimeanna náisiúnta oibleagáide um choigealtas fuinnimh a leagtar amach in Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE chun na bearta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

6. I gcás ina n-ainmnítear eintitis faoi mhír 3, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a rannchuidiú na n-eintiteas ainmnithe sin inmheasta agus infhíoraithe, agus go gcuirfidh na heintitis ainmnithe tuarascáil ar fáil gach bliain maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an méid iomlán fuinnimh arna sholáthar i gcomhar téimh agus fuaraithe;

(b) an méid iomlán fuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ arna sholáthar i gcomhar téimh agus fuaraithe;

(c) méid iomlán dramhtheasa agus dramhfhuachta arna sholáthar i gcomhar téimh agus fuaraithe;

(d) sciar an fhuinnimh ►C3 in-athnuaite ◄ agus sciar na dramhtheasa agus na dramhfhuachta atá sa mhéid iomlán fuinnimh arna sholáthar i gcomhar téimh agus fuaraithe; agus

(e) cineál na foinse ►C3 in-athnuaite ◄ fuinnimh.

▼B

Airteagal 24

Téamh agus fuarú ceantair

▼M2

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis faoin bhfeidhmíocht fuinnimh agus faoin sciar fuinnimh in-athnuaite atá ina ngréasáin téimh agus fuaraithe ceantair ar fáil do na tomhaltóirí deiridh, ar bhealach ina mbeidh rochtain éasca uirthi, amhail faisnéis faoi bhillí nó faoi shuíomhanna gréasáin soláthróirí agus faisnéis a iarradh. Déanfar an fhaisnéis faoi sciar an fhuinnimh in-athnuaite a shloinneadh ar a laghad mar chéatadán den olltomhaltas deiridh fuinnimh i dtéamh agus fuarú arna shannadh do chustaiméirí córais téimh agus fuaraithe ceantair ar leith, lena n-áirítear faisnéis faoin méid fuinnimh a úsáideadh chun aonad amháin téimh a sholáthar don chustaiméir nó don úsáideoir deiridh.

▼B

2. Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta agus na coinníollacha is gá chun go bhféadfaidh custaiméirí na gcóras téimh agus fuaraithe ceantair nach córais “téimh agus fuaraithe éifeachtúla ceantair” iad, nó ar córais iad nach mbeidh éifeachtúil faoin 31 Nollaig 2025 bunaithe ar phlean arna fhormheas ag an údarás inniúil, díscor trína gconradh a fhoirceannadh nó a mhodhnú chun téamh nó fuarú ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a tháirgeadh iad féin.

I gcás ina bhfuil nasc idir foirceannadh conartha agus díscor fisiciúil, féadfar foirceannadh conartha den chineál sin a bheith faoi choinníoll cúitimh ar na costais a bhaineann go díreach leis an díscor fisiciúil agus don chuid neamh-dímheasaithe de na sócmhainní atá riachtanacha chun teas agus fuacht a chur ar fáil do chustaiméir an chonartha sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit an ceart chun díscor trí fhoirceannadh nó modhnú a gconartha i gcomhréir le mír 2 a theorannú do chustaiméirí atá in ann a thaispeáint go dtiocfaidh feabhas nach beag ar an bhfeidhmíocht fuinnimh as an soláthar malartach do théamh agus fuarú atá á bheartú acu. Féadfar an measúnú feidhmíochta fuinnimh a dhéanfar ar an réiteach maidir le soláthar malartach a bhunú ar an teastas feidhmíochta fuinnimh.

▼M2

4. Féachfaidh na Ballstáit le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair a mhéadú 2,2 pointe céatadáin táscach mar mheán bliantúil arna ríomh don tréimhse 2021 go 2030, ag tosú le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair in 2020, agus leagfaidh siad síos na bearta is gá chuige sin ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. Sloinnfear sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite i dtéarmaí sciar an olltomhaltais deiridh fuinnimh i dtéamh agus fuarú ceantair arna choigeartú de réir na ngnáth-mheándálaí aeráide.

Féadfaidh na Ballstáit an leictreachas in-athnuaite a úsáidtear do théamh agus fuarú ceantair a áireamh sa mheánmhéadú bliantúil a leagtar amach sa chéad fhomhír.

▼**M2**

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin rún atá acu an leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair a áireamh faoi chomhair an mhéadaithe bhliantúil a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainneachtaí leictreachais in-athnuaite measta don téamh agus fuarú ceantair a áireamh ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. Déanfaidh na Ballstáit an méid leictreachais in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair a áireamh ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin.

4a. Chun an sciar den leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair a ríomh chun críocha mhír 4, úsáidfidh na Ballstáit meánsciar an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear ina gcríoch sa 2 bhliain roimhe sin.

Na Ballstáit a bhfuil sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair acu atá os cionn 60 %, féadfaidh siad aon sciar den sórt sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánmhéadú bliantúil dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír. Na Ballstáit a bhfuil sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair acu atá os cionn 50 % agus suas le 60 %, féadfaidh siad aon sciar den sórt sin a áireamh mar chomhlíonadh ar leath an mheánmhéadaithe bhliantúil dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír.

Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun an meánmhéadú dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, den Airteagal seo a chur chun feidhme ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.

4b. Áiritheoidh na Ballstáit go moltar d'oibreoirí na gcóras téimh agus fuaraithe ceantair os cionn acmhainneacht 25 MWth soláthróirí tríú páirtí d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht a nascadh leis na córais nó go moltar dóibh tairiscint a dhéanamh soláthróirí tríú páirtí a nascadh leis na córais nó teas nó fuacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht ó sholáthróirí tríú páirtí a cheannach ar bhonn critéir neamh-idirdhealaitheacha arna leagan síos ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, i gcás inar gá d'oibreoirí den sórt sin ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) freastal ar an éileamh ó chustaiméirí nua;

(b) acmhainneacht eile a chur in ionad na hacmhainneachta giniúna teasa nó fuachta atá ann cheana;

(c) an acmhainneacht giniúna teasa nó fuachta atá ann cheana a mhéadú.

5. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'oibreoir córais téimh nó fuaraithe ceantair diúltú soláthróir tríú páirtí a nascadh nó teas nó fuacht ó sholáthróir tríú páirtí a cheannach in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) níl an acmhainneacht riachtanach sa chóras de dheasca soláthairtí eile teasa nó fuachta ó fhoinsí in-athnuaite nó dramhtheasa agus dramhfhuachta;

▼M2

(b) ní chomhlíonann an teas nó an fuacht ón soláthróir tríú páirtí na paraiméadair theicniúla atá riachtanach chun nascadh leis na córais agus chun oibriú iontaofa agus sábháilte an chórais téimh agus fuaraithe ceantair a áirithiú;

(c) is féidir leis an oibreoir a léiriú go mbeadh, mar thoradh ar rochtain a thabhairt, méadú iomarcach ann ar an gcostas teasa nó fuachta do thomhaltóirí deiridh i gcomparáid leis an gcostas a bhaineann leis an bpríomhsholáthar áitiúil teasa nó fuachta a úsáid, an ceann lena mbeadh an fhoinse in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht ag dul in iomaíocht;

(d) is córas téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil é córas an oibreora.

Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a dhiúltaíonn oibreoir córais téimh agus fuaraithe ceantair soláthróir téimh nó fuaraithe a nascadh leis an gcóras de bhun na chéad fhomhíre, go gcuirfidh an t-oibreoir sin faisnéis faoi na cúiseanna leis an diúltú, chomh maith leis na coinníollacha atá le comhlíonadh agus bearta atá le glacadh sa chóras chun go bhféadfaí an nascadh a chumasú, ar fáil don údarás inniúil. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh próiseas iomchuí i bhfeidhm chun diúltú nach bhfuil bonn cirt leis a leigheas.

6. I gcás inar gá, cuirfidh na Ballstáit creat comhordúcháin i bhfeidhm idir oibreoirí córais téimh agus fuaraithe ceantair agus na foinsí dramhtheasa agus dramhfhuachta a d'fhéadfadh a bheith ann sna hearnálacha tionsclaíocha agus treasacha chun úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta a éascú. Áiritheofar leis an gcreat comhordúcháin sin idirphlé maidir le húsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta lena mbaineann an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) oibritheoirí córais téimh agus fuaraithe ceantair;

(b) fiontair san earnáil thionsclaíoch agus threasach a ghineann dramhtheas agus dramhfhuacht is féidir a aisghabháil go heacnamaíoch trí chórais téimh agus fuaraithe ceantair, amhail lárionaid sonraí, gléasraí tionsclaíocha, foirgnimh mhóra tráchtála, saoráidí stórála fuinnimh, agus iompar poiblí;

(c) údaráis áitiúla atá freagrach as bonneagar fuinnimh a phleanáil agus a fhormheas;

(d) saineolaithe eolaíocha atá ag obair ar an úrscothacht is déanaí maidir le córais téimh agus fuaraithe ceantair; agus

(e) comhphobail fuinnimh in-athnuaite a bhfuil baint acu le téamh agus fuarú.

▼B

7. Féadfaidh custaiméirí aonair, gnóthais chomhpháirteacha arna mbunú ag custaiméirí nó ag páirtithe eile thar ceann custaiméirí an ceart chun díscor a fheidhmiú trína gconradh a fhoirceannadh nó a mhodhnú de réir mhír 2. I gcás bloc árasán, ní fhéadfar díscor a dhéanamh ach amháin i gcomhréir leis an dlí tithíochta is infheidhme, ach amháin ar leibhéal fhoirgneamh ina iomláine.

▼M2

8. Gach 4 bliana ar a laghad, bunóidh na Ballstáit creat faoina ndéanfaidh na hoibreoirí córas dáileacháin leictreachais, i gcomhar le hoibreoirí na gcóras téimh nó fuaraithe ceantair ina réigiún faoi seach, measúnú ar an acmhainneacht atá ag córais téimh agus fuaraithe ceantair seirbhísí cothromúcháin agus seirbhísí córais eile a sholáthar, lena n-áirítear freagairt don éileamh agus stóráil theirmeach farasbairr leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite, agus measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé níos tíosaí ar acmhainní agus níos costéifeachtúla, i gcomparáid le réitigh mhalartacha, úsáid a bhaint as an acmhainneacht a sainaithníodh.

Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na hoibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais aird chuí ar thorthaí an mheasúnaithe a cheanglaítear faoin gcéad fhomhír i bpleanáil na heangaí, in infheistíocht san eangach agus i bhforbairt bonneagair ina gcríocha faoi seach.

Éascóidh na Ballstáit comhordú idir oibreoirí córas téimh agus fuaraithe ceantair agus oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais chun a áirithiú gur féidir le seirbhísí cothromúcháin, stórála agus solúbthachta eile, amhail freagairt don éileamh, a sholáthraíonn oibreoirí córais téimh ceantair agus oibreoirí córas fuaraithe ceantair a bheith rannpháirteach ina margaí leictreachais.

Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le measúnú agus comhordú faoin gcéad fhomhír agus faoin tríú fomhír a leathnú chuig oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin gáis, lena n-áirítear gréasáin hidrigine agus gréasáin eile fuinnimh.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil cearta na dtomhaltóirí agus na rialacha maidir le córais téimh agus fuaraithe ceantair a oibriú i gcomhréir leis an Airteagal seo a shainiú go soiléir, a chur ar fáil go poiblí agus a fhorfheidhmiú.

10. Ní cheanglófar ar Bhallstát míreanna 2 go 9 a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) bhí a sciar de théamh agus fuarú ceantair níos lú ná, nó cothrom le, 2 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i dtéamh agus fuarú an 24 Nollaig 2018;

(b) méadaítear a sciar de théamh agus fuarú ceantair os cionn 2 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i dtéamh agus fuarú an 24 Nollaig 2018 trí théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil nua a fhorbairt ar bhonn a phlean chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna thíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir leis an Rialachán sin agus ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 23(1b) den Treoir seo;

(c) 90 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair, tarlaíonn sé i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil.

Airteagal 25

Méadú ar fhuinneamh in-athnuaite agus laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa in earnáil an iompair

1. Leagfaidh gach Ballstát oibleagáid ar sholáthróirí breosla an méid seo a leanas a áirithiú:

▼**M2**

(a) gurb é seo a leanas an toradh atá ar mhéid na mbreoslaí in-athnuaite agus an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear d'earnáil an iompair:

(i) sciar 29 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite laistigh den olltomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil an iompair faoi 2030; nó

(ii) laghdú 14,5 % ar a laghad ar dhéine gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcomparáid leis an mbonnlíne a leagtar amach in Airteagal 27(1), pointe (b), i gcomhréir le conair tháscach arna leagan síos ag an mBallstát;

(b) gurb é 1 % ar a laghad in 2025 agus 5,5 % ar a laghad in 2030 an sciar iomlán de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch san fhuinneamh a sholáthraítear d'earnáil an iompair, a bhfuil sciar de 1 phointe céatadáin ar a laghad le teacht as breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch in 2030.

Moltar do na Ballstáit spriocanna difreáilte a leagan síos do bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus do bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch ar an leibhéal náisiúnta chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo a chomhlíonadh ar bhealach ina ndéantar forbairt an dá bhreosla a chur chun cinn agus a leathnú.

(b) i gcás suiteálacha a bhfuil a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán idir 50 agus 100 MW, déantar é a tháirgeadh trí theicneolaíocht ardéireachtúil chomhghiniúna a chur i bhfeidhm, nó i gcás suiteálacha leictreachais amháin a chomhlíonann leibhéal éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEELanna), mar a shainmhínítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1442 ón gCoimisiún ([1]);

(c) i gcás suiteálacha a bhfuil a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán os cionn 50 MW, déantar é a tháirgeadh trí theicneolaíocht chomhghiniúna ardéifeachtúlachta a chur i bhfeidhm, nó, i gcás suiteálacha leictreachais amháin, a bhaineann amach leibhéal glanéifeachtúlachta leictreachais de 36 % ar a laghad;

(d) déantar é a tháirgeadh trí Ghabháil agus Stóráil CO_2 Bithmhaise a chur i bhfeidhm.

Chun críocha phointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, ní chuirfear suiteálacha leictreachais amháin san áireamh ach amháin i gcás nach n-úsáideann siad breoslaí iontaise mar phríomhbhreosla agus i gcás nach bhfuil acmhainneacht chostéifeachtach ann maidir le teicneolaíocht chomhghiniúna ardéifeachtúlachta de réir an mheasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2012/27/AE.

Chun críocha phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag an mhír seoacu ach amháin maidir le suiteálacha a rachaidh i mbun feidhme nó a chomshóitear ionas gur féidir leo úsáid a bhaint as breoslaí bithmhaise tar éis an 25 Nollaig 2021. Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo ní dochar an mhír seo do thacaíocht arna tabhairt faoi scéimeanna tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4 arna bhformheas faoin 25 Nollaig 2021.

Féadfaidh na Ballstáit ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh níos airde ná na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm ar shuiteálacha a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe is ísle ná sin acu.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le leictreachas arna tháirgeadh i suiteálacha ar thug Ballstát fógra sonrach don Choimisiún ina leith agus an fógra sin bunaithe ar fhianaise chuí-réasúnaithe go mbaineann rioscaí le cinnteacht an tsoláthair leictreachais sin. Ar mheasúnú an fhógra sin dó, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ina gcuirfear san áireamh na heilimintí sin ar fad.

([1]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1442 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2017 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, do mhórghléasraí dócháin (IO L 212, 17.8.2017, lch. 1).

▼B

12. Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, agus gan dochar d'Airteagal 25 agus Airteagal 26, ní dhiúltóidh na Ballstáit, ar aon chúis eile dá mbaineann leis an inbhuanaitheacht, bithbhreoslaí agus bithleachtanna a fuarthas agus an tAirteagal seo á chomhlíonadh a chur san áireamh. Ní dochar an mhír seo do thacaíocht phoiblí faoi scéimeanna tacaíochta a ceadaíodh roimh an24 Nollaig 2018.

13. Chun na críocha dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit maolú, ar feadh tréimhse teoranta, ó na critéir a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír10 agus mír 11 den Airteagal seo trí chritéir éagsúla a ghlacadh a bhaineann leis an méid seo a leanas:

▼M2

(a) suiteálacha atá lonnaithe i réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE a mhéid a tháirgeann saoráidí den sórt sin leictreachas nó téamh nó fuarú ó bhreoslaí bithmhaise agus ó bhithleachtanna nó a tháirgeann siad bithbhreoslaí; agus

(b) breoslaí bithmhaise agus bithleachtanna a úsáidtear sna suiteálacha dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo agus bithbhreoslaí a tháirgtear sna suiteálacha sin, beag beann ar áit tionscnaimh na bithmhaise sin, ar an gcoinníoll go bhfuil údar oibiachtúil le critéir den sórt sin ar na forais gurb é is aidhm leo, i gcás an réigiúin sin is forimeallaí, rochtain ar fhuinneamh sábháilte agus slán agus céimniú isteach rianúil na gcritéar a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus 10 agus 11 den Airteagal seo a áirithiú, rud a bheadh mar dhreasacht don aistriú ó bhreoslaí iontaise go bithbhreoslaí inbhuanaithe, bithleachtanna inbhuanaithe agus breoslaí bithmhaise inbhuanaithe.

▼B

Beidh na critéir éagsúla dá dtagraítear sa mhír seo faoi réir fógra sonrach a thabharfaidh an Ballstát ábhartha don Choimisiún.

14. Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit critéir inbhuanaitheachta bhreise a bhunú do bhreoslaí bithmhaise.

Faoi 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar na gcritéar breise sin ar an margadh inmheánach, agus cuirfear leis sin, más gá sin, togra lena n-áiritheofar comhchuibhiú na gceanglas sin.

▼M2

15. Go dtí an 31 Nollaig 2030, féadfar fuinneamh ó bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna agus ó bhreoslaí bithmhaise a chur san áireamh freisin chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), den Airteagal seo, i gcás inar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) deonaíodh tacaíocht roimh an 20 Samhain 2023, i gcomhréir leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29 sa leagan di a bhí i bhfeidhm an 29 Meán Fómhair 2020; agus

(b) deonaíodh an tacaíocht i bhfoirm tacaíocht fhadtéarmach ar cinneadh méid seasta ina leith ag tús na tréimhse tacaíochta agus ar choinníoll go bhfuil sásra ceartúcháin i bhfeidhm chun a áirithiú nach ann do róchúiteamh.

▼M2

Airteagal 29a

Critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte

1. Ní dhéanfar fuinneamh ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a áireamh faoi chomhair sciartha fuinnimh in-athnuaite na mBallstát agus faoi chomhair na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 3(1), 15a(1), 22a(1), 23(1), 24(4) agus 25(1) ach amháin más 70 % ar a laghad na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó úsáid na mbreoslaí sin.

2. Ní fhéadfar fuinneamh ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a áireamh faoi chomhair na spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír, pointe (a), ach amháin más 70 % ar a laghad na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó úsáid na mbreoslaí sin.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí seachanta i gcás CO_2 ó fhoinsí iontaise ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí. Leis an modheolaíocht, cumhdófar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré agus cuirfear san áireamh astaíochtaí indíreacha a eascraíonn as atreorú ábhar ionchuir docht amhail dramhaíl a úsáidtear chun breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh.

▼B

Airteagal 30

Comhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhíorú

▼M2

1. I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le háireamh faoi chomhair na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), Airteagal 15a(1), Airteagal 22a(1), Airteagal 23(1), Airteagal 24(4) agus Airteagal 25(1), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a chruthú, trí bhíthin iniúchtaí éigeantacha neamhspleácha agus trédhearcacha, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 8 den Airteagal seo, gur comhlíonadh na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i leith breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Chuige sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

▼B

(a) is féidir leis coinsíneachtaí de bhunábhar nó de bhreoslaí nach ionann a dtréithe inbhuanaitheachta ná a dtréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheascadh, mar shampla: i gcoimeádán, i saoráid próiseála nó saoráid lóistíochtúil, in infreastruchtúr tarchurtha nó dáileacháin nó ar shuíomh;

(b) is féidir leis coinsíneachtaí de bhunábhar nach ionann a luach fuinnimh a mheascadh chun go bpróiseálfaí a thuilleadh iad, ar choinníoll go ndéantar méid na gcoinsíneachtaí a oiriúnú i gcomhréir lena luach fuinnimh;

▼B

(c) ceanglófar leis faisnéis maidir le hairíonna inbhuanaitheachta agus airíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus méideanna na gcoinsíneachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) chun go bhfágfaí sa mheascán é; agus

(d) déantar foráil chun gur féidir a rá i dtaobh suim na gcoinsíneachtaí ar fad a baineadh amach as an meascán gurb ionann airíonna inbhuanaitheachta dóibh, ach na cainníochtaí céanna a bheith i gceist, agus suim na gcoinsíneachtaí móide an meascán agus ní mór an t-iarmhéid sin a bhaint amach le linn tréimhse iomchuí.

Áiritheofar leis an gcóras cothromúcháin maise nach ndéanfar gach coinsíneacht a áireamh ach an t-aon uair amháin i bpointe (a), (b) nó (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(1) chun olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a ríomh agus tabharfar faisnéis ann i dtaobh ar tugadh nó nár tugadh tacaíocht do tháirgeadh na coinsíneachta sin, agus más amhlaidh a tugadh, maidir le cineál na scéime tacaíochta.

▼M2

2. I gcás ina bpróiseáiltear coinsíneacht, déanfar oiriúnú ar an bhfaisnéis faoi na hairíonna inbhuanaitheachta agus faoi na hairíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus sannfar í don aschur i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

(a) i gcás nach mbíonn de thoradh ar an bpróiseáil a dhéantar ar choinsíneacht amhábhair ach aschur amháin atá beartaithe chun bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, nó breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh, oiriúnófar méid na coinsíneachta agus cainníochtaí gaolmhara na n-airíonna inbhuanaitheachta agus na n-airíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí fhachtóir tiontaithe a chur i bhfeidhm arb ionann é agus an choibhéis atá idir mais an aschuir atá beartaithe do tháirgeadh den sórt sin agus mais an amhábhair atá á thabhairt isteach sa phróiseas;

(b) i gcás ina mbíonn de thoradh ar an bpróiseáil a dhéantar ar choinsíneacht amhábhair níos mó ná aschur amháin atá beartaithe chun bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh, cuirfear fachtóir tiontaithe ar leithligh i bhfeidhm ar gach aschur agus úsáidfear cothromaíocht mhaise ar leithligh.

▼B

3. ►M2 Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtíolacfaidh oibreoirí faisnéis iontaofa faoi chomhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a fhorbairt. Ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha socrú a dhéanamh maidir le hiniúchadh neamhspleách de chaighdeán leordhóthanach a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tíolacadh, agus fianaise a chur ar fáil go bhfuil an méid sin déanta acu. Chun Airteagal 29(3), pointí (a), (b), (d) agus (e), Airteagal 29(4), pointe (a), Airteagal 29(5), Airteagal 29(6), pointe (a), agus Airteagal 29(7), pointe (a), a chomhlíonadh, féadfar iniúchóireacht an chéad pháirtí nó iniúchóireacht an dara páirtí a úsáid suas go dtí an chéad phointe bailithe den bhithmhais foraoise. Fíorófar leis an iniúchóireacht go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus cosanta ar chalaois, lena n-áirítear fiorú lena n-áirithítear nach ndéantar ábhair a mhodhnú nó a dhiúscairt d'aon ghnó ionas go bhféadfadh an choinsíneacht nó cuid den choinsíneacht a bheith ina dramhaíl nó ina hiarmhar. Leis an iniúchóireacht, déanfar meastóireacht freisin ar mhinicíocht agus modheolaíocht na samplála agus ar stóinseacht na sonraí.

▼B

Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ar cibé acu a tháirgtear na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte laistigh den Aontas nó ar cibé acu a dhéantar iad a allmhairiú isteach san Aontas. Déanfar faisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach cothrom le dáta, inrochtana go héasca agus so-úsáidte ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na soláthróirí nó na n-údarás inniúil ábhartha agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. ◄

Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, i bhfoirm chomhiomlán, an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar an ardán ríomhthuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfoirm achoimrithe, agus rúndacht na faisnéise sin atá íogair ó thaobh na tráchtála de á caomhnú aige.

▼M2

4. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go ndéanfar, le scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta lena leagtar síos caighdeáin maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, sonraí cruinne a sholáthar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 29(10) agus Airteagal 29a(1) agus (2), comhlíonadh Airteagal 27(6) agus Airteagal 31a(5) a léiriú, nó a léiriú go bhfuil na critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) á gcomhlíonadh i gcás coinsíneachtaí bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. Le linn dóibh a léiriú go gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7), féadfaidh na hoibreoirí an fhianaise is gá a sholáthar go díreach ar leibhéal an limistéir foinsithe. Féadfaidh an Coimisiún limistéir a aithint chun cosaint a thabhairt d'éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, faoi bhagairt atá i mbaol, ar éiceachórais nó speicis iad a aithnítear le comhaontuithe idirnáisiúnta nó a chuirtear ar liostaí arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra chun críocha Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointe (c)(ii).

▼B

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go mbeidh sna scéimeanna sin faisnéis chruinn faoi na bearta a glacadh chun ithir, uisce agus aer a chosaint, chun talamh díghrádaithe a athchóiriú, chun ró-thomhaltas uisce a sheachaint i limistéir ina mbíonn ganntanas uisce, agus chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dhearbhú.

5. Déanfaidh an Coimisiún cinntí faoi mhír 4 den Airteagal seo a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3). Beidh cinntí den sórt sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana.

Ceanglóidh an Coimisiún go ndéanfaidh gach scéim dheonach ar glacadh cinneadh ina leith faoi mhír 4, tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 30 Aibreán gach bliain, ina gcumhdaítear gach ceann de na pointí ►C1 a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999. ◄ Cumhdófar sa tuarascáil imeachtaí na bliana féilire roimhe sin. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas tuarascáil a thíolacadh ach i dtaca le scéimeanna deonacha a bhfuil 12 mhí, ar a laghad, caite i mbun feidhme acu.

Cuirfidh an Coimisiún ar fáil na tuarascálacha a ullmhaíodh mar chuid de na scéimeanna deonacha, i bhfoirm chomhiomlán nó go hiomlán más iomchuí, ar an ardán ríomhthuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999.

▼M2

6. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna náisiúnta a chur ar bun ina bhfioraítear comhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), i gcomhréir leis an modheolaíocht a forbraíodh faoi Airteagal 29a(3), ó cheann ceann na líne cúraim lena mbaineann na húdaráis inniúla. Féadfar na scéimeanna sin a úsáid freisin chun cruinneas agus iomláine na faisnéise arna háireamh ag oibreoirí eacnamaíocha i mbunachar sonraí an Aontais a fhíorú, chun comhlíonadh Airteagal 27(6) a léiriú agus chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dheimhniú.

Féadfaidh Ballstát fógra faoi scéim náisiúnta den sórt sin a thabhairt don Choimisiún. Tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht don mheasúnú ar scéim den sórt sin chun aitheantas frithpháirteach déthaobhach agus iltaobhach na scéimeanna sin a éascú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an gcomhlíonann scéim náisiúnta den sórt sin ar tugadh fógra ina leith na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

I gcás ina gcinneann an Coimisiún go gcomhlíonann an scéim náisiúnta na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo, ní dhiúltófar, le scéimeanna eile arna n-aithint ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Airteagal seo, aitheantas frithpháirteach a thabhairt do scéim náisiúnta an Bhallstáit sin a mhéid a bhaineann le fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar as a bhfuil sí aitheanta ag an gCoimisiún.

Maidir le suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú a bhfuil a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán idir 7,5 agus 20 MW, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna fíorúcháin náisiúnta simplithe a bhunú chun comhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) a áirithiú. Maidir leis na suiteálacha céanna, leagfar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i mír 8 den Airteagal seo na coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh scéimeanna fíorúcháin deonacha simplithe chun a áirithiú go gcomhlíontar na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (7) agus (10).

▼B

7. Ní ghlacfaidh an Coimisiún cinntí faoi mhír 4 den Airteagal seo ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an scéim atá i gceist caighdeáin leordhóthanacha maidir le hiontaofacht, le trédhearcacht, agus le hiniúchóireacht neamhspleách agus i gcás ina dtugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha nach ndearnadh aon ábhar a mhodhnú nó a dhiúscairt d'aon ghnó ionas gur faoi chuimsiú Iarscríbhinn IX a d'áireofaí an choinsíneacht sin nó cuid den choinsíneacht sin. I gcás na scéimeanna lena dtomhaistear laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, comhlíonfaidh scéimeanna den sórt sin na ceanglais mhodheolaíocha freisin a leagtar amach in Iarscríbhinn V nó VI. I dtaca le liostaí de limistéir darb ardluach bithéagsúlachta dá dtagraítear i bpointe (c)(ii)den chéad fhomhír d'Airteagal 29(3), comhlíonfaidh siad caighdeáin leordhóthanacha maidir le hoibiachtúlacht agus comhréireacht i leith caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta agus déanfar foráil iontu maidir le nósanna imeachta achomhairc oiriúnacha.

▼B

Déanfaidh na scéimeanna deonacha dá dtagraítear i mír 4 liosta a fhoilsiú, go bliantúil ar a laghad, ar a mbeidh na comhlachtaí deimhniúcháin a úsáideadh don iniúchóireacht neamhspleách, maille le hainm an eintitis nó an údaráis inniúil náisiúnta a thug aitheantas don chomhlacht deimhniúcháin agus ainm an eintitis nó an údaráis inniúil náisiúnta atá ag déanamh faireacháin air.

8. Chun a áirithiú go ndéantar an chomhréireacht leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, chomh maith leis na forálacha maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus bithbhreoslaí lena ngabhann riosca íseal nó ard maidir le hathrú díreach agus indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú go héifeachtúil agus go comhchuibhithe agus, go háirithe, chun an chalaois a chosc, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear rialacha mionsonraithe cur chun feidhme, lena n-áirítear caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, agus iniúchóireacht neamhspleách, agus é a chur de cheanglas ar gach scéim dheonach na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

Sna gníomhartha cur chun feidhme sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar an ngá atá ann an t-ualach riaracháin a laghdú. Leis na gníomhartha cur chun feidhme, leagfar síos creat ama faoina mbeidh ar na scéimeanna deonacha na caighdeáin a chur chun feidhme. Féadfaidh an Coimisiún cinntí lena n-aithnítear scéimeanna deonacha de bhun mhír 4 a aisghairm má tharlaíonn sé go dteipeann ar na scéimeanna sin caighdeáin den sórt sin a chur chun feidhme laistigh den chreat ama dá bhforáiltear. I gcás ina n-ardaíonn Ballstát ábhair imní nach bhfuil scéim dheonach ag feidhmiú i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le hiontaofacht, le trédhearcacht, agus le hiniúchóireacht neamhspleách arb iad is bonn dochinntí faoi mhír 4, déanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a imscrúdú agus gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh.

▼M2

9. I gcás ina soláthraíonn oibreoir eacnamaíoch fianaise nó sonraí a fuarthas i gcomhréir le scéim a bhí faoi réir cinneadh de bhun mhír 4 nó 6, ní cheanglóidh Ballstát ar an oibreoir eacnamaíoch tuilleadh fianaise a sholáthar maidir le comhlíonadh na ngnéithe a chumhdaítear leis an scéim as a bhfuil an scéim aitheanta ag an gCoimisiún.

▼B

Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát maoirseacht ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun iniúchóireacht neamhspleách faoi scéim dheonach. Ar iarraidh ó na húdaráis inniúla, tíolacfaidh na comhlachtaí deimhniúcháin an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar an oibríocht, lena n-áirítear dáta beacht na n-iniúchóireachtaí, an tráth a ndearnadh iad agus an áit ina ndearnadh iad. I gcás ina n-aimsíonn na Ballstáit saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfidh siad sin in iúl don scéim dheonach gan mhoill.

▼M2

10. Arna iarraidh sin do Bhallstát, ar iarraidh í a fhéadfar a bheith bunaithe ar iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch, scrúdóidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, ar comhlíonadh na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i ndáil le foinse breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte.

▼M2

Laistigh de 6 mhí tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a chinneadh an bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann ceachtar den mhéid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgtear ón bhfoinse sin a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 29(1); nó

(b) de mhaolú ar mhír 9, a cheangal ar sholáthróirí fhoinse na mbreoslaí in-athnuaite agus na mbreoslaí carbóin athchúrsáilte tuilleadh fianaise a sholáthar faoi chomhlíonadh na gcritéar sin maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus faoi chomhlíonadh na dtairseach sin maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

▼B

Airteagal 31

Tionchar gáis ceaptha teasa a bhíonn ag bithbhreoslaí, ag bithleachtanna agus ag breoslaí bithmhaise a ríomh

1. Chun críocha Airteagal 29(10), déanfar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bharr úsáid bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a ríomh i gceann de na bealaí seo a leanas:

(a) i gcás ina leagtar síos luach réamhshocraithe don laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtaca leis an gconair táirgeachta i gCuid A nó i gCuid B d'Iarscríbhinn V do bhithbhreoslaí agus do bhithleachtanna agus i gCuid A d'Iarscríbhinn VI do bhreoslaí bithmhaise i gcás inarb ionann le náid nó níos lú ná náid luach e_1 na mbithbhreoslaí nó na mbithleachtanna sin arna ríomh i gcomhréir le pointe 7 i gCuid C d'Iarscríbhinn V agus na mbreoslaí bithmhaise sin arna ríomh i gcomhréir le pointe 7 i gCuid B d'Iarscríbhinn VI trí úsáid a bhaint as an luach réamhshocraithe sin;

(b) trí úsáid a bhaint as luach iarbhír arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn V do bhithbhreoslaí agus do bhithleachtanna agus i gCuid B d'Iarscríbhinn VI do bhreoslaí bithmhaise;

(c) trí úsáid a bhaint as luach arna ríomh mar shuim na bhfachtóirí atá sna foirmlí dá dtagraítear i bpointe 1 i gCuid C d'Iarscríbhinn V, nuair is féidir na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe atá i gCuid D nó i gCuid E d'Iarscríbhinn V a úsáid ar son cuid de na fachtóirí, maille le luachanna iarbhír, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn V, i gcás gach fachtóra eile; nó

(d) trí úsáid a bhaint as luach arna ríomh mar shuim na bhfachtóirí atá sna foirmlí dá dtagraítear i bpointe 1 i gcuid B d'Iarscríbhinn VI, i gcás inar féidir na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe atá i gcuid C d'Iarscríbhinn VI a úsáid ar son cuid de na fachtóirí, agus ina n-usáidtear luachanna iarbhír, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn VI i gcás gach fachtóra eile.

▼B

2. Féadfaidh na Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin tuarascálacha lena n-áirítear faisnéis faoi luachanna tipiciúla na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú bunábhar talmhaíochta sna limistéir sin ar a gcríocha arna n-aicmiú mar leibhéal 2 in Ainmníocht na nAonad Críche um Staidreamh (NUTS), nó mar leibhéal NUTS atá níos dí-chomhiomlánaithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Ag gabháil leis na tuarascálacha sin, beidh cur síos ar an modh agus ar na sonraí a úsáideadh chun leibhéal na n-astaíochtaí a ríomh. Cuirfear san áireamh sa mhodh sin saintréithe na hithreach, an aeráid, agus na torthaí atáthar a thuar i dtaca le hamhábhar.

3. I gcás na gcríoch sin atá lasmuigh den Aontas, is féidir tuarascálacha atá ar aon dul leo siúd dá dtagraítear i mír 2, arna n-ullmhú ag comhlachtaí inniúla, a thíolacadh don Choimisiún.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a chinneadh go bhfuil sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo sonraí cruinne chun críocha tomhais a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le bunábhar de thionscnamh bithmhais talmhaíochta a shaothrú, arna dtáirgeadh i limistéir a áirítear i dtuarascálacha den chineál sin chun críocha Airteagal 29(10). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

Is féidir, de bhun na gcinntí sin, na sonraí sin a úsáid in áit na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe d'earnáil an tsaothraithe a leagtar síos i gCuid D nó nó i gcuid E d'Iarscríbhinn V i gcás bithbhreoslaí agus bithleachtanna agus i gcuid C d'Iarscríbhinn VI i gcás breoslaí bithmhaise.

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar Iarscríbhinní V agus VI, d'fhonn, ach údar a bheith leis, luachanna maidir le conairí táirgthe bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a chur leo nó chun iad a athbhreithniú. Measfar freisin sna hathbhreithnithe sin an modheolaíocht a leagtar síos i gcuid C d'Iarscríbhinn V agus i gcuid B d'Iarscríbhinn VI a mhodhnú.

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 35 chun Iarscríbhinní V agus VI a leasú, i gcás inarb iomchuí, trí na luachanna réamhshocraithe a chur leis nó a athchóiriú nó an modheolaíocht a mhodhnú.

I gcás aon oiriúnú nó breisiú a dhéanfar ar liosta na luachanna réamhshocraithe in Iarscríbhinní V agus VI:

(a) más beag a chuireann fachtóir le líon foriomlán na n-astaíochtaí, nó má bhíonn an éagsúlacht teoranta, nó má bhaineann costas mór nó deacracht mhór le bunú na luachanna iarbhír, beidh na luachanna réamhshocraithe ina luachanna tipiciúla mar a ghabhfadh le gnáthphróisis táirgthe;

(b) i ngach cás eile, beidh na luachanna réamhshocraithe coimeádach le hais na ngnáthphróiseas táirgthe.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann ar aonaid chríochacha le haghaidh staitisticí (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

▼B

6. Nuair is gá sin chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go haonfhoirmeach Cuid C d'Iarscríbhinn V agus Cuid B d'Iarscríbhinn VI, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagtar amach sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe lena n-áirítear sainmhínithe, fachtóirí tiontaithe, ríomh ar astaíochtaí bliantúla ar shaothrú nó ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar athruithe ar stoic charbóin ostalún agus fothalún ar thalamh atá á shaothrú cheana, mar aon le ríomh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar ghabháil CO_2, ar athsholáthar CO_2 agus ar stóráil gheolaíoch CO_2. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3) a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme.

▼M2

Airteagal 31a

Bunachar sonraí an Aontais

1. Faoin 21 Samhain 2024, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear ar bun bunachar sonraí de chuid an Aontais chun go bhféadfar breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a rianú (“bunachar sonraí an Aontais”).

2. Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha sonraí cruinne a iontráil go tráthúil i mbunachar sonraí an Aontais maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus saintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí atá faoi réir na n-idirbheart sin, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a saolré, ag tosú ó phointe a dtáirgthe go dtí go gcuirtear ar an margadh san Aontas iad. Chun sonraí a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais, measfar gur córas aonair cothromúcháin maise é an córas idirnasctha gáis. Soláthrófar sonraí maidir le breoslaí gásacha in-athnuaite a instealladh agus a tharraingt siar i mbunachar sonraí an Aontais. Sonraí i dtaobh ar cuireadh tacaíocht ar fáil chun coinsíneacht shonrach bhreosla a tháirgeadh agus, má cuireadh, i dtaobh an chineáil scéime tacaíochta, déanfar na sonraí sin a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais freisin. Féadfar na sonraí sin a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais trí bhunachair sonraí náisiúnta.

I gcás inarb iomchuí chun inrianaitheacht sonraí ó cheann ceann an tslabhra soláthair a fheabhsú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí raon feidhme na sonraí atá le háireamh i mbunachar sonraí an Aontais a leathnú tuilleadh chun sonraí ábhartha a chumhdach ó phointe táirgthe nó bailithe an amhábhair a úsáidtear le haghaidh tháirgeadh an bhreosla.

Ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthróirí breosla na sonraí is gá a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír.

D’ainneoin na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír, le haghaidh breoslaí gásacha a instealltar i mbonneagar gáis idirnasctha an Aontais, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i gcás ina gcinneann an Ballstát córas cothromúcháin maise a chomhlánú le córas ráthaíochtaí tionscnaimh, sonraí a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais faoi na hidirbhearta a rinneadh agus faoi na saintréithe inbhuanaitheachta agus sonraí ábhartha eile, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa na mbreoslaí suas go dtí an pointe insteallta chuig an mbonneagar gáis idirnasctha.

3. Beidh rochtain ag na Ballstáit ar bhunachar sonraí an Aontais chun faireachán a dhéanamh agus sonraí a fhíorú.

▼M2

4. I gcás inar eisíodh ráthaíochtaí tionscnaimh i leith coinsíneacht gáis in-athnuaite a tháirgeadh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na ráthaíochtaí tionscnaimh sin a aistriú chuig bunachar sonraí an Aontais an tráth a chláraítear coinsíneacht gáis in-athnuaite i mbunachar sonraí an Aontais agus a chuirtear ar ceal iad tar éis an choinsíneacht gáis in-athnuaite a tharraingt siar ó bhonneagar gáis idirnasctha an Aontais. Ní bheidh ráthaíochtaí tionscnaimh den sórt sin, a luaithe a aistrítear iad, intrádála lasmuigh de bhunachar sonraí an Aontais.

5. Áiritheoidh na Ballstáit ina gcreat dlí náisiúnta go bhfíorófar cruinneas agus iomláine na sonraí arna n-iontráil ag oibreoirí eacnamaíocha sa bhunachar sonraí, mar shampla trí úsáid a bhaint as comhlachtaí deimhniúcháin faoi chuimsiú scéimeanna deonacha nó náisiúnta arna n-aithint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 30(4), (5) agus (6) agus a fhéadfar a chomhlánú le córas ráthaíochtaí tionscnaimh.

Le scéimeanna deonacha nó náisiúnta den sórt sin, féadfar úsáid a bhaint as córais sonraí tríú páirtí mar idirghabhálaithe chun na sonraí a bhailiú, ar choinníoll gur tugadh fógra don Choimisiún faoi úsáid den sórt sin.

Féadfaidh gach Ballstát bunachar sonraí náisiúnta atá ann cheana agus atá ailínithe agus nasctha le bunachar sonraí an Aontais trí chomhéadan a úsáid, nó bunachar sonraí náisiúnta a bhunú, is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a úsáid mar uirlis chun sonraí a bhailiú agus a dhearbhú agus chun na sonraí sin a iontráil agus a aistriú isteach i mbunachar sonraí an Aontais, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) comhlíontar, leis an mbunachar sonraí náisiúnta, bunachar sonraí an Aontais, lena n-áirítear maidir le tráthúlacht tharchur na sonraí, tíopeolaíocht na dtacar sonraí a aistríodh, agus na prótacail maidir le cáilíocht sonraí agus fíorú sonraí;

(b) áirithíonn na Ballstáit go ndéantar na sonraí a iontráiltear sna bunachair sonraí náisiúnta a aistriú láithreach chuig bunachar sonraí an Aontais.

Féadfaidh na Ballstáit bunachair sonraí náisiúnta a bhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, amhail chun ceanglais náisiúnta níos déine a chur san áireamh, a mhéid a bhaineann le critéir maidir le hinbhuanaitheacht. Le bunachair sonraí náisiúnta den sórt sin, ní chuirfear bac ar inrianaitheacht fhoriomlán na gcoinsíneachtaí inbhuanaithe amhábhar nó breoslaí atá le hiontráil i mbunachar sonraí an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo.

Cáilíocht na sonraí a iontráiltear i mbunachar sonraí an Aontais trí bhíthin bunachair sonraí náisiúnta, saintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí a bhaineann leis na sonraí sin, agus formheas deiridh na n-idirbheart, déanfar iad a fhíorú trí bhunachar sonraí an Aontais agus trí bhunachar sonraí an Aontais amháin. Déanfar cruinneas agus iomláine na sonraí sin a fhíorú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún ([1]). Féadfaidh comhlachtaí deimhniúcháin iad a sheiceáil.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1).

▼M2

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi ghnéithe mionsonraithe a mbunachair sonraí náisiúnta. Tar éis an fhógra sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an gcomhlíonann an bunachar sonraí náisiúnta na ceanglais a leagtar síos sa tríú fomhír. Murab amhlaidh an cás, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais sin.

6. Cuirfear sonraí comhiomlánaithe ó bhunachar sonraí an Aontais ar fáil go poiblí, ag féachaint go cuí do chosaint faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus coinneofar cothrom le dáta iad. Déanfaidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú agus a chur ar fáil go poiblí maidir leis na sonraí atá i mbunachar sonraí an Aontais, lena n-áirítear cainníochtaí, tionscnamh geografach agus cineál bunábhair breoslaí.

▼B

Airteagal 32

Gníomhartha cur chun feidhme

Cuirfear san áireamh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 29(3), Airteagal 29(8), an dara fomhír d'Airteagal 30(5), an dara fhomhír d'Airteagal 30(6), an chéad fhomhír d'Airteagal 30(8), an chéad fhomhír d'Airteagal 31(4) agus Airteagal 31(6) den Treoir seo na forálacha a bhaineann le laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 7a de Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Airteagal 33

Faireachán an Choimisiúin

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thionscnamh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtomhailt san Aontas agus ar thionchar a dtáirgthe, lena n-áirítear tionchar de bharr easáitithe, ar thalamhúsáid san Aontas agus sna tríú tíortha sin arb iad na príomhthríú tíortha soláthair iad. Beidh an faireachán sin bunaithe ar phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát agus ar thuarascálacha comhfhreagracha maidir le dul chun cinn de bhun Airteagal 3, Airteagal 17 agus Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2018/1999, agus ar thuarascálacha de chuid tríú tíortha ábhartha, eagraíochtaí idir-rialtasacha, staidéir eolaíocha, maille le haon eolas ábhartha eile. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar athruithe ar phraghsanna tráchtearraí a bhaineann le húsáid bithmhaise le haghaidh fuinnimh agus ar aon tionchair ghaolmhara, idir mhaith is olc, ar chinnteacht an tsoláthair bia.

2. Coinneoidh an Coimisiún ar bun dialóg agus malartú faisnéise le tríú tíortha, agus le táirgeoirí bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise, le heagraíochtaí tomhaltóirí, agus leis an tsochaí shibhialta i dtaca le cur chun feidhme ginearálta na mbeart atá sa Treoir seo a mhéid a bhaineann le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise. Beidh aird ar leith aige, faoi chuimsiú an chreata sin, ar an tionchar a d'fhéadfadh táirgeadh bithbhreosla, bithleachta agus breosla bithlmhaise a imirt ar phraghas an bhia.

([1]) Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58).

▼M2

3. Faoin 31 Nollaig 2027, tíolacfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach maidir leis an gcreat rialála maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn don tréimhse tar éis 2030.

▼B

Sa togra sin, cuirfear san áireamh an taithí a fuarthas agus an Treoir seo á cur chun feidhme, lena n-áirítear a hinbhuanaitheacht agus a cuid critéar maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, maille le forbairtí teicniúla i réimse an fhuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄.

▼M2

Agus an togra reachtach dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo á ullmhú aige, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh, i gcás inarb iomchuí:

(a) comhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um an Athrú Aeráide a bunaíodh faoi Airteagal 10a de Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(b) buiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gáis ceaptha teasa mar a leagtar amach in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(c) na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh ag na Ballstáit faoin 30 Meitheamh 2024 de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999;

(d) an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear na critéir atá inti maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; agus

(e) forbairtí teicneolaíochta maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

3a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 29(7a) agus (7b) agus ar an tionchar atá acu ar inbhuanaitheacht bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a áirithiú.

▼B

4. In 2032, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na Treorach seo.

Airteagal 34

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón gCoiste Aontais Fuinnimh arna bhunú le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) 2018/1999.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (IO L 126, 21.5.2009, lch. 13).

([2]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (“An Dlí Aeráide Eorpach”) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1)

▼B

2. D'ainneoin mhír 1, cuideoidh an Coiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise leis an gCoimisiún maidir le hábhair a bhaineann le hinbhuanaitheacht bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bhithmhaise. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus is ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh feidhm.

Airteagal 35

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

▼M2

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(3), Airteagal 27(4), Airteagal 27(6), an ceathrú fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 31(5), an dara fomhír, agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 20 Samhain 2023. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

▼C2

3. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 7(3) don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2021.

▼M2

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(3), Airteagal 27(4), Airteagal 27(6), an ceathrú fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír, a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

▼B

5. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

▼B

6. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

▼M2

7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(3), Airteagal 27(4), Airteagal 27(6), an ceathrú fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 31(5), nó Airteagal 31a(2), an dara fomhír, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

▼B

Airteagal 36

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun Airteagail 2 go 13, 15 go 31, 37 agus Iarscríbhinní II, III agus V go IX a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2021. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireoidh siad chomh maith ráiteas go ndéanfar tagairtí i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ann cheana maidir leis an Treoir arna haisghairm leis an Treoir seo a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

3. Ní dhéanfar difear leis an Treoir seo d'fheidhmiú na maoluithe de bhun dhlí an Aontais maidir leis an margadh inmheánach i leith leictreachais.

Airteagal 37

Aisghairm

Déantar Treoir 2009/28/CE, arna leasú leis na Treoracha a liostaítear i gcuid A d'Iarscríbhinn XI, a aisghairm le héifeacht ón 1 Iúil 2021, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gcuid B d'Iarscríbhinn XI a thrasuí sa dlí náisiúnta agus gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát in 2020 mar a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus mar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn 1 de Threoir 2009/28/CE.
Is mar thagairtí don Treoir seo, a léifear i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn XII, a dhéanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú.

▼B

Airteagal 38

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Airteagal 39

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

▼B

IARSCRÍBHINN I

SPRIOCANNA FORIOMLÁNA NA MBALLSTÁT DO SCIAR AN FHUINNIMH Ó FHOINSÍ ►C3 IN-ATHNUAITE ◄ SAN OLLTOMHALTAS DEIRIDH FUINNIMH IN 2020 ([1])

A. Spriocanna foriomlána na mBallstát

	Sciar an fhuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ san olltomhaltas deiridh fuinnimh, 2005 (S_{2005})	An sprioc do sciar an fhuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ san olltomhaltas deiridh fuinnimh, 2020 (S_{2020})
An Bheilg	2,2 %	13 %
An Bhulgáir	9,4 %	16 %
Poblacht na Seice	6,1 %	13 %
An Danmhairg	17,0 %	30 %
An Ghearmáin	5,8 %	18 %
An Eastóin	18,0 %	25 %
Éire	3,1 %	16 %
An Ghréig	6,9 %	18 %
An Spáinn	8,7 %	20 %
An Fhrainc	10,3 %	23 %
An Chróit	12,6 %	20 %
An Iodáil	5,2 %	17 %
An Chipir	2,9 %	13 %
An Laitvia	32,6 %	40 %
An Liotuáin	15,0 %	23 %
Lucsamburg	0,9 %	11 %
An Ungáir	4,3 %	13 %
Málta	0,0 %	10 %
An Ísiltír	2,4 %	14 %
An Ostair	23,3 %	34 %
An Pholainn	7,2 %	15 %
An Phortaingéil	20,5 %	31 %
An Rómáin	17,8 %	24 %
An tSlóivéin	16,0 %	25 %
Poblacht na Slóvaice	6,7 %	14 %
An Fhionlainn	28,5 %	38 %
An tSualainn	39,8 %	49 %

▼M2

_____

([1]) Chun gur féidir na cuspóirí náisiúnta atá leagtha síos san Iarscríbhinn seo a bhaint amach, cuirtear i bhfáth go n-aithníonn na treoracha Státchabhrach don chosaint comhshaoil an gá leanúnach le sásraí tacaíochta náisiúnta maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄ a chur chun cinn.

▼M2

IARSCRÍBHINN IA

SCIARTHA NÁISIÚNTA A BHAINEANN LE TÉAMH AGUS FUARÚ D'FHUINNEAMH Ó FHOINSÍ IN-ATHNUAITE IN OLLTOMHALTAS DEIRIDH FUINNIMH LE hAGHAIDH 2020-2030

	Breisithe breise ar Airteagal 23(1) (i bpointí céatadáin) don tréimhse 2021-2025 (*)	Breisithe breise ar Airteagal 23(1) (i bpointí céatadáin) don tréimhse 2026-2030 (**)	Scaireanna a eascraíonn as sin, lena n-áirítear breisithe gan dramhtheas agus dramhfhuacht (i bpointí céatadáin)
an Bheilg	1,0	0,7	1,8
an Bhulgáir	0,7	0,4	1,5
an tSeicia	0,8	0,5	1,6
an Danmhairg	1,2	1,1	1,6
an Ghearmáin	1,0	0,7	1,8
an Eastóin	1,3	1,2	1,7
Éire	2,3	2,0	3,1
an Ghréig	1,3	1,0	2,1
an Spáinn	0,9	0,6	1,7
an Fhrainc	1,3	1,0	2,1
an Chróit	0,8	0,5	1,6
an Iodáil	1,1	0,8	1,9
an Chipir	0,8	0,5	1,6
an Laitvia	0,7	0,6	1,1
an Liotuáin	1,7	1,6	2,1
Lucsamburg	2,3	2,0	3,1
an Ungáir	0,9	0,6	1,7
Málta	0,8	0,5	1,6
an Ísiltír	1,1	0,8	1,9
an Ostair	1,0	0,7	1,8
an Pholainn	0,8	0,5	1,6
an Phortaingéil	0,7	0,4	1,5
an Rómáin	0,8	0,5	1,6
an tSlóivéin	0,8	0,5	1,6
an tSlóvaic	0,8	0,5	1,6
an Fhionlainn	0,6	0,5	1,0
an tSualainn	0,7	0,7	0,7

(*) Solúbthachtaí Airteagal 23(2), pointí (b) agus (c), i gcás inar cuireadh san áireamh iad agus na breisithe breise agus na scaireanna a eascraíonn astu á ríomh.

(**) Solúbthachtaí Airteagal 23(2), pointí (b) agus (c), i gcás inar cuireadh san áireamh iad agus na breisithe breise agus na scaireanna a eascraíonn astu á ríomh.

▼B

IARSCRÍBHINN II

RIAIL NORMALÚCHÁIN DON CHUNTAS AR LEICTREACHAS ARNA GHINIÚINT Ó HIDREACHUMHACHT AGUS Ó CHUMHACHT GHAOITHE

Cuirfear an riail seo a leanas i bhfeidhm chun críocha cuntasaíochta don leictreachas arna ghiniúint ó hidreachumhacht i mBallstát tugtha:

►C1 $Q_{N(norm)} = C_N \times \left[\sum_{i=N-14}^{N} \frac{Q_i}{C_i}\right]/15$ ◄ nuair atá:

N	=	an bhliain tagartha;
$Q_{N(norm)}$	=	an leictreachas normalaithe arna ghiniúint ag gach stáisiún hidrileictreach den Bhallstát sa bhliain N, chun críocha cuntasaíochta;
Q_i	=	cainníocht an leictreachais arna ghiniúint go hiarbhír i mbliain i ag gach stáisiún hidrileictreach sa Bhallstát arna thomhas in GWh, gan táirgeadh ó aonaid taisce pumpála a úsáideann uisce a pumpáladh in aghaidh fána roimhe sin;
C_i	=	an toilleadh iomlán suiteáilte, glan ar thaisce pumpála, ó gach stáisiún hidrileictreach sa Bhallstát ag deireadh na bliana i, arna thomhas in MW.

Cuirfear an riail seo a leanas i bhfeidhm chun críocha cuntasaíochta don leictreachas arna ghiniúint ó chumhacht ghaoithe ar talamh i mBallstát tugtha:

►C1 $Q_{N(norm)} = \frac{C_N + C_{N-1}}{2} \times \frac{\sum_{i=N-n}^{N} Q_i}{\sum_{j=N-n}^{N} \frac{C_j + C_{j-1}}{2}}$ ◄ nuair atá:

N	=	an bhliain tagartha;
$Q_{N(norm)}$	=	an leictreachas normalaithe arna ghiniúint ag gach gléasra cumhachta gaoithe ar talamh den Bhallstát sa bhliain N, chun críocha cuntasaíochta;
Q_i	=	cainníocht an leictreachais arna ghiniúint go hiarbhír i mbliain i ag gach stáisiún hidrileictreach ar talamh sa Bhallstát arna thomhas in GWh;
C_j	=	an toilleadh iomlán suiteáilte atá ag gach gléasra cumhachta gaoithe ar talamh sa Bhallstát ag deireadh na bliana j, arna thomhas in MW;
n	=	4 nó an líon de bhlianta roimh bhliain N lena bhfuil sonraí faoin toilleadh agus táirgeachta ar fáil don Bhallstát atá i gceist, cibé acu is ísle.

Cuirfear an riail seo a leanas i bhfeidhm chun críocha cuntasaíochta don leictreachas arna ghiniúint ó chumhacht ghaoithe amach ón gcósta i mBallstát tugtha:

►C1 $Q_{N(norm)} = \frac{C_N + C_{N-1}}{2} \times \frac{\sum_{i=N-n}^{N} Q_i}{\sum_{j=N-n}^{N} \frac{C_j + C_{j-1}}{2}}$ ◄ nuair atá:

N	=	an bhliain tagartha;
$Q_{N(norm)}$	=	an leictreachas normalaithe arna ghiniúint ag gach gléasra cumhachta gaoithe amach ón gcósta den Bhallstát sa bhliain N, chun críocha cuntasaíochta;

▼B

Q_i	=	cainníocht an leictreachais arna ghiniúint go hiarbhír i mbliain i ag gach stáisiún hidrileictreach amach ón gcósta sa Bhallstát arna thomhas in GWh;
C_j	=	an toilleadh iomlán suiteáilte atá ag gach gléasra cumhachta gaoithe amach ón gcósta sa Bhallstát ag deireadh na bliana j, arna thomhas in MW;
n	=	4 nó an líon de bhlianta roimh bhliain N lena bhfuil sonraí faoin toilleadh agus táirgeachta ar fáil don Bhallstát atá i gceist, cibé acu is ísle.

▼M2

IARSCRÍBHINN III

LUACH FUINNIMH BREOSLAÍ

Breosla	Luach fuinnimh de réir meáchain (luach calrach íochtarach, MJ/kg)	Luach fuinnimh de réir toirte (luach calrach íochtarach, MJ/l)
BREOSLAÍ Ó BHITHMHAIS AGUS/NÓ Ó OIBRÍOCHTAÍ PRÓISEÁLA BITHMHAISE		
Bithphrópán	46	24
Ola glasraí íon (ola arna táirgeadh ó phlandaí ola trí fháisceadh, eastóscadh nó modhanna inchomparáide, amh nó scagtha ach gan aon athrú ceimiceach)	37	34
Bithdhíosal - eistear meitile aigéid shailligh (eistear meitile arna tháirgeadh ó ola de thionscnamh bithmhaise)	37	33
Bithdhíosal - eistear eitile aigéid shailligh (eistear eitile arna tháirgeadh ó ola de thionscnamh bithmhaise)	38	34
Bithghás is féidir a íonú go cáilíocht gáis nádúrtha	50	—
Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireáil (arna cóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad díosail	44	34
Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireáil (arna cóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad díosail	45	30
Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireáil (arna cóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad scairdbhreosla	44	34
Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireáil (arna cóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad gás peitriliam leachtaithe	46	24
Ola chomhphróiseáilte (arna próiseáil i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad díosail	43	36
Ola chomhphróiseáilte (arna próiseáil i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad peitril	44	32
Ola chomhphróiseáilte (arna próiseáil i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad scairdbhreosla	43	33
Ola chomhphróiseáilte (arna próiseáil i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad gás peitriliam leachtaithe	46	23

▼M2

Breosla	Luach fuinnimh de réir meáchain (luach calrach íochtarach, MJ/kg)	Luach fuinnimh de réir toirte (luach calrach íochtarach, MJ/l)
BREOSLAÍ IN-ATHNUAITE IS FÉIDIR A THÁIRGEADH Ó FHOINSÍ ÉAGSÚLA IN-ATHNUAITE, LENA nÁIRÍTEAR BITHMHAIS		
Meatánól ó fhoinsí in-athnuaite	20	16
Eatánól ó fhoinsí in-athnuaite	27	21
Própánól ó fhoinsí in-athnuaite	31	25
Bútanól ó fhoinsí in-athnuaite	33	27
Díosal Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid in ionad díosail)	44	34
Peitreal Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid in ionad peitril)	44	33
Scairdbhreosla Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha, le húsáid in ionad scairdbhreosla)	44	33
Gás peitriliam leachtaithe Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid in ionad gás peitriliam leachtaithe)	46	24
DME (éitear démheitile)	28	19
Hidrigin ó fhoinsí in-athnuaite	120	—
ETBE (éitear búitileach treasach eitileach arna tháirgeadh ar bhonn eatánóil)	36 (lena n-áirítear 33 % ó fhoinsí in-athnuaite)	27 (lena n-áirítear 33 % ó fhoinsí in-athnuaite)
MTBE (éitear búitileach treasach meitileach arna tháirgeadh ar bhonn meatánóil)	35 (lena n-áirítear 22 % ó fhoinsí in-athnuaite)	26 (lena n-áirítear 22 % ó fhoinsí in-athnuaite)
TAEE (éitear eitileach treasach aimileach arna tháirgeadh ar bhonn eatánóil)	38 (lena n-áirítear 29 % ó fhoinsí in-athnuaite)	29 (lena n-áirítear 29 % ó fhoinsí in-athnuaite)
TAME (éitear eitileach treasach meitileach aimileach arna tháirgeadh ar bhonn meatánóil)	36 (lena n-áirítear 18 % ó fhoinsí in-athnuaite)	28 (lena n-áirítear 18 % ó fhoinsí in-athnuaite)
THxEE (éitear eitileach treasach heicsealach arna tháirgeadh ar bhonn eatánóil)	38 (lena n-áirítear 25 % ó fhoinsí in-athnuaite)	30 (lena n-áirítear 25 % ó fhoinsí in-athnuaite)
THxME (éitear meitileach treasach heicsealach arna tháirgeadh ar bhonn meatánóil)	38 (lena n-áirítear 14 % ó fhoinsí in-athnuaite)	30 (lena n-áirítear 14 % ó fhoinsí in-athnuaite)
BREOSLAÍ NEAMH-IN-ATHNUAITE		
Peitreal	43	32
Díosal	43	36
Scaird-bhreosla	43	34
Hidrigin ó fhoinsí neamh-in-athnuaite	120	—

▼B

IARSCRÍBHINN IV

▼M2

OILIÚINT AGUS DEIMHNIÚ SUITEÁLAITHE AGUS DEARTHÓIRÍ SUITEÁLACHA FUINNIMH IN-ATHNUAITE

Beidh na scéimeanna deimhniúcháin nó cáiliúcháin coibhéiseacha agus na cláir oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 18(3) bunaithe ar na critéir seo a leanas:

1. Beidh an próiseas deimhniúcháin nó cáiliúcháin coibhéiseach trédhearcach agus sainithe go soiléir ag na Ballstáit nó ag an gcomhlacht riaracháin a cheapfaidh siad.

1a. Déanfar na deimhnithe a eisíonn comhlachtaí deimhniúcháin a shainiú go soiléir agus beidh siad éasca le sainaithint d'oibrithe agus do ghairmithe atá ag lorg deimhniúcháin.

1b. Cuirfidh an próiseas deimhniúcháin ar chumas suiteálaithe an t-eolas teoiriciúil agus praiticiúil is gá a fháil agus a ráthú go bhfuil na scileanna is gá acu chun suiteálacha ardcháilíochta a oibríonn go hiontaofa a chur i bhfeidhm.

2. Suiteálaithe córas lena n-úsáidtear bithmhais, teaschaidéil, fuinneamh geoiteirmeach éadomhain, grianfhuinneamh fótavoltach agus grianfhuinneamh teirmeach, lena n-áirítear stóráil fuinnimh agus pointí athluchtaithe, beidh deimhniú acu ó chlár oiliúna creidiúnaithe nó soláthraí oiliúna creidiúnaithe nó ó scéimeanna cáiliúcháin coibhéiseacha.

3. Is iad na Ballstáit nó an comhlacht riaracháin a cheapfaidh siad a dhéanfaidh creidiúnú ar an gclár oiliúna nó soláthraí oiliúna. Áiritheoidh an comhlacht creidiúnúcháin go mbeidh cuimsitheacht agus leanúnachas agus clúdach réigiúnach nó náisiúnta ag baint leis na cláir oiliúna, lena n-áirítear cláir uas-scilithe agus athscilithe, arna dtairiscint ag an soláthraí oiliúna.

Beidh saoráidí teicniúla leormhaithe ag an soláthraí oiliúna chun oiliúint phraiticiúil a sholáthar, lena n-áirítear trealamh leordhóthanach saotharlainne nó saoráidí comhfhreagracha chun oiliúint phraiticiúil a sholáthar.

I dteannta na bunoiliúna, déanfaidh an soláthraí oiliúna cúrsaí oiliúna athnuachana agus uas-scilithe níos giorra arna n-eagrú i modúil oiliúna a thairiscint lena gcuirtear ar chumas suiteálaithe agus dearthóirí inniúlachtaí nua a fhoghlaim, agus a gcuid scileanna a leathnú agus a éagsúlú i roinnt cineálacha teicneolaíochta agus ina réimsí féin. Áiritheoidh an soláthraí oiliúna go gcuirfear oiliúint in oiriúint do theicneolaíocht nua fuinnimh in-athnuaite i gcomhthéacs na bhfoirgneamh, na tionsclaíochta agus na talmhaíochta. Aithneoidh soláthraithe oiliúna na scileanna ábhartha a fhoghlaimítear.

Dearfar na cláir oiliúna agus na modúil oiliúna sa chaoi is go mbeifear in ann foghlaim ar feadh an tsaoil a dhéanamh i suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus beidh siad comhoiriúnach leis an ngairmoiliúint do chuardaitheoirí poist céaduaire agus do dhaoine fásta atá ag lorg athoiliúna nó fostaíocht nua.

Dearfar na cláir oiliúna chun gur fusa cáilíochtaí a fháil lena gcumhdaítear cineálacha éagsúla teicneolaíochta agus réitigh éagsúla agus chun speisialtóireacht theoranta i mbranda sonrach nó i dteicneolaíocht shonrach a sheachaint. Féadfaidh monaróir an trealaimh nó an chórais, institiúidí nó cumainn a bheith ina soláthraí oiliúna.

▼B

4. Beidh codanna teoiriciúla agus codanna praiticiúla araon san áireamh san oiliúint a mbeidh deimhniú suiteálaí nó cáilíocht suiteálaí mar thoradh leis. Ag deireadh na hoiliúna, ní mór na scileanna a bheith ag an suiteálaí atá de dhíth chun an trealamh agus na córais ábhartha a shuiteáil chun riachtanais feidhmíochta agus iontaofachta an chustaiméara a shásamh, cearddaíocht ardchaighdeáin a úsáid, agus gach cód agus caighdeán is infheidhme, lena n-áirítear lipéadú fuinnimh agus éicilipéadú, a chomhlíonadh.

▼M2

5. Críochnóidh an cúrsa oiliúna le scrúdú a mbeidh deimhniú nó cáilíocht mar thoradh air. Beidh san áireamh sa scrúdú measúnú praiticiúil ar choirí bithmhaise nó soirn bhithmhaise, teaschaidéil, suiteálacha geoiteirmeacha éadoimhne, suiteálacha fótavoltacha gréine nó teirmeacha gréine, lena n-áirítear stóráil fuinnimh, nó pointí athluchtaithe, lena gcumasaítear freagairt don éileamh, a shuiteáil go rathúil.

▼B

6. Sna scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna um cháilíochtaí coibhéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 18(3) tabharfar aird chuí ar na treoirlíne seo a leanas:

(a) Ba cheart cláir oiliúna creidiúnaithe a thairiscint do shuiteálaithe a bhfuil taithí oibre acu, a bhfuil na cineálacha oiliúna seo a leanas déanta nó á dhéanamh acu:

(i) i gcás suiteálaithe coirí agus sorn bithmhaise: oiliúint mar phluiméir, oirtheoir píopaí, innealtóir téimh nó teicneoir suiteála trealamh sláintíochta agus téimh nó fuaraithe mar réamhriachtanas;

(ii) i gcás suiteálaithe teaschaidéal: oiliúint mar phluiméir nó innealtóir fuaraithe agus bunscileanna leictreachais agus pluiméireachta (gearradh píopaí, ailt píopaí a shádráil, ailt píopaí a ghliúáil, fálú, feistis a shéalú, tástáil le haghaidh sceite agus córais téimh nó fuaraithe a shuiteáil) mar réamhriachtanas;

(iii) i gcás suiteálaithe córas fótavoltach gréine nó teirmeach gréine: oiliúint mar phluiméir nó leictreoir agus scileanna pluiméireachta, leictreachais agus díonta, lena n-áirítear cur amach ar ailt píopaí a shádráil, ailt píopaí a ghliúáil, feistis a shéalú, tástáil le haghaidh sceitheadh pluiméireachta, cumas sreanga a nascadh, eolas ar bhunábhair dín agus ar mhodhanna fleasctha agus séalaithe mar réamhriachtanas; nó

(iv) scéim gairmoiliúna chun scileanna leordhóthanacha a sholáthar do shuiteálaithe a fhreagraíonn d'oideachas 3 bliana sna scileanna dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) a chuimsíonn foghlaim sa seomra ranga agus foghlaim obairbhunaithe araon.

(b) Sa chuid theoiriciúil den oiliúint do shuiteálaithe sorn agus coirí bithmhaise ba cheart forléargas a thabhairt ar staid margaidh an bhithmhaise agus ba cheart gnéithe éiceolaíocha, breoslaí bithmhaise, lóistíocht, cosaint dóiteáin, fóirdheontais ghaolmhara, teicnící dócháin, córais adhainte, réitigh hiodrálacha optamacha, comparáidí idir an costas agus an cumas tuillimh a chumhdach, chomh maith le coirí bithmhaise agus soirn bhithmhaise a dhearadh, a shuiteáil agus a chothabháil. Ba cheart eolas maith a thabhairt mar chuid den oiliúint ar aon chaighdeán Eorpach le haghaidh teicneolaíochtaí agus breoslaí bithmhaise (millíní mar shampla) agus ar an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais a bhaineann le bithmhais.

▼M2

(c) Sa chuid theoiriciúil den oiliúint do shuiteálaithe teaschaidéal, ba cheart forléargas a thabhairt ar staid an mhargaidh do theaschaidéil agus ba cheart a chumhdach léi foinsí fuinnimh gheoiteirmigh agus teocht foinsí talún i réigiúin éagsúla, ithreacha agus carraigeacha a shainaithint don tseoltacht theirmeach, rialacháin maidir le foinsí fuinnimh gheoiteirmigh a úsáid, a indéanta atá sé teaschaidéil a úsáid i bhfoirgnimh agus an córas teaschaidéil is oiriúnaí a fháil amach, agus eolas faoi na ceanglais theicniúla a bhaineann leo, sábháilteacht, scagadh aeir, nascadh leis an bhfoinse teasa agus leagan amach an chórais, agus comhtháthú le réitigh stórála fuinnimh, lena n-áirítear in éineacht le suiteálacha gréine. Leis an oiliúint, ba cheart eolas maith a thabhairt freisin ar aon chaighdeán Eorpach le haghaidh teaschaidéal agus ar an dlí náisiúnta ábhartha agus dlí ábhartha an Aontais. Ba cheart don suiteálaí na príomh-inniúlachtaí seo a leanas a léiriú:

▼B

(i) buntuiscint ar na prionsabail fhisiciúla agus oibríochta a bhaineann le teaschaidéal, lena n-áirítear tréithe thimthriall an chaidéil: an gaol idir teocht íseal an slogaide teasa; teocht ard na foinse teasa, agus éifeachtúlacht an chórais, an chomhéifeacht feidhmiúcháin a oibriú amach agus an chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh (SPF) a oibriú amach;

(ii) tuiscint ar na comhpháirteanna agus ar an bhfeidhm atá acu i dtimthriall an teaschaidéil, lena n-áirítear an comhbhrúiteoir, an comhla forbartha, an galaitheoir, an comhdhlúthadán, na feistis agus feistí, an ola bhealaithe, an cuisneán, agus féidearthachtaí forthéamh, fofhuarú agus fuarú a dhéanamh le teaschaidéil; agus

▼M2

(iii) an cumas comhpháirteanna a roghnú agus a mhéidniú i ngnáthimthosca suiteála, lena n-áirítear luachanna tipiciúla a chinneadh don lód teasa atá ag foirgnimh éagsúla agus do tháirgeadh uisce the bunaithe ar thomhaltas fuinnimh, toilleadh an teaschaidéil a chinneadh bunaithe ar an luach fuinnimh chun uisce te a tháirgeadh, ar thoirt stórála an fhoirgnimh agus ar an soláthar inbhriste cumhachta; réitigh stórála fuinnimh a chinneadh, lena n-áirítear trí chomhpháirt an umair mhaolánaigh agus a thoirt agus an dara córas téimh a chomhtháthú;

(iv) tuiscint ar staidéir féidearthachta agus dearaidh;

(v) tuiscint ar dhruileáil, i gcás teaschaidéil gheoiteirmeacha.

(d) Sa chuid theoiriciúil den oiliúint do shuiteálaithe córas fótavoltach gréine agus córas teirmeach gréine, ba cheart forléargas a thabhairt ar staid margaidh na dtáirgí gréine agus ar an gcomparáid idir na costais agus an cumas tuillimh, agus ba cheart a chumhdach léi gnéithe éiceolaíocha, comhpháirteanna, saintréithe agus toisiú na gcóras gréine, córais chruinne a roghnú agus toisiú na gcomhpháirteanna, an t-éileamh ar theas a chinneadh, roghanna chun réitigh stórála fuinnimh a chomhtháthú, cosaint dóiteáin, fóirdheontais ghaolmhara, chomh maith le suiteálacha fótavoltacha gréine agus teirmeacha gréine a dhearadh, a shuiteáil agus a chothabháil. Leis an oiliúint, ba cheart eolas maith a thabhairt ar aon chaighdeán Eorpach le haghaidh teicneolaíochtaí, agus ar dheimhniú amhail Solar Keymark, agus ar an dlí náisiúnta gaolmhar agus dlí gaolmhar an Aontais. Ba cheart don suiteálaí na príomh-inniúlachtaí seo a leanas a léiriú:

▼B

(i) an cumas bheith ag obair go sábháilte ag baint úsáid as na huirlisí agus an trealamh atá de dhíth agus ag cur cóid agus caighdeáin shábháilteachta chun feidhme, agus chun guaiseanna pluiméireachta, leictreacha nó guaiseanna eile a bhaineann le suiteálacha gréine a shainaithint;

▼M2

(ii) an cumas chun córais agus a gcomhpháirteanna a bhaineann go sonrach le córais ghníomhacha agus éighníomhacha a shainaithint, lena n-áirítear an dearadh meicniúil, agus chun suíomh na gcomhpháirteanna, leagan amach an chórais agus an chumraíocht a chinneadh, agus roghanna chun réitigh stórála fuinnimh a chomhtháthú, lena n-áirítear trí chomhcheangal le stáisiúin athluchtaithe;

▼B

(iii) an cumas an t-achar suiteála, an treoshuíomh agus an claonadh a oibriú amach do chórais fhótavoltacha gréine agus do théitheoirí uisce gréine, ag cur san áireamh scáthú, rochtain ar an ngrian, iomláine struchtúrach agus oiriúnacht na suiteála don fhoirgneamh nó don aeráid agus modhanna suiteála éagsúla a shainaithint atá oiriúnach do chineálacha éagsúla dín agus trealaimh (cothromaíocht an córais nó *balance of system*) atá de dhíth don tsuiteáil; agus

▼B

(iv) i gcás córais fhótavoltacha gréine go háirithe, an cumas an dearadh leictreach a oiriúnú, lena n-áirítear sreabha dearaidh a oibriú amach, cineálacha oiriúnacha seoltóirí agus rátálacha oiriúnacha a roghnú do gach ciorcad leictreach, an méid, rátáil agus suíomh oiriúnach a oibriú amach don trealamh uile agus do na fochórais uile atá gaolmhar, agus pointe idirnaisc oiriúnach a roghnú.

(e) ba cheart deimhniú suiteálaí a bheith teoranta ó thaobh ama de, sa chaoi go mbeadh athnuachan, i bhfoirm seimineáir nó i bhfoirm imeachta eile, de dhíth le leanúint de bheith deimhnithe.

▼B

IARSCRÍBHINN V

RIALACHA CHUN TIONCHAR GÁIS CEAPTHA TEASA BITHBHREOSLAÍ, BITHLEACHTANNA AGUS A DTÁIRGÍ COMPARÁIDE BREOSLA IONTAISE A RÍOMH

A. LUACHANNA TIPICIÚLA AGUS LUACHANNA RÉAMHSHOCRAITHE DO BHITHBHREOSLAÍ I gCÁS INA dTÁIRGTEAR IAD GAN GLAN-ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN Ó ATHRÚ SA TALAMHÚSÁID

Conair táirgeachta an bhithbhreosla	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa —luachanna tipiciúla	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa —luachanna réamhsho-craithe
eatánól biatais siúcra (gan bhithghás ó ligean, gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna coirí traidisiúnta)	67 %	59 %
eatánól biatais siúcra (le bithghás ó ligean, gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna coirí traidisiúnta)	77 %	73 %
eatánól biatais siúcra (gan bhithghás ó ligean, gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	73 %	68 %
eatánól biatais siúcra (le bithghás ó ligean, gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	79 %	76 %
eatánól biatais siúcra (gan bhithghás ó ligean, gual donn mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	58 %	47 %
eatánól biatais siúcra (le bithghás ó ligean, gual donn mar bhreosla próisis sna coirí CTÉ (*))	71 %	64 %
eatanól déanta as arbhar (Indiach) (gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna coirí traidisiúnta)	48 %	40 %
eatanól déanta as arbhar (Indiach), (gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	55 %	48 %
eatánól déanta as arbhar (Indiach) (gual donn mar bhreosla próisis sna coirí traidisiúnta (*))	40 %	28 %
eatanól déanta as arbhar (Indiach) (iarmhair foraoise mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	69 %	68 %
gránaigh eile seachas eatanól déanta as arbhar Indiach (gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna coirí traidisiúnta)	47 %	38 %
gránaigh eile seachas eatanól déanta as arbhar Indiach (gás nádúrtha mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	53 %	46 %
gránaigh eile seachas eatanól déanta as arbhar Indiach (gual donn mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	37 %	24 %
gránaigh eile seachas eatanól déanta as arbhar Indiach (iarmhair foraoise mar bhreosla próisis sna gléasraí CTÉ (*))	67 %	67 %

▼B

Conair táirgeachta an bhithbhreosla	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa —luachanna tipiciúla	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa —luachanna réamhsho-craithe
eatanól cána siúcra	70 %	70 %
an chuid d'éitear búitileach treasach eitileach (ETBE) ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta eatánóil a úsáideadh	
an chuid d'éitear eitileach treasach aimileach (TAEE) ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta eatánóil a úsáideadh	
bithdhíosal síl ráibe	52 %	47 %
bithdhíosal lus na gréine	57 %	52 %
bithdhíosal pónairí soighe	55 %	50 %
▼C1 bithdhíosal ola pailme (linn oscailte d'eisilteach)	33 %	20 %
▼B bithdhíosal ola pailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	51 %	45 %
bithdhíosal ola dramhaíola cócaireachta	88 %	84 %
bithdhíosal as saill ainmhíoch a leá (**)	84 %	78 %
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó shíol ráibe	51 %	47 %
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó lus na gréine	58 %	54 %
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó phónairí soighe	55 %	51 %
bithdhíosal arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme (linn oscailte d'eisilteach)	34 %	22 %
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	53 %	49 %
ola arna chóireáil le hidrigin ó dhramh-ola cócaireachta	87 %	83 %
ola arna chóireáil le hidrigin as saill ainmhíoch a leá (**)	83 %	77 %
ola glasraí íon ó shíol ráibe	59 %	57 %
ola glasraí íon ó lus na gréine	65 %	64 %
ola glasraí íon ó phónairí soighe	63 %	61 %
ola glasraí íon ó ola phailme (linn oscailte d'eisilteach)	40 %	30 %
ola glasraí íon ó ola phailme (próiseas lena ngabhtar meatán ag an muileann ola)	59 %	57 %
ola arna chóireáil le hidrigin ó dhramh-ola cócaireachta	98 %	98 %

(*) Níl na luachanna réamhshocraithe do phróisis lena n-úsáidtear cumhacht agus teas in éineacht bailí ach amháin má sholáthraíonn an stáisiún CTÉ teas iomlán an phróisis.

(**) Níl feidhm aige ach amháin maidir le bithbhreoslaí arna dtáirgeadh ó sheachtháirgí ainmhithe a aicmítear mar ábhar i gcatagóir 1 agus i gcatagóir 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] nach gcuirtear astaíochtaí a bhaineann le sláintíocht atá mar chuid den phróiseas san áireamh ina leith.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

▼B

B. LUACHANNA TIPICIÚLA AGUS LUACHANNA RÉAMHSHOCRAITHE DO BHITHBHREOSLAÍ AMACH ANSEO NACH RAIBH AR AN MARGADH NÓ NACH RAIBH ACH CAINNÍOCHT DHIOMAIBHSEACH AR AN MARGADH IN 2016, MÁ THÁIRGTEAR IAD GAN AON GHLANASTAÍOCHTAÍ ÓN ATHRÚ SA TALAMHÚSÁID

Conair táirgeachta an bhithbhreosla	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa —luachanna tipiciúla	Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa —luachanna réamhshocraithe
eatánól tuí cruinneachta	85 %	83 %
▼C1 díosal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	83 %	83 %
▼B díosal Fischer-Tropsch déanta as adhmad saothraithe i ngléasra scoite	82 %	82 %
▼C1 peitreal Fischer-Tropsch déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	83 %	83 %
▼B peitreal Fischer-Tropsch déanta as adhmad saothraithe i ngléasra scoite	82 %	82 %
▼C1 éitear démheitile (DME) déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	84 %	84 %
▼B éitear démheitile (DME) déanta as adhmad saothraithe i ngléasra scoite	83 %	83 %
▼C1 meatánól déanta as bruscarnach adhmaid i ngléasra scoite	84 %	84 %
▼B meatánól déanta as adhmad saothraithe i ngléasra scoite	83 %	83 %
díosal Fischer — Tropsch déanta as gású liocáire duibhe comhtháite le laíon ag an muileann	89 %	89 %
peitreal Fischer — Tropsch déanta as gású liocáire duibhe comhtháite le laíon ag an muileann	89 %	89 %
éitear démheitile (DME) Fischer — Tropsch déanta as gású liocáire duibhe comhtháite le laíon ag an muileann	89 %	89 %
meatánól déanta as gású liocáire duibhe comhtháite le laíon ag an muileann	89 %	89 %
an chuid d'éitear búitileach treasach meitileach (MTBE) ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta meatánóil a úsáideadh	

C. MODHEOLAÍOCHT

1. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh agus úsáid breoslaí iompair, bithbhreoslaí agus bithleachtanna a ríomh mar seo a leanas:

(a) déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh agus úsáid bithbhreoslaí seo a leanas:

$$E = e_{ec} + e_l + e_p + e_{td} + e_u - e_{sca} - e_{ccs} - e_{ccr},$$

áit a bhfuil

E	=	iomlán na n-astaíochtaí ó úsáid an bhreosla;
e_{ec}	=	na hastaíochtaí ó eastóscadh nó saothrú na n-amhábhar;

▼B

e_l	=	astaíochtaí bliantúlaithe ó athruithe ar an stoc carbóin arb é athrú sa talamhúsáid is cúis leo;
e_p	=	astaíochtaí ón bpróiseáil;
e_{td}	=	astaíochtaí ón iompar agus ón dáileadh;
e_u	=	astaíochtaí ón mbreosla i mbun úsáide;
e_{sca}	=	laghdú ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir a bhuí le bainistiú feabhsaithe talmhaíochta;
e_{ccs}	=	laghdú ar astaíochtaí ó ghabháil agus stóráil CO_2; agus
e_{ccr}	=	laghdú ar astaíochtaí ó ghabháil agus athsholáthar CO_2.

Ní chuirfear astaíochtaí ó mhonarú innealra agus trealaimh san áireamh.

(b) Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh agus úsáid bith-leachtanna a ríomh amhail agus a dhéantar do bhithbhreoslaí (E), ach leis an síneadh is gá chun an tiontú fuinnimh go leictreachas agus/nó teas agus fuacht, mar seo a leanas:

(i) I gcás monarchana fuinnimh nach dtugann uathu ach teas:

$$EC_h = \frac{E}{\eta_h}$$

(ii) I gcás monarchana fuinnimh nach dtugann uathu ach leictreachas:

$$EC_{el} = \frac{E}{\eta_{el}}$$

áit a bhfuil

$EC_{h,el}$ = Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tráchtearra fuinnimh deiridh.

E = Iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhithleachta roimh a thiontú deiridh.

η_{el} = An éifeachtúlacht leictreach, arna sainmhíniú mar an giniúint bhliantúil leictreachais roinnte ar an t-ionchur bliantúil bithleachta bunaithe ar a luach fuinnimh.

η_h = An éifeachtúlacht teasa, arna sainmhíniú mar an t-aschur teasa úsáidigh roinnte ar an t-ionchur bliantúil bithleachta bunaithe ar a luach fuinnimh.

(iii) I gcás an leictreachais nó an fhuinnimh mheicniúil a thagann as monarchana fuinneamh a thugann teas úsáideach uathu in éineacht le leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil:

$$EC_{el} = \frac{E}{\eta_{el}} \left(\frac{C_{el} \cdot \eta_{el}}{C_{el} \cdot \eta_{el} + C_h \cdot \eta_h} \right)$$

▼B

(iv) I gcás an teasa úsáidigh a thagann as monarchana fuinneamh a thugann teas uathu in éineacht le leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil:

$$EC_h = \frac{E}{\eta_h}\left(\frac{C_h \cdot \eta_h}{C_{el} \cdot \eta_{el} + C_h \cdot \eta_h}\right)$$

áit a bhfuil:

$EC_{h,el}$ = Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tráchtearra fuinnimh deiridh.

E = Iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhithleachta roimh a thiontú deiridh.

η_{el} = An éifeachtúlacht leictreach, arna sainmhíniú mar an giniúint bhliantúil leictreachais roinnte ar an t-ionchur bliantúil breosla bunaithe ar a luach fuinnimh.

η_h = An éifeachtúlacht teasa, arna sainmhíniú mar an t-aschur bliantúil teasa úsáidigh roinnte ar an t-ionchur bliantúil bithleachta bunaithe ar a luach fuinnimh.

C_{el} = An codán d'eiseirge sa leictreachas, socraithe ag 100 % (Cel = 1).

C_h = Éifeachtúlacht Carnot (an codán d'eiseirge sa teas úsáideach).

Sainmhínítear éifeachtúlacht Carnot, C_h, don teas úsáideach ag teochtaí éagsúla mar:

$$C_h = \frac{T_h - T_0}{T_h}$$

áit a bhfuil

T_h = Teocht, arna thomhas mar dearbhtheocht (ceilvin) den teas úsáideach ag an bpointe seachadta.

T_0 = Teocht na timpeallachta, socraithe ag 273,15 ceilvin (cothrom le 0 °C)

I gcás ina ndéantar an teas iomarcach a onnmhairiú do théamh foirgneamh, ag teocht faoi bhun 150 °C (423,15 K), is féidir, mar mhalairt air sin, C_h a shainmhíniú mar a leanas:

C_h = Éifeachtúlacht Carnot sa teas ag 150 °C (423,15 ceilvin), is é sin: 0,3546

Chun críocha an ríofa sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “comhghiniúint” giniúint chomhuaineach, in aon phróiseas amháin, d'fhuinneamh teirmeach agus de leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil;

(b) ciallaíonn “teas úsáideach” teas arna ghiniúint chun éileamh ar theas atá inchosanta ar bhonn eacnamaíoch a shásamh, chun críocha téimh agus fuaraithe;

(c) ciallaíonn “éileamh inchosanta ar bhonn eacnamaíoch” éileamh nach sáraíonn na riachtanais ar theas nó ar fhuarú atá ann agus a shásófaí ar bhealach eile ag dálaí an mhargaidh.

2. Sloinnfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhithbhreoslaí agus bithleachtanna mar seo a leanas:

(a) sloinnfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhithbhreoslaí, E, i dtéarmaí graim de choibhéis CO_2 in aghaidh an MJ de bhreosla, gCO_2eq/MJ.

(b) astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhithleachtanna, CE, i dtéarmaí graim de choibhéis CO_2 in aghaidh an MJ den tráchtearra deiridh fuinnimh (teas nó leictreachas), gCO_2eq/MJ.

▼B

Nuair a dhéantar téamh agus fuarú a chomhghiniúint le leictreachas déanfar astaíochtaí a leithdháileadh idir teas agus leictreachas (amhail faoi 1(b)) beag beann ar an teas a úsáid chun críocha iarbhíre téimh nó don fhuarú ([1]).

I gcás ina sloinntear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó eastóscadh nó saothrú na n-amhábhar e_{ec} san aonad g CO_2eq/tona tirim bunábhair déanfar an tiontú go graim de choibhéis CO_2 in aghaidh an MJ breosla, gCO_2eq/MJ a ríomh mar seo a leanas ([2]);

$$e_{ec}breosla_a\left[\frac{gCO_2eq}{MJ\ fuel}\right]_{ec} = \frac{e_{ec}amhábhar_a\left[\frac{gCO_2eq}{t_{tirim}}\right]}{LHV_a\left[\frac{MJ\,amhábhair}{tamhábhair\ thirim}\right]} \times Factóir\ breosla/amhábhair_a \times Factóir\ leithdháilte\ breosla_a$$

áit a bhfuil

$$Fachtóir\ leithdháilte\ breosla/Fuinneamh\ sa\ bhreosla_a = \left[\frac{Fuinneamh\ sa\ bhreosla}{Fuinneamh\ sna\ comhtháirgí + Factóir\ breosla}\right]$$

$$amhábhair_a = \left[An\ cóimheas\ de MJ\ amhábhair\ is\ gá\ chun\ 1\ MJ\ breosla\ a\ dhéanamh\right]$$

Déanfar astaíochtaí in aghaidh an tona tirim bunábhair a ríomh mar seo a leanas:

$$e_{ec}amhábhar_a\left[\frac{gCO_2eq}{t_{tirim}}\right] = \frac{e_{ec}amhábhar_a\left[\frac{gCO_2eq}{t_{tais}}\right]}{\left(1 - cion\ taise\right)}$$

3. Déanfar laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhithbhreoslaí agus ó bhithleachtaí a ríomh mar seo a leanas:

   (a) laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhithbhreoslaí:

   LAGHDÚ = $(E_{F(t)} - E_B)/E_{yF(t)}$

   áit a bhfuil

E_B	=	iomlán na n-astaíochtaí ón mbithbhreosla; agus
$E_{F(t)}$	=	iomlán na n-astaíochtaí ó tháirgí comparáide breoslaí iontaise don iompar

   (b) laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó théamh agus fuarú, agus leictreachas á ghiniúint ó bhithbhreoslaí:

   LAGHDÚ = $(EC_{F(h\&c,el,)} - EC_{B(h\&c,el)})/EC_{F\ (h\&c,el)}$,

   áit a bhfuil

   $EC_{B(h\&c,el)}$ = iomlán na n-astaíochtaí ón teas nó ón leictreachas; agus

([1]) Úsáidtear teas nó dramhtheas chun fuarú (aer nó uisce fuaraithe) a spreagadh trí fhuarthóirí ionsúcháin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na hastaíochtaí amháin a bhaineann leis an teas arna tháirgeadh in aghaidh an MJ a ríomh, beag beann ar a bhfuil úsáid deiridh an teasa ag téamh nó ag fuarú trí na fuarthóirí ionsúcháin.

([2]) Baineann an fhoirmle le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó úscadh nó saothrú amhábhair e_{ec} a ríomh le cásanna ina ndéantar an bunábhar a chomhshó ina bhithbhreoslaí in aon chéim amháin. Maidir le slabhraí soláthair atá níos casta, tá gá le coigeartuithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úscadh nó saothrú amhábhair e_{ec} le haghaidh táirgí idirmheánacha a ríomh.

▼B

$EC_{F(h\&c,el)}$ = iomlán na n-astaíochtaí ó tháirgí comparáide breoslaí iontaise don teas nó leictreachas úsáideach.

4. Is iad CO_2, N_2O agus CH_4 na gáis ceaptha teasa a chuirfear san áireamh chun críocha phointe 1. Chun críocha coibhéis CO_2 a ríomh, tabharfar an luach seo a leanas do na gáis sin:

CO_2	:	1
N_2O	:	298
CH_4	:	25

5. Áiritheofar le hastaíochtaí ó eastóscadh nó ó shaothrú amhábhar e_{ec}, astaíochtaí ón bpróiseas eastósctha nó saothraithe é féin; ó bhailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar; ó dhramhaíl agus sceitheadh; agus ó tháirgeadh ceimiceán nó táirgí a úsáidtear san eastóscadh nó sa saothrú. Cuirfear gabháil CO_2 i saothrú na n-amhábhar as an áireamh. Féadfar meastacháin ar astaíochtaí ó shaothrú bithmhaise talmhaíochta a dhíorthú as meáin réigiúnacha le haghaidh astaíochtaí ó shaothrú atá san áireamh sna tuar-ascálacha dá dtagraítear in Airteagal 31(4) nó as an bhfaisnéis faoi na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe le haghaidh astaíochtaí ó shaothrú atá san áireamh san Iarscríbhinn seo, mar mhalairt ar luachanna iarbhíre a úsáid. Murab ann d'fhaisnéis ábhartha sna tuarascálacha sin is ceadmhach meáin a ríomh bunaithe ar chleachtais feirmeoireachta áitiúla atá bunaithe mar shampla ar shonraí grúpa feirmeacha mar mhalairt ar luachanna iarbhíre a úsáid.

▼M2

6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistiú feabhsaithe talmhaíochta, e_{sca},, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, bhairr fheabhsaithe agus uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach, amhail múirín agus díleáiteán coipthe aoiligh, mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraíodh na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin ([1]).

▼B

7. Déanfar astaíochtaí bliantúlaithe ó athruithe sa stoc carbóin arb é athrú sa talamhúsáid is cúis leo, e_l, a ríomh trí astaíochtaí iomlána a roinnt go cothrom thar 20 bliain. Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear an riail seo a leanas i bhfeidhm:

$$e_l = (CS_R - CS_A) \times 3{,}664 \times 1/20 \times 1/P - e_B, ([2])$$

áit a bhfuil

([1]) Is féidir le tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i bhfianaise den sórt sin, e.g. tríd an gcéad tomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. I gcás den sórt sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheas ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion carbóin na hithreach agus ar a mhéid

([2]) Is ionann an líon a fhaightear nuair a roinntear meáchan móilíneach CO_2 (44,010 g/mol) ar mheáchan móilíneach carbón (12,011 g/mol) agus 3,664.

▼B

e_l	=	astaíochtaí bliantúlaithe gás ceaptha teasa ó athruithe sa stoc carbóin arb é athrú sa talamhúsáid is cúis leo (arna thomhas mar mhais (graim) de choibhéis CO_2 in aghaidh an aonaid d'fhuinneamh bithbhreosla nó bithleachta (meigigiúil)). Measfar "talamh curaíochta" ([1]) agus "talamh curaíochta ilbhliantúil" ([2]) mar aon talamhúsáid amháin;
CS_R	=	an stoc carbóin in aghaidh an aonaid achair a bhaineann leis an talamhúsáid tagartha (arna thomhas mar mhais (tonaí) carbóin in aghaidh an aonaid achair, lena n-áirítear ithir agus fásra araon). Is é an talamhúsáid in Eanáir 2008 nó 20 bliain sula bhfuarthas an t-amhábhar, cibé acu is déanaí, a bheidh sa talamhúsáid tagartha;
CS_A	=	an stoc carbóin in aghaidh an aonaid achair a bhaineann leis an talamhúsáid iarbhír (arna thomhas mar mhais (tonaí) carbóin in aghaidh an aonaid achair, lena n-áirítear ithir agus fásra araon). I gcásanna ina gcarnann an stoc carbóin thar níos mó na bliain amháin, is é an stoc measta in aghaidh an aonaid achair tar éis 20 bliain nó nuair a bhaineann an barr aibíocht amach, cibé acu is túisce, an luach a shannfar do CS_A;
P	=	táirgiúlacht an bhairr (arna thomhas mar fhuinneamh bithbhreosla nó bithleachta in aghaidh an aonaid achair in aghaidh na bliana) agus
e_B	=	bónas 29 gCO_2eq/MJ bithbhreosla nó bithleachta má fhaightear an bhithmhais ó thalamh dhíghrádaithe athchóirithe faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 8.

8. Bronnfar an bónas 29 g CO_2eq/MJ má tá fianaise ann i dtaca leis an talamh:

(a) nach raibh sí in úsáid don talmhaíocht ná d'aon ghníomhaíocht eile in Eanáir 2008; agus

(b) más talamh an-díghrádaithe é, lena n-áirítear talamh a bhíodh á húsáid don talmhaíocht.

Beidh feidhm ag an mbónas 29 gCO_2eq/MJ ar feadh tréimhse suas le 20 bliain ó dháta tiontaithe na talún go húsáid talmhaíochta, ar choinníoll go ndéantar a áirithiú go mbíonn méadú seasta ar stoic charbóin ann chomh maith le laghdú ar chreimeadh don talamh a thagann faoi phointe (b).

9. ciallaíonn "talamh an-díghrádaithe" talamh ina raibh, ar feadh tréimhse shuntasach ama, méid suntasach salainn, é sin nó talamh ina raibh méid íseal ábhair orgánaigh agus ina ndearnadh dian-chreimeadh;

([1]) Talamh curaíochta de réir mar a shainmhínítear ag IPCC í.
([2]) I measc na mbarr ilbhliantúil, nach ndéantar gas an phlanda a bhuaint go bliantúil, tá an roschoill ghearruainíochta agus an phailm ola.

▼B

10. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, faoin 31 Nollaig 2020, ar na treoirlínte chun stoic charbóin talún a ríomh [1] ag tarraingt ar Threoirlínte 2006 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (“IPCC”) d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa — imleabhar 4 agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2]. Feidhmeoidh treoirlínte an Choimisiúin mar bhonn chun stoic charbóin talún a ríomh chun críocha na Treorach seo.

11. Áiritheofar in astaíochtaí ón bpróiseáil; e_p, astaíochtaí ón bpróiseáil féin; ó dhramhaíl agus sceitheadh; agus ó tháirgeadh na gceimiceán agus na dtáirgí a úsáidtear sa phróiseáil, lena n-áirítear astaíochtaí CO_2 a fhreagraíonn do chion carbóin an ábhair ionchuir iontaise, cibé acu an ndéantar iad a dhó nó nach ndéantar sa phróiseas.

    Agus cuntas á thabhairt ar an tomhaltas fuinnimh nár táirgeadh laistigh den ghléasra táirgthe breosla, déanfar toimhde de go bhfuil déine astaíochtaí gás ceaptha teasa tháirgeadh agus dáileachán an leictreachas sin cothrom le méandéine astaíochtaí tháirgeadh agus dáileachán leictreachais i réigiún sainithe. De mhaolú ón riail sin, féadfaidh táirgeoirí meánluach a úsáid le haghaidh gléasra aonair giniúna leictreachais don leictreachas arna ghiniúint sa ghléasra sin, mura bhfuil an gléasra sin nasctha leis an eangach leictreachais.

    Beidh astaíochtaí ó tháirgí eatramhacha agus ábhair a thriomú san áireamh sna hastaíochtaí ón bpróiseáil, nuair is ábhartha.

12. Beidh san áireamh sna hastaíochtaí ón iompar agus dáileachán, e_{td}, astaíochtaí ó bhunábhair agus ábhair leathchríochnaithe a iompar agus ó ábhair chríochnaithe a stóráil agus a dháileadh. Ní chumhdófar astaíochtaí ón iompar agus ón dáileadh atá le cur san áireamh faoi phointe 5, faoin bpointe seo.

13. Measfar astaíochtaí an bhreosla i mbun úsáide, e_u, a bheith nialasach i gcás bithbhreoslaí agus bithleachtanna.

    Beidh astaíochtaí gás ceaptha teasa nach CO_2 iad (N_2O agus CH_4) den bhreosla i mbun úsáide san áireamh san fhachtóir e_u le haghaidh bithleachtanna.

14. Beidh laghduithe ar astaíochtaí ó ghabháil agus stóráil CO_2 e_{ccs}, nár tugadh cuntas orthu cheana faoi ep, beidh siad teoranta d'astaíochtaí a seachnaíodh trí CO_2 astaithe a bhfuil baint dhíreach aige le heastóscadh, iompar, próiseáil agus dáileadh breosla a ghabháil agus a stóráil má dhéantar an stóráil i gcomhréir le Treoir 2009/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3].

▼M2

15. Beidh laghduithe ar astaíochtaí ó ghabháil CO_2 agus ionadú CO_2, e_{ccr}, bainteach go díreach le táirgeadh na mbithbhreoslaí nó na mbithleachtanna lena bhfuil siad luaite, agus beidh siad teoranta d’astaíochtaí a seachnaíodh trí ghabháil CO_2 ar carbón de thionscnamh bithmhaise an carbón atá ann agus a úsáidtear in ionad CO_2 iontaise-dhíorthaithe i dtáirgeadh táirgí agus seirbhísí tráchtála roimh an 1 Eanáir 2036.

---

[1] Cinneadh ón gCoimisiún 2010/335/AE an 10 Meitheamh 2010 maidir le treoirlínte le haghaidh ríomh stoc carbóin talún chun críche Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2009/28/CE (IO L 151, 17.6.2010, lch. 19).

[2] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156 an 19.6.2018, Ich 1).

[3] Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

▼B

16. Nuair a tháirgeann aonad comhghiniúna — a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas do phróiseas táirgeachta breosla a bhfuil astaíochtaí á ríomh ina leith — farasbarr leictreachais agus/nó farasbarr teasa úsáidigh, roinnfear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa idir an leictreachas agus an teas úsáideach i gcomhréir le teocht an teasa (rud a léiríonn a úsáidí (áirgiúlacht) atá an teas). Is trí luach fuinnimh an teasa a iolrú faoin éifeachtúlacht Carnot C_h, a ríomhtar an chuid úsáideach den teas, agus ríomhtar mar seo a leanas é:

$$C_h = \frac{T_h - T_0}{T_h}$$

áit a bhfuil

T_h = Teocht, arna thomhas mar dearbhtheocht (ceilvin) den teas úsáideach ag an bpointe seachadta.

T_0 = Teocht na timpeallachta, socraithe ag 273,15 ceilvin (cothrom le 0 °C)

I gcás ina ndéantar an teas iomarcach a onnmhairiú do théamh foirgneamh, ag teocht faoi bhun 150 °C (423.15 K), is féidir, mar mhalairt air sin, C_h a shainmhíniú mar a leanas:

C_h = Éifeachtúlacht Carnot sa teas ag 150 °C (423.15 ceilvin), is é sin: 0.3546

Chun críocha an ríofa sin, bainfear úsáid as na héifeachtúlachtaí iarbhíre, a shainmhínítear mar an fuinneamh meicniúil, leictreachas agus teas bliantúil a tháirgtear faoi seach roinnte ar an ionchur fuinnimh bliantúil.

Chun críocha an ríofa sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallóidh “comhghiniúint” giniúint chomhuaineach, in aon phróiseas amháin, d'fhuinneamh teirmeach agus d'fhuinneamh leictreach agus/nó meicniúil;

(b) ciallóidh “teas úsáideach” teas arna ghiniúint chun éileamh ar theas atá inchosanta ar bhonn eacnamaíoch a shásamh, chun críocha téimh nó fuaraithe;

(c) ciallóidh “éileamh inchosanta ar bhonn eacnamaíoch” éileamh nach sáraíonn na riachtanais ar theas nó ar fhuarú atá ann agus a shásófaí ar bhealach eile ag dálaí an mhargaidh.

17. I gcás ina dtáirgeann próiseas táirgeachta breosla, sa dóchán, an breosla lena bhfuil astaíochtaí á ríomh agus táirge amháin nó níos mó (comhtháirgí), roinnfear na hastaíochtaí ghás ceaptha teasa idir an breosla nó a tháirge eatramhach agus na comhtháirgí i gcomhréir lena luach fuinnimh (arna chinneadh ag an nglanluach calrach i gcás comhtháirgí nach leictreachas agus teas iad). Is ionann déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fharasbairr teasa úsáidigh nó an fharasbairr leictreachais agus déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an teasa nó an leictreachais arna sheachadadh chuig an bpróiseas táirgeachta breosla agus déantar é a chinneadh ón ríomh ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa ó gach ionchur agus gach astaíocht, lena n-áirítear an bunábhar agus astaíochtaí CH_4 agus N_2O, chuig agus ón aonad comhghiniúna, coire nó fearas eile a sheachadann teas nó leictreachas chuig an bpróiseas táirgeachta breosla. I gcás comhghiniúint cumhachta agus teasa déantar an ríomh i gcomhréir le pointe 16.

▼M2

18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí atá le roinnt $e_{ec} + e_l + e_{sca}$ + na codáin sin e_p, e_{td}, e_{ccs} agus e_{ccr}, a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa tsaolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na gcríoch sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithbhreoslaí agus bithleachtanna, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 17 san áireamh chun críocha an ríomha sin.

Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríomha.

Mar riail ghinearálta, measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha ar feadh na saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile a áirítear in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a chlaochlú go dtí an táirge deiridh.

I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim de ghléasraí próiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ghléasra próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 17.

▼B

19. I gcás bithbhreoslaí, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 94 gCO_2eq/MJ an luach a úsáidfear don táirge comparáide breoslaí iontaise $E_{F(t)}$.

I gcás bithleachtanna a úsáidtear don táirgeadh leictreachais, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 183 gCO_2eq/MJ an luach a úsáidfear don táirge comparáide breoslaí iontaise $EC_{F(e)}$.

I gcás bithleachtanna a úsáidtear chun teas úsáidteach a tháirgeadh, chomh maith le téamh agus/nó fuarú a tháirgeadh, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 80 gCO_2eq/MJ an luach a úsáidfear don táirgí comparáide breoslaí iontaise $EC_{F(h\&c)}$.

D. LUACHANNA RÉAMHSHOCRAITHE DÍ-CHOMHIOMLÁNAITHE LE HAGHAIDH BITHBHREOSLAÍ AGUS BITHLEACHTANNA

Luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe don saothrú: "e_{ec}" mar a shainmhínítear i gCuid C den Iarscríbhinn seo é lena n-áirítear astaíochtaí N_2O ithreach

An conair táirgeachta bithbhreoslaí agus bithleachtanna	Astaíochtaí gás ceaptha teasa —luach tipiciúil (gCO_2eq/MJ)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa —luach réamhshocraithe (gCO_2eq/MJ)
eatanól biatais siúcra	9,6	9,6
eatanól déanta as arbhar (Indiach)	25,5	25,5
gránaigh eile seachas eatanól déanta as arbhar (Indiach)	27,0	27,0
eatanól cána siúcra	17,1	17,1

▼B

An conair táirgeachta bithbhreoslaí agus bithleachtanna	Astaíochtaí gás ceaptha teasa —luach tipiciúil (gCO_2eq/MJ)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa —luach réamhshocraithe (gCO_2eq/MJ)
an chuid de ETBE ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta eatánóil a úsáideadh	
an chuid de TAEE ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta eatánóil a úsáideadh	
bithdhíosal síl ráibe	32,0	32,0
bithdhíosal lus na gréine	26,1	26,1
bithdhíosal pónairí soighe	21,2	21,2
▼C1 bithdhíosal ola pailme	26,0	26,0
▼B bithdhíosal ola dramhaíola cócaireachta	0	0
bithdhíosal as saill ainmhíoch a leá (**)	0	0
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó shíol ráibe	33,4	33,4
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó lus na gréine	26,9	26,9
ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó phónairí soighe	22,1	22,1
▼C1 ola glasraí arna chóireáil le hidrigin ó ola phailme	27,3	27,3
▼B ola arna chóireáil le hidrigin ó dhramh-ola cócaireachta	0	0
ola arna chóireáil le hidrigin as saill ainmhíoch a leá (**)	0	0
ola glasraí íon ó shíol ráibe	33,4	33,4
ola glasraí íon ó lus na gréine	27,2	27,2
ola glasraí íon ó phónairí soighe	22,2	22,2
ola glasraí íon ó ola phailme	27,1	27,1
ola arna chóireáil le hidrigin ó dhramh-ola cócaireachta	0	0

(**) Níl feidhm aige ach amháin maidir le bithbhreoslaí arna dtáirgeadh ó sheachtháirgí ainmhithe a aicmítear mar ábhar i gcatagóir 1 agus i gcatagóir 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 nach gcuirtear astaíochtaí a bhaineann le sláintíocht atá mar chuid den phróiseas san áireamh ina leith.

Luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe don saothrú: "e_{ec}" le haghaidh astaíochtaí N_20 ithreach amháin (tá siad seo san áireamh cheana féin sna luachanna dí-chomhiomlánaithe sa tábla "e_{ec}" d'astaíochtaí ón saothrú)

An conair táirgeachta bithbhreoslaí agus bithleachtanna	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tpiciúil (gCO_2eq/MJ)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe (gCO_2eq/MJ)
eatanól biatais siúcra	4,9	4,9
eatanól déanta as arbhar (Indiach)	13,7	13,7
gránaigh eile seachas eatanól déanta as arbhar (Indiach)	14,1	14,1
eatanól cána siúcra	2,1	2,1
an chuid de ETBE ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta eatánóil a úsáideadh	
an chuid de TAEE ó fhoinsí ►C3 in-athnuaite ◄	Luachanna céanna leo sin don chonair táirgeachta eatánóil a úsáideadh	

▼B

$e_{l,n}$ = astaíochtaí bliantúlaithe ó athruithe ar an stoc carbóin arb é athrú sa talamhúsáid is cúis leo, don amhábhar n;

e_{sca} = laghduithe ar astaíochtaí ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíocht ar an amhábhar n (*);

e_p = astaíochtaí ón bpróiseáil;

$e_{td,táirge}$ = astaíochtaí ó iompar agus dáileadh bithgháis agus/nó bithmheatáin;

e_u = astaíochtaí ón mbreosla i mbun úsáide, is é sin gáis ceaptha teasa arna n-astú le linn dócháin;

e_{ccs} = laghdú ar astaíochtaí ó ghabháil agus stóráil CO_2; agus

e_{ccr} = laghdú ar astaíochtaí ó ghabháil agus athsholáthar CO_2.

▼B

(*) I gcás e_{sca} bónas 45 $gCO_2eq./Luafar$ aoileach MJ le haghaidh esca as bainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta agus aoiligh sa chás go n-úsáidtear aoileach ainmhithe mar shubstráit chun bithghás agus bithmheatán a tháirgeadh.

(d) Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa as úsáid breoslaí bithmhaise chun leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgeadh, lena n-áirítear an tiontú fuinnimh go leictreachas agus/nó go teas nó fuarú, a ríomh mar seo a leanas:

(i) I gcás monarchana fuinnimh nach dtugann uathu ach teas:

$$EC_h = \frac{E}{\eta_h}$$

(ii) I gcás monarchana fuinnimh nach dtugann uathu ach leictreachas:

$$EC_{el} = \frac{E}{\eta_{el}}$$

áit a bhfuil

$EC_{h,el}$ = Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tráchtearra fuinnimh deiridh.

E = Iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhreosla roimh a thiontú deiridh.

η_{el} = An éifeachtúlacht leictreach, arna sainmhíniú mar an giniúint bhliantúil leictreachais roinnte ar an t-ionchur bliantúil breosla bunaithe ar a luach fuinnimh.

η_h = An éifeachtúlacht teasa, arna sainmhíniú mar an t-aschur bliantúil teasa úsáidigh roinnte ar an t-ionchur bliantúil bithleachta bunaithe ar a luach fuinnimh.

(iii) I gcás an leictreachais nó an fhuinnimh mheicniúil a thagann as monarchana fuinneamh a thugann teas úsáideach uathu in éineacht le leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil:

$$EC_{el} = \frac{E}{\eta_{el}} \left(\frac{C_{el} \cdot \eta_{el}}{C_{el} \cdot \eta_{el} + C_h \cdot \eta_h} \right)$$

(iv) I gcás an teasa úsáidigh a thagann as monarchana fuinneamh a thugann teas uathu in éineacht le leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil:

$$EC_h = \frac{E}{\eta_h} \left(\frac{C_h \cdot \eta_h}{C_{el} \cdot \eta_{el} + C_h \cdot \eta_h} \right)$$

áit a bhfuil:

$EC_{h,el}$ = Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tráchtearra fuinnimh deiridh.

E = Iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhreosla roimh a thiontú deiridh.

η_{el} = An éifeachtúlacht leictreach, arna sainmhíniú mar an giniúint bhliantúil leictreachais roinnte ar an t-ionchur bliantúil fuinnimh bunaithe ar a luach fuinnimh.

▼B

η_h = An éifeachtúlacht teasa, arna sainmhíniú mar an t-aschur bliantúil teasa úsáidigh roinnte ar an t-ionchur bliantúil fuinnimh bunaithe ar a luach fuinnimh.

C_{el} = An codán d'eiseirge sa leictreachas, socraithe ag 100 % (Cel = 1).

C_h = Éifeachtúlacht Carnot (an codán d'eiseirge sa teas úsáideach).

Sainmhínítear éifeachtúlacht Carnot, Ch, don teas úsáideach ag teochtaí éagsúla mar:

$$C_h = \frac{T_h - T_0}{T_h}$$

áit a bhfuil:

T_h = Teocht, arna thomhas mar dearbhtheocht (ceilvin) den teas úsáideach ag an bpointe seachadta.

T_0 = Teocht na timpeallachta, socraithe ag 273,15 ceilvin (cothrom le 0 °C)

I gcás ina ndéantar an teas iomarcach a onnmhairiú do théamh foirgneamh, ag teocht faoi bhun 150 C (423,15 K), is féidir, mar mhalairt air sin, C_h a shainmhíniú mar a leanas:

C_h = Éifeachtúlacht Carnot sa teas ag 150 °C (423,15 ceilvin), is é sin: 0,3546

Chun críocha an ríofa sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(i) ciallóidh “comhghiniúint” giniúint chomhuaineach, in aon phróiseas amháin, d'fhuinneamh teirmeach agus de leictreachas agus/nó fuinneamh meicniúil;

(ii) ciallóidh “teas úsáideach” teas arna ghiniúint chun éileamh ar theas atá inchosanta ar bhonn eacnamaíoch a shásamh, chun críocha téimh nó fuaraithe;

(iii) ciallóidh “éileamh inchosanta ar bhonn eacnamaíoch” éileamh nach sáraíonn na riachtanais ar theas nó ar fhuarú atá ann agus a shásófaí ar bhealach eile ag dálaí an mhargaidh.

2. Sloinnfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí bithmhaise mar seo a leanas:

(a) sloinnfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí bithmhaise, E, i dtéarmaí graim de choibhéis CO_2 in aghaidh an MJ de bhreosla bithmhaise, gCO_2eq/MJ.

(b) sloinnfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó théamh nó leictreachas, arna tháirgeadh ó bhreoslaí bithmhaise, CE, i dtéarmaí graim de choibhéis CO_2 in aghaidh an MJ den tráchtearra deiridh fuinnimh (teas nó leictreachas), gCO_2eq/MJ.

▼B

Nuair a dhéantar téamh agus fuarú a chomhghiniúint le leictreachas déanfar astaíochtaí a leithdháileadh idir teas agus leictreachas (amhail faoi phointe 1(d)) beag beann ar an teas a úsáid chun críocha iarbhíre téimh nó don fhuarú ([1]).

I gcás ina sloinntear astaíochtaí gás ceaptha teasa ó eastóscadh nó saothrú na n-amhábhar e_{ec} san aonad gCO_2eq/tona tirim bunábhair déanfar an tiontú go graim de choibhéis CO_2 in aghaidh an MJ breosla, g CO_2eq/MJ a ríomh mar seo a leanas ([2]);

$$e_{ec}breosla_a\left[\frac{gCO_2eq}{MJfuel}\right]_{ec} = \frac{e_{ec}amhábhar_a\left[\frac{gCO_2eq}{t_{tirim}}\right]}{LHV_a\left[\frac{MJamhábhair}{tamhábhair\ thirim}\right]} \cdot Factóir\ breosla/amhábhair_a \cdot Factóir\ leithdháilte\ breosla_a$$

áit a bhfuil

$$Fachtóir\ leithdháilte\ breosla_a = \left[\frac{Fuinneamh\ sa\ bhreosla}{Fuinneamh\ sa\ bhreosla + Fuinneamh\ sna\ comhtháirgí}\right]$$

$$Factóir\ breosla\ amhábhair_a = \left[An\ cóimheas\ de\ MJ\ amhábhair\ is\ gá\ chun\ 1\ MJ\ breosla\ a\ dhéanamh\right]$$

Déanfar astaíochtaí in aghaidh an tona tirim bunábhair a ríomh mar seo a leanas:

$$e_{ec}amhábhar_a\left[\frac{gCO_2eq}{t_{tirim}}\right] = \frac{e_{ec}amhábhar_a\left[\frac{gCO_2eq}{t_{tais}}\right]}{\left(1 - cion\ taise\right)}$$

3. Déanfar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí bithmhaise a ríomh mar seo a leanas:

   (a) laghduithe ar astaíochtaí ghás ceaptha teasa ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidtear mar bhreoslaí iompair:

   LAGHDÚ = $(E_{F(t)} - EB)/E_{F(t)}$

   áit a bhfuil

   E_B = iomlán na n-astaíochtaí ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidtear mar bhreoslaí iompair; agus

   $E_{F(t)}$ = iomlán na n-astaíochtaí ó tháirgí comparáide breoslaí iontaise don iompar

([1]) Úsáidtear teas nó dramhtheas chun fuarú (aer nó uisce fuaraithe) a spreagadh trí fhuarthóirí ionsúcháin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na hastaíochtaí amháin a bhaineann leis an teas arna tháirgeadh in aghaidh an MJ a ríomh, beag beann ar a bhfuil úsáid deiridh an teasa ag téamh nó ag fuarú trí na fuarthóirí ionsúcháin.

([2]) Baineann an fhoirmle le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó úscadh nó saothrú amhábhair e_{ec} a ríomh le cásanna ina ndéantar an bunábhar a chomhshó ina bhithbhreoslaí in aon chéim amháin. Maidir le slabhraí soláthair atá níos casta, tá gá le coigeartuithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úscadh nó saothrú amhábhair eec le haghaidh táirgí idirmheánacha a ríomh.

▼B

(b) laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó théamh agus fuarú, agus leictreachas á ghiniúint ó bhreoslaí bithmhaise mar seo a leanas:

$$\text{LAGHDÚ} = (EC_{F(h\&c,el,)} - EC_{B(h\&c,el)}/EC_{F\ (h\&c,el),}$$

áit a bhfuil

$EC_{B(h\&c,el)}$ = iomlán na n-astaíochtaí ón teas nó ón leictreachas,

$EC_{F(h\&c,el)}$ = iomlán na n-astaíochtaí ó tháirgí comparáide breoslaí iontaise don teas nó leictreachas úsáideach.

4. Is iad CO_2, N_2O agus CH_4 na gáis ceaptha teasa a chuirfear san áireamh chun críocha phointe 1. Chun críocha coibhéis CO_2 a ríomh, tabharfar an luach seo a leanas do na gáis sin:

CO_2: 1

N_2O: 298

CH_4: 25

5. Áiritheofar le hastaíochtaí ó eastóscadh nó ó bhuaint nó ó shaothrú amhábhar eec, astaíochtaí ón bpróiseas eastósctha, buainte nó saothraithe é féin; ó bhailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar; ó dhramhaíl agus sceitheadh; agus ó tháirgeadh ceimiceán nó táirgí a úsáidtear san eastóscadh nó sa saothrú. Cuirfear gabháil CO_2 i saothrú na n-amhábhar as an áireamh. Féadfar meastacháin ar astaíochtaí ó shaothrú bithmhaise talmhaíochta a dhíorthú as meáin réigiúnacha le haghaidh astaíochtaí ó shaothrú atá san áireamh sna tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 31(4) den Treoir seo nó as an bhfaisnéis faoi na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe le haghaidh astaíochtaí ó shaothrú atá san áireamh san Iarscríbhinn seo, mar mhalairt ar luachanna iarbhíre a úsáid. Murab ann d'fhaisnéis ábhartha sna tuarascálacha sin is ceadmhach meáin a ríomh bunaithe ar chleachtais feirmeoireachta áitiúla atá bunaithe mar shampla ar shonraí grúpa feirmeacha mar mhalairt ar luachanna iarbhíre a úsáid.

Féadfar meastacháin ar astaíochtaí ó shaothrú agus buaint bithmhaise foraoiseachta a dhíorthú as úsáid meánluachanna do na hastaíochtaí ó shaothrú agus buaint arna ríomh le haghaidh limistéir gheografacha ar an leibhéil náisiúnta, mar mhalairt ar luachanna iarbhíre a úsáid.

▼M2

6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistiú feabhsaithe talmhaíochta, e_{sca},, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, bairr fheabhsaithe agus uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach, amhail múirín agus díleáiteán coipthe aoiligh, mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraíodh na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin ([1]).

([1]) Is féidir le tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i bhfianaise den sórt sin, e.g. tríd an gcéad tomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. I gcás den sórt sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion carbóin na hithreach agus ar a mhéid

▼B

7. Déanfar astaíochtaí bliantúlaithe ó athruithe sa stoc carbóin arb é athrú sa talamhúsáid is cúis leo, e_l, a ríomh trí astaíochtaí iomlána a roinnt go cothrom thar 20 bliain. Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear an riail seo a leanas i bhfeidhm:

$$e_l = (CS_R - CS_A) \times 3{,}664 \times 1/20 \times 1/P - e_B, ([1])$$

áit a bhfuil

e_l = astaíochtaí bliantúlaithe gás ceaptha teasa ó athruithe sa stoc carbóin arb é athrú sa talamhúsáid is cúis leo (arna thomhas mar mhais de choibhéis CO_2 in aghaidh an aonaid d'fhuinneamh bhreosla bithmhaise). Measfar "talamh curaíochta" ([2]) agus "talamh curaíochta ilbhliantúil" ([3]) mar aon talamhúsáid amháin;

CS_R = an stoc carbóin in aghaidh an aonaid achair a bhaineann leis an talamhúsáid tagartha (arna thomhas mar mhais (tonaí) carbóin in aghaidh an aonaid achair, lena n-áirítear ithir agus fásra araon). Is é an talamhúsáid in Eanáir 2008 nó 20 bliain sula bhfuarthas an t-amhábhar, cibé acu is déanaí, a bheidh sa talamhúsáid tagartha;

CS_A = an stoc carbóin in aghaidh an aonaid achair a bhaineann leis an talamhúsáid iarbhír (arna thomhas mar mhais (tonaí) carbóin in aghaidh an aonaid achair, lena n-áirítear ithir agus fásra araon). I gcásanna ina gcarnann an stoc carbóin thar níos mó na bliain amháin, is é an stoc measta in aghaidh an aonaid achair tar éis 20 bliain nó nuair a bhaineann an barr aibíocht amach, cibé acu is túisce, an luach a shannfar do CSA; agus

P = táirgiúlacht an bhairr (arna thomhas mar fhuinneamh breosla bithmhaise in aghaidh an aonaid achair in aghaidh na bliana).

e_B = bónas 29 gCO_2eq/MJ de bhreosla bithmhaise má fhaightear an bhithmhais ó thalamh díghrádaithe athchóirithe faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 8.

8. Bronnfar an bónas 29 gCO_2eq/MJ má tá fianaise ann i dtaca leis an talamh:

(a) nach raibh sí in úsáid don talmhaíocht in Eanáir 2008 nó aon ghníomhaíocht eile; agus

(b) más talamh an-díghrádaithe é, lena n-áirítear talamh a bhíodh á húsáid don talmhaíocht.

Beidh feidhm ag an mbónas 29 gCO_2eq/MJ ar feadh tréimhse suas le 20 bliain ó dháta tiontaithe na talún go húsáid talmhaíochta, ar choinníoll go ndéantar a áirithiú go mbíonn méadú seasta ar stoic charbóin ann chomh maith le laghdú ar chreimeadh don talamh a thagann faoi phointe (b).

9. ciallaíonn "talamh an-díghrádaithe" talamh ina raibh, ar feadh tréimhse shuntasach ama, méid suntasach salainn, é sin nó talamh ina raibh méid íseal ábhair orgánaigh agus ina ndearnadh dian-chreimeadh.

([1]) Is ionann an líon a fhaightear nuair a roinntear meáchan móilíneach CO_2 (44,010 g/mol) ar mheáchan móilíneach carbón (12,011 g/mol) agus 3,664.

([2]) Talamh curaíochta de réir mar a shainmhínítear ag IPCC í.

([3]) I measc na mbarr ilbhliantúil, nach ndéantar gas an phlanda a bhuaint go bliantúil, tá an roschoill ghearruainíochta agus an phailm ola.

▼B

10. I gcomhréir le pointe 10 de gCuid C d'Iarscríbhinn V den Treoir seo, beidh Cinneadh 2010/335/AE ón gCoimisiún ([1]) a sholáthraíonn treoirlínte chun stoic charbóin talún a ríomh i ndáil leis an Treoir seo, ag tarraing ar Threoirlínte 2006 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ("IPCC") d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa — imleabhar 4 agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Rialachán (AE) 2018/841 mar bhonn le stoic charbóin talún a ríomh.

11. Áiritheofar in astaíochtaí ón bpróiseáil; ep, astaíochtaí ón bpróiseáil féin; ó dhramhaíl agus sceitheadh; agus ó tháirgeadh na gceimiceán agus na dtáirgí a úsáidtear sa phróiseáil, lena n-áirítear astaíochtaí CO_2 a fhreagraíonn do chion carbóin an ábhair ionchuir iontaise, cibé acu an ndéantar iad a dhó nó nach ndéantar sa phróiseas.

Agus cuntas á thabhairt ar an tomhaltas fuinnimh nár táirgeadh laistigh den ghléasra táirgthe breosla bithmhaise sholadaigh nó ghásaigh, déanfar toimhde de go bhfuil déine astaíochtaí gás ceaptha teasa tháirgeadh agus dáileachán an leictreachas sin cothrom le méandéine astaíochtaí tháirgeadh agus dáileachán leictreachais i réigiún sainithe. De mhaolú ón riail sin, féadfaidh táirgeoirí meánluach a úsáid le haghaidh gléasra aonair giniúna leictreachais don leictreachas arna ghiniúint sa ghléasra sin, mura bhfuil an gléasra sin nasctha leis an eangach leictreachais.

Beidh astaíochtaí ó tháirgí eatramhacha agus ábhair a thriomú san áireamh sna hastaíochtaí ón bpróiseáil, nuair is ábhartha.

12. Áiritheofar in astaíochtaí ón iompar agus dáileachán, etd, astaíochtaí ó bhun-ábhair agus ábhair leathchríochnaithe a iompar agus ó ábhair chríochnaithe a stóráil agus a dháileadh. Ní chumhdófar astaíochtaí ón iompar agus ón dáileadh atá le cur san áireamh faoi phointe 5, faoin bpointe seo.

13. Measfar na hastaíochtaí CO_2 ón mbreosla i mbun úsáide, e_u, a bheith nialasach i gcás breoslaí bithmhaise. Beidh astaíochtaí gás ceaptha teasa nach CO_2 iad (CH_4 agus N_2O) den bhreosla i mbun úsáide san áireamh san fhachtóir eu.

14. Beidh laghduithe ar astaíochtaí ó ghabháil agus stóráil CO_2 e_{ccs}, nár tugadh cuntas orthu cheana faoi ep, beidh siad teoranta d'astaíochtaí a seachnaíodh trí CO_2 astaithe a bhfuil baint dhíreach aige le heastóscadh, iompar, próiseáil agus dáileadh breosla bithmhaise a ghabháil agus a stóráil má dhéantar an stóráil i gcomhréir le Treoir 2009/31/AE.

▼M2

15. Beidh laghduithe ar astaíochtaí ó ghabháil CO_2 agus ionadú CO_2, e_{ccr}, bainteach go díreach le táirgeadh na mbreoslaí bithmhaise lena bhfuil siad luaite, agus teoranta d'astaíochtaí a seachnaíodh trí ghabháil CO_2 ar carbón de thionscnamh bithmhaise an carbón atá ann agus a úsáidtear in ionad CO_2 iontaise-dhíorthaithe i dtáirgeadh táirgí agus seirbhísí tráchtála roimh an 1 Eanáir 2036.

([1]) Cinneadh ón gCoimisiún 2010/335/AE an 10 Meitheamh 2010 maidir le treoirlínte le haghaidh ríomh stoc carbóin talún chun críche Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2009/28/CE (IO L 151, 17.6.2010, lch. 19).

▼B

16. Nuair a tháirgeann aonad comhghiniúna — a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas do phróiseas táirgeachta breosla bithmhaise a bhfuil astaíochtaí á ríomh ina leith — farasbarr leictreachais agus/nó farasbarr teasa úsáidigh, roinnfear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa idir an leictreachas agus an teas úsáideach i gcomhréir le teocht an teasa (rud a léiríonn a úsáidí (áirgiúlacht) atá an teas). Is trí luach fuinnimh an teasa a iolrú faoin éifeachtúlacht Carnot Ch, a ríomhtar an cuid úsáideach den teas, agus ríomhtar mar seo a leanas é:

$$C_h = \frac{T_h - T_0}{T_h}$$

áit a bhfuil

T_h = Teocht, arna thomhas mar dearbhtheocht (ceilvin) den teas úsáideach ag an bpointe seachadta.

T_0 = Teocht na timpeallachta, socraithe ag 273,15 ceilvin (cothrom le 0 °C)

I gcás ina ndéantar an teas iomarcach a onnmhairiú do théamh foirgneamh, ag teocht faoi bhun 150 °C (423,15 K), is féidir, mar mhalairt air sin, C_h a shainmhíniú mar a leanas:

C_h = Éifeachtúlacht Carnot sa teas ag 150 °C (423,15 ceilvin), is é sin: 0,3546

Chun críocha an ríofa sin, bainfear úsáid as na héifeachtúlachtaí iarbhíre, a shainmhínítear mar an fuinneamh meicniúil, leictreachas agus teas bliantúil a tháirgtear faoi seach roinnte ar an ionchur fuinnimh bliantúil.

Chun críocha an ríofa sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallóidh “comhghiniúint” giniúint chomhuaineach, in aon phróiseas amháin, d'fhuinneamh teirmeach agus d'fhuinneamh leictreach agus/nó meicniúil;

(b) ciallóidh “teas úsáideach” teas arna ghiniúint chun éileamh ar theas atá inchosanta ar bhonn eacnamaíoch a shásamh, chun críocha téimh nó fuaraithe;

(c) ciallóidh “éileamh inchosanta ar bhonn eacnamaíoch” éileamh nach sáraíonn na riachtanais ar theas nó ar fhuarú atá ann agus a shásófaí ar bhealach eile ag dálaí an mhargaidh

17. I gcás ina dtáirgeann próiseas táirgeachta breosla, sa dóchán, an breosla lena bhfuil astaíochtaí á ríomh agus táirge amháin nó níos mó (comhtháirgí), roinnfear na hastaíochtaí ghás ceaptha teasa idir an breosla nó a tháirge eatramhach agus na comhtháirgí i gcomhréir lena luach fuinnimh (arna chinneadh ag an nglanluach calrach i gcás comhtháirgí nach leictreachas agus teas iad). Is ionann déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an fharasbairr teasa úsáidigh nó an fharasbairr leictreachais agus déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an teasa nó an leictreachais arna sheachadadh chuig an bpróiseas táirgeachta breosla bithmhaise agus déantar é a chinneadh ón

▼B

ríomh ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa ó gach ionchur agus gach astaíocht, lena n-áirítear an bunábhar agus astaíochtaí CH_4 agus N_2O, chuig agus ón aonad comhghiniúna, coire nó fearas eile a sheachadann teas nó leictreachas chuig an bpróiseas táirgeachta breosla. I gcás comhghiniúint cumhachta agus teasa déantar an ríomh i gcomhréir le pointe 16.

▼M2

18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí atá le roinnt e_{ec} + e_l + e_{sca} + na codáin sin de e_p, e_{td}, e_{ccs} agus e_{ccr} a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa tsaolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na gcríoch sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin.

I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 17 san áireamh chun críocha an ríomha sin. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríomha.

Mar riail ghinearálta, measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha ar feadh na saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a chlaochlú go dtí an táirge deiridh.

I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim de ghléasra próiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a thugann teas agus/nó leictreachas don ghléasra próiseála, is é an scaglann a bheidh san aonad anailíse chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 17.

▼B

19. I gcás breoslaí bithmhaise a úsáidtear don táirgeadh leictreachais, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 183 g CO_2eq/MJ leictreachais an luach a úsáidfear don táirge comparáide breoslaí iontaise $EC_{F(el)}$ nó 212 g CO_2eq/MJ leictreachas i gcás na réigiún is forimeallaí.

I gcás breoslaí bithmhaise a úsáidtear chun teas úsáideach a thairgeadh, chomh maith le chun teas agus/nó fuarú a tháirgeadh, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 80 gCO_2eq/MJ an luach a úsáidfear don táirge comparáide breoslaí iontaise $EC_{F(h)}$.

I gcás breoslaí bithmhaise a úsáidtear chun teas úsáideach a tháirgeadh,lenar féidir ionadú díreach fisiceach guail a léiriú, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 124 g CO_2eq/MJ an luach a úsáidfear don táirge comparáide breoslaí iontaise $EC_{F(h)}$.

I gcás breoslaí bithmhaise a úsáidtear mar bhreoslaí iompair, chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 3, is é 94 g CO_2eq/MJ an luach a úsáidfear don táirge comparáide breoslaí iontaise $E_{CF(t)}$.

▼B

C. LUACHANNA RÉAMHSHOCRAITHE DÍ-CHOMHIOMLÁNAITHE DO BHREOSLAÍ BITHMHAISE

Bricíní nó millíní adhmaid

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_{2eq.}$/MJ)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Sliseanna adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise	1 go 500 km	0,0	1,6	3,0	0,4	0,0	1,9	3,6	0,5
	500 go 2 500 km	0,0	1,6	5,2	0,4	0,0	1,9	6,2	0,5
	2 500 go 10 000 km	0,0	1,6	10,5	0,4	0,0	1,9	12,6	0,5
	Os cionn 10 000 km	0,0	1,6	20,5	0,4	0,0	1,9	24,6	0,5
Slisíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip)	2 500 go 10 000 km	4,4	0,0	11,0	0,4	4,4	0,0	13,2	0,5
Slisíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog - leasachán curtha air)	1 go 500 km	3,9	0,0	3,5	0,4	3,9	0,0	4,2	0,5
	500 go 2 500 km	3,9	0,0	5,6	0,4	3,9	0,0	6,8	0,5
	2 500 go 10 000 km	3,9	0,0	11,0	0,4	3,9	0,0	13,2	0,5
	Os cionn 10 000 km	3,9	0,0	21,0	0,4	3,9	0,0	25,2	0,5
Slisíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air)	1 go 500 km	2,2	0,0	3,5	0,4	2,2	0,0	4,2	0,5
	500 go 2 500 km	2,2	0,0	5,6	0,4	2,2	0,0	6,8	0,5
	2 500 go 10 000 km	2,2	0,0	11,0	0,4	2,2	0,0	13,2	0,5
	Os cionn 10 000 km	2,2	0,0	21,0	0,4	2,2	0,0	25,2	0,5

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_{2eq.}$/MJ)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq.$/MJ)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Sliseanna adhmaid a thagann ó ghas-adhmad	1 go 500 km	1,1	0,3	3,0	0,4	1,1	0,4	3,6	0,5
	500 go 2 500 km	1,1	0,3	5,2	0,4	1,1	0,4	6,2	0,5
	2 500 go 10 000 km	1,1	0,3	10,5	0,4	1,1	0,4	12,6	0,5
	Os cionn 10 000 km	1,1	0,3	20,5	0,4	1,1	0,4	24,6	0,5
Slisíní adhmaid ó iarmhair thionscal an adhmaid	1 go 500 km	0,0	0,3	3,0	0,4	0,0	0,4	3,6	0,5
	500 go 2 500 km	0,0	0,3	5,2	0,4	0,0	0,4	6,2	0,5
	2 500 go 10 000 km	0,0	0,3	10,5	0,4	0,0	0,4	12,6	0,5
	Os cionn 10 000 km	0,0	0,3	20,5	0,4	0,0	0,4	24,6	0,5

Bricíní nó millíní adhmaid

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq.$/MJ)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq.$/MJ)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Bricíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise (cás 1)	1 go 500 km	0,0	25,8	2,9	0,3	0,0	30,9	3,5	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	25,8	2,8	0,3	0,0	30,9	3,3	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	25,8	4,3	0,3	0,0	30,9	5,2	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	25,8	7,9	0,3	0,0	30,9	9,5	0,3

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Bríciní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise (cás 2a)	1 go 500 km	0,0	12,5	3,0	0,3	0,0	15,0	3,6	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	12,5	2,9	0,3	0,0	15,0	3,5	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	12,5	4,4	0,3	0,0	15,0	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	12,5	8,1	0,3	0,0	15,0	9,8	0,3
Bríciní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise (cás 3a)	1 go 500 km	0,0	2,4	3,0	0,3	0,0	2,8	3,6	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	2,4	2,9	0,3	0,0	2,8	3,5	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	2,4	4,4	0,3	0,0	2,8	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	2,4	8,2	0,3	0,0	2,8	9,8	0,3
Bríciní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip — cás 1)	2500 go 10 000 km	3,9	24,5	4,3	0,3	3,9	29,4	5,2	0,3
Bríciní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip — cás 2a)	2500 go 10 000 km	5,0	10,6	4,4	0,3	5,0	12,7	5,3	0,3
Bríciní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip — cás 3 a)	2500 go 10 000 km	5,3	0,3	4,4	0,3	5,3	0,4	5,3	0,3

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Brícíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — leasachán curtha air — cás 1)	1 go 500 km	3,4	24,5	2,9	0,3	3,4	29,4	3,5	0,3
	500 go 10 000 km	3,4	24,5	4,3	0,3	3,4	29,4	5,2	0,3
	Os cionn 10 000 km	3,4	24,5	7,9	0,3	3,4	29,4	9,5	0,3
Brícíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — leasachán curtha air — cás 2a)	1 go 500 km	4,4	10,6	3,0	0,3	4,4	12,7	3,6	0,3
	500 go 10 000 km	4,4	10,6	4,4	0,3	4,4	12,7	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	4,4	10,6	8,1	0,3	4,4	12,7	9,8	0,3
Brícíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — leasachán curtha air — cás 3 a)	1 go 500 km	4,6	0,3	3,0	0,3	4,6	0,4	3,6	0,3
	500 go 10 000 km	4,6	0,3	4,4	0,3	4,6	0,4	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	4,6	0,3	8,2	0,3	4,6	0,4	9,8	0,3
Brícíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air — cás 1)	1 go 500 km	2,0	24,5	2,9	0,3	2,0	29,4	3,5	0,3
	500 go 2 500 km	2,0	24,5	4,3	0,3	2,0	29,4	5,2	0,3
	2 500 go 10 000 km	2,0	24,5	7,9	0,3	2,0	29,4	9,5	0,3
Brícíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air — cás 2a)	1 go 500 km	2,5	10,6	3,0	0,3	2,5	12,7	3,6	0,3
	500 go 10 000 km	2,5	10,6	4,4	0,3	2,5	12,7	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	2,5	10,6	8,1	0,3	2,5	12,7	9,8	0,3

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Bricíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air —cás 3a)	1 go 500 km	2,6	0,3	3,0	0,3	2,6	0,4	3,6	0,3
	500 go 10 000 km	2,6	0,3	4,4	0,3	2,6	0,4	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	2,6	0,3	8,2	0,3	2,6	0,4	9,8	0,3
Bricíní nó millíní adhmaid a thagann ó ghas-adhmaid (cás 1)	1 go 500 km	1,1	24,8	2,9	0,3	1,1	29,8	3,5	0,3
	500 go 2 500 km	1,1	24,8	2,8	0,3	1,1	29,8	3,3	0,3
	2 500 go 10 000 km	1,1	24,8	4,3	0,3	1,1	29,8	5,2	0,3
	Os cionn 10 000 km	1,1	24,8	7,9	0,3	1,1	29,8	9,5	0,3
Bricíní nó millíní adhmaid a thagann ó ghas-adhmaid (cás 2a)	1 go 500 km	1,4	11,0	3,0	0,3	1,4	13,2	3,6	0,3
	500 go 2 500 km	1,4	11,0	2,9	0,3	1,4	13,2	3,5	0,3
	2 500 go 10 000 km	1,4	11,0	4,4	0,3	1,4	13,2	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	1,4	11,0	8,1	0,3	1,4	13,2	9,8	0,3
Bricíní nó millíní adhmaid a thagann ó ghas-adhmaid (cás 3a)	1 go 500 km	1,4	0,8	3,0	0,3	1,4	0,9	3,6	0,3
	500 go 2 500 km	1,4	0,8	2,9	0,3	1,4	0,9	3,5	0,3
	2500 go 10 000 km	1,4	0,8	4,4	0,3	1,4	0,9	5,3	0,3
	Os cionn 10 000 km	1,4	0,8	8,2	0,3	1,4	0,9	9,8	0,3

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar & dáileachán	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Bríciní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair thionscal an adhmaid (cás 1)	1 go 500 km	0,0	14,3	2,8	0,3	0,0	17,2	3,3	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	14,3	2,7	0,3	0,0	17,2	3,2	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	14,3	4,2	0,3	0,0	17,2	5,0	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	14,3	7,7	0,3	0,0	17,2	9,2	0,3
Bríciní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair thionscal an adhmaid (cás 2a)	1 go 500 km	0,0	6,0	2,8	0,3	0,0	7,2	3,4	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	6,0	2,7	0,3	0,0	7,2	3,3	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	6,0	4,2	0,3	0,0	7,2	5,1	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	6,0	7,8	0,3	0,0	7,2	9,3	0,3
Bríciní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair thionscal an adhmaid (cás 3a)	1 go 500 km	0,0	0,2	2,8	0,3	0,0	0,3	3,4	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	0,2	2,7	0,3	0,0	0,3	3,3	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	0,2	4,2	0,3	0,0	0,3	5,1	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	0,2	7,8	0,3	0,0	0,3	9,3	0,3

▼B

Conairí talmhaíochta

Coras táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)				Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)			
		Saothrú	Próiseáil	Iompar agus dáileadh	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Saothrú	Próiseáil	Iompar agus dáileadh	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide
Iarmhair talmhaíochta a bhfuil dlús < 0,2 t/m^3 acu	1 go 500 km	0,0	0,9	2,6	0,2	0,0	1,1	3,1	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	0,9	6,5	0,2	0,0	1,1	7,8	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	0,9	14,2	0,2	0,0	1,1	17,0	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	0,9	28,3	0,2	0,0	1,1	34,0	0,3
Iarmhair talmhaíochta a bhfuil dlús > 0,2 t/m^3 acu	1 go 500 km	0,0	0,9	2,6	0,2	0,0	1,1	3,1	0,3
	500 go 2 500 km	0,0	0,9	3,6	0,2	0,0	1,1	4,4	0,3
	2 500 go 10 000 km	0,0	0,9	7,1	0,2	0,0	1,1	8,5	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	0,9	13,6	0,2	0,0	1,1	16,3	0,3
Millíní tuí	1 go 500 km	0,0	5,0	3,0	0,2	0,0	6,0	3,6	0,3
	500 go 10 000 km	0,0	5,0	4,6	0,2	0,0	6,0	5,5	0,3
	Os cionn 10 000 km	0,0	5,0	8,3	0,2	0,0	6,0	10,0	0,3
Bricíní bagáis	500 go 10 000km	0,0	0,3	4,3	0,4	0,0	0,4	5,2	0,5
	Os cionn 10 000 km	0,0	0,3	8,0	0,4	0,0	0,4	9,5	0,5
Mine eithne pailme	Os cionn 10 000 km	21,6	21,1	11,2	0,2	21,6	25,4	13,5	0,3
Mine eithne pailme (gan astaíochtaí CH_4 ón muileann ola)	Os cionn 10 000 km	21,6	3,5	11,2	0,2	21,6	4,2	13,5	0,3

▼B

Luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe don bhithghás chun leictreachais a tháirgeadh

Córas táirgeachta breosla bithmhaise		An teicneolaíocht	LUACH TIPICIÚIL (gCO_2eq/MJ)					LUACH RÉAMHSHOCRAITHE (gCO_2eq/MJ)				
			Saothrú	Próiseáil	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Iompar	Creidiúintí aoiligh	Saothrú	Próiseáil	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Iompar	Creidiúintí aoiligh
Aoileach fliuch ([1])	cás 1	Díleáiteán oscailte	0,0	69,6	8,9	0,8	– 107,3	0,0	97,4	12,5	0,8	– 107,3
		Díleáiteán dúnta	0,0	0,0	8,9	0,8	– 97,6	0,0	0,0	12,5	0,8	– 97,6
	cás 2	Díleáiteán oscailte	0,0	74,1	8,9	0,8	– 107,3	0,0	103,7	12,5	0,8	– 107,3
		Díleáiteán dúnta	0,0	4,2	8,9	0,8	– 97,6	0,0	5,9	12,5	0,8	– 97,6
	cás 3	Díleáiteán oscailte	0,0	83,2	8,9	0,9	– 120,7	0,0	116,4	12,5	0,9	– 120,7
		Díleáiteán dúnta	0,0	4,6	8,9	0,8	– 108,5	0,0	6,4	12,5	0,8	– 108,5
Planda iomlán arbhair Indiaigh ([2])	Cás 1	Díleáiteán oscailte	15,6	13,5	8,9	0,0 ([3])	—	15,6	18,9	12,5	0,0	—
		Díleáiteán dúnta	15,2	0,0	8,9	0,0	—	15,2	0,0	12,5	0,0	—

([1]) Áirítear sna luachanna do shaothrú bithgháis ó aoileach astaíochtaí diúltacha le haghaidh astaíochtaí arna sábháil ó bhainistiú aoileach amh. Meastar luach e_{sca} a bheith cothrom le haoileach – 45 gCO_2eq/MJ arna úsáid sa dhíghrádú anaeróbach.

([2]) Ciallaíonn planda iomlán arbhar Indiaigh arbhar Indiach arna bhuaint mar fharae agus arna shadhlasú le caomhnú.

([3]) De réir an mhodheolaíocht a chuirtear ar fáil i dtuarascáil an Choimisiúin an 25 Feabhra 2010 maidir le ceanglais inbhuanaitheachta d'úsáid foinsí bithmhaise soladach agus gáis i leictreachas, téamh agus fuarú, áirítear sa luach "saothraithe" iompar na n-amhábhar talmhaíochta chuig an ngléasra claochlaithe. Is ionann an luach le haghaidh iompar sadhlais arbhar Indiach agus 0,4 g CO_2eq/MJ bithghás.

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise		An teicneolaíocht	LUACH TIPICIÚIL (gCO_2eq/MJ)					LUACH RÉAMHSHOCRAITHE (gCO_2eq/MJ)				
			Saothrú	Próiseáil	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Iompar	Creidiúintí aoiligh	Saothrú	Próiseáil	Astaíochtaí nach CO_2 iad ón mbreosla i mbun úsáide	Iompar	Creidiúintí aoiligh
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	15,6	18,8	8,9	0,0	—	15,6	26,3	12,5	0,0	—
		Díleáiteán dúnta	15,2	5,2	8,9	0,0	—	15,2	7,2	12,5	0,0	—
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	17,5	21,0	8,9	0,0	—	17,5	29,3	12,5	0,0	—
		Díleáiteán dúnta	17,1	5,7	8,9	0,0	—	17,1	7,9	12,5	0,0	—
Bithdhramhaíl	cás 1	Díleáiteán oscailte	0,0	21,8	8,9	0,5	—	0,0	30,6	12,5	0,5	—
		Díleáiteán dúnta	0,0	0,0	8,9	0,5	—	0,0	0,0	12,5	0,5	—
	cás 2	Díleáiteán oscailte	0,0	27,9	8,9	0,5	—	0,0	39,0	12,5	0,5	—
		Díleáiteán dúnta	0,0	5,9	8,9	0,5	—	0,0	8,3	12,5	0,5	—
	cás 3	Díleáiteán oscailte	0,0	31,2	8,9	0,5	—	0,0	43,7	12,5	0,5	—
		Díleáiteán dúnta	0,0	6,5	8,9	0,5	—	0,0	9,1	12,5	0,5	—

▼B

Luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe don bhithmheatán

Córas táirgeachta bithmheatáin	An rogha ó thaobh na teicneolaíochta de		LUACH TIPICIÚIL (gCO_2eq/MJ)						LUACH RÉAMHSHOCRAITHE (gCO_2eq/MJ)					
			Saothrú	Próiseáil	Uasghrádú	Iompar	Comhbhrú ag an stáisiún seirbhíse	Creidiúintí aoiligh	Saothrú	Próiseáil	Uasghrádú	Iompar	Comhbhrú ag an stáisiún seirbhíse	Creidiúintí aoiligh
Aoileach fliuch	Díleáiteán oscailte	gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	84,2	19,5	1,0	3,3	– 124,4	0,0	117,9	27,3	1,0	4,6	– 124,4
		le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	84,2	4,5	1,0	3,3	-124,4	0,0	117,9	6,3	1,0	4,6	– 124,4
	Díleáiteán dúnta	gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	3,2	19,5	0,9	3,3	– 111,9	0,0	4,4	27,3	0,9	4,6	– 111,9
		le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	3,2	4,5	0,9	3,3	– 111,9	0,0	4,4	6,3	0,9	4,6	– 111,9
Planda iomlán arbhair Indiaigh	Díleáiteán oscailte	gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	18,1	20,1	19,5	0,0	3,3	—	18,1	28,1	27,3	0,0	4,6	—
		le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	18,1	20,1	4,5	0,0	3,3	—	18,1	28,1	6,3	0,0	4,6	—
	Díleáiteán dúnta	gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	17,6	4,3	19,5	0,0	3,3	—	17,6	6,0	27,3	0,0	4,6	—
		le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	17,6	4,3	4,5	0,0	3,3	—	17,6	6,0	6,3	0,0	4,6	—
Bithdhramhaíl	Díleáiteán oscailte	gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	30,6	19,5	0,6	3,3	—	0,0	42,8	27,3	0,6	4,6	—
		le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	30,6	4,5	0,6	3,3	—	0,0	42,8	6,3	0,6	4,6	—
	Díleáiteán dúnta	gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	5,1	19,5	0,5	3,3	—	0,0	7,2	27,3	0,5	4,6	—
		le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	0,0	5,1	4,5	0,5	3,3	—	0,0	7,2	6,3	0,5	4,6	—

▼B

D. LUACHANNA TIPICIÚLA IOMLÁNA AGUS LUACHANNA RÉAMH-SHOCRAITHE IOMLÁNA DO CHONAIRÍ BREOSLAÍ BITHMHAISE

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)
Sliseanna adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise	1 go 500 km	5	6
	500 go 2 500km	7	9
	2 500 go 10 000 km	12	15
	Os cionn 10 000 km	22	27
Sliseanna adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip)	2 500 go 10 000 km	16	18
Sliseanna adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog - leasachán curtha air)	1 go 500 km	8	9
	500 go 2 500 km	10	11
	2 500 go 10 000 km	15	18
	Os cionn 10 000 km	25	30
Sliseanna adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog - gan leasachán)	1 go 500 km	6	7
	500 go 2 500km	8	10
	2 500 go 10 000 km	14	16
	Os cionn 10 000 km	24	28
Sliseanna adhmaid a thagann ó ghas-adhmad	1 go 500 km	5	6
	500 go 2 500 km	7	8
	2 500 go 10 000 km	12	15
	Os cionn 10 000 km	22	27
Sliseanna adhmaid a thagann ó iarmhair thionsclaíocha	1 go 500 km	4	5
	500 go 2 500 km	6	7
	2 500 go 10 000 km	11	13
	Os cionn 10 000 km	21	25
Bricíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise (cás 1)	1 go 500 km	29	35
	500 go 2 500 km	29	35
	2 500 go 10 000 km	30	36
	Os cionn 10 000 km	34	41
Bricíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise (cás 2a)	1 go 500 km	16	19
	500 go 2 500 km	16	19
	2 500 go 10 000 km	17	21
	Os cionn 10 000 km	21	25

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe ($gCO_2eq./MJ$)
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair foraoise (cás 3a)	1 go 500 km	6	7
	500 go 2 500 km	6	7
	2 500 go 10 000 km	7	8
	Os cionn 10 000 km	11	13
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip — cás 1)	2 500 go 10 000 km	33	39
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip — cás 2a)	2 500 go 10 000 km	20	23
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (eoclaip — cás 3 a)	2 500 go 10 000 km	10	11
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — leasachán curtha air — cás 1)	1 go 500 km	31	37
	500 go 10 000 km	32	38
	Os cionn 10 000 km	36	43
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — leasachán curtha air — cás 2a)	1 go 500 km	18	21
	500 go 10 000 km	20	23
	Os cionn 10 000 km	23	27
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — leasachán curtha air — cás 3a)	1 go 500 km	8	9
	500 go 10 000 km	10	11
	Os cionn 10 000 km	13	15
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air — cás 1)	1 go 500 km	30	35
	500 go 10 000 km	31	37
	Os cionn 10 000 km	35	41
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air — cás 2a)	1 go 500 km	16	19
	500 go 10 000 km	18	21
	Os cionn 10 000 km	21	25
Brícíní nó millíní adhmaid a thagann ó roschoill ghearruainíochta (poibleog — gan leasachán curtha air — cás 3a)	1 go 500 km	6	7
	500 go 10 000 km	8	9
	Os cionn 10 000 km	11	13

▼B

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhsho-craithe ($gCO_2eq./MJ$)
Bhrícíní nó millíní adhmaid a thagann ó ghas-adhmaid (cás 1)	1 go 500 km	29	35
	500 go 2 500km	29	34
	2 500 go 10 000 km	30	36
	Os cionn 10 000 km	34	41
Bhrícíní nó millíní adhmaid a thagann ó ghas-adhmaid (cás 2a)	1 go 500 km	16	18
	500 go 2 500 km	15	18
	2 500 go 10 000 km	17	20
	Os cionn 10 000 km	21	25
Bhrícíní nó millíní adhmaid a thagann ó ghas-adhmaid (cás 3 a)	1 go 500 km	5	6
	500 go 2 500 km	5	6
	2 500 go 10 000 km	7	8
	Os cionn 10 000 km	11	12
Bhrícíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair thionscal an adhmaid (cás 1)	1 go 500 km	17	21
	500 go 2 500 km	17	21
	2 500 go 10 000 km	19	23
	Os cionn 10 000 km	22	27
Bhrícíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair thionscal an adhmaid (cás 2a)	1 go 500 km	9	11
	500 go 2 500 km	9	11
	2 500 go 10 000 km	10	13
	Os cionn 10 000 km	14	17
Bhrícíní nó millíní adhmaid a thagann ó iarmhair thionscal an adhmaid (cás 3a)	1 go 500 km	3	4
	500 go 2 500 km	3	4
	2 500 go 10 000	5	6
	Os cionn 10 000 km	8	10

▼B

Tagraíonn Cás 1 do phróisis ina n-úsáidtear coire Gáis Nádúrtha chun teas an phróisis a sholáthar don mhuileann millíní. Déantar leictreachas an phróisis a cheannach ón eangach.

Tagraíonn Cás 2 do phróisis ina n-úsáidtear coire a bhfuil slisíní adhmaid mar bhreosla aige chun teas an phróisis a sholáthar don mhuileann millíní. Déantar leictreachas an phróisis a cheannach ón eangach.

Tagraíonn Cás 3 do phróisis ina n-úsáidtear CTÉ, a bhfuil sliseanna adhmaid mar bhreosla aige,chun teas agus leictreachas a sholáthar don mhuileann millíní.

Córas táirgeachta breosla bithmhaise	Fad iompair	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil ($gCO_2eq./MJ$)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa —luach réamhsho-craithe ($gCO_2eq./MJ$)
Iarmhair talmhaíochta a bhfuil dlús < 0,2 t/m^3 (1) acu	1 go 500 km	4	4
	500 go 2 500 km	8	9
	2 500 go 10 000 km	15	18
	Os cionn 10 000 km	29	35
Iarmhair talmhaíochta a bhfuil dlús > 0,2 t/m^3 (2) acu	1 go 500 km	4	4
	500 go 2 500km	5	6
	2 500 go 10 000 km	8	10
	Os cionn 10 000 km	15	18
Millíní tuí	1 go 500 km	8	10
	500 go 10 000 km	10	12
	Os cionn 10 000 km	14	16
Bricíní bagáis	500 go 10 000 km	5	6
	Os cionn 10 000 km	9	10
Mine eithne pailme	Os cionn 10 000 km	54	61
Mine eithne pailme (gan astaíochtaí CH_4 ón muileann ola)	Os cionn 10 000 km	37	40

(1) Tá iarmhair talmhaíochta a bhfuil dlús toirte íseal acu san áireamh san aicme ábhair seo agus cuimsíonn sé ábhair amhail burlaí tuí, crotail choirce, crotail ríse agus burlaí de bhagás cána siúcra (ní liosta cuimsitheach é seo).

(2) San aicme d'iarmhair talmhaíochta a bhfuil dlús toirte níos airde acu tá ábhair amhail diasa arbhair, blaoscaí cnónna, faighneoga pónairí soighe agus crotail eithní pailme (ní liosta cuimsitheach é seo).

▼B

Luachanna tipiciúla agus luachanna réamhshocraithe — bithghás don leictreachas

Córas táirgeachta bithgháis	An rogha ó thaobh na teicneolaíochta de		Luach tipiciúil	Luach réamhshocraithe
			Astaíochtaí gás ceaptha teasa (g CO_2eq/MJ)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa (g CO_2eq/MJ)
Bithghás don leictreachas ó aoileach fliuch	Cás 1	Díleáiteán oscailte [1]	– 28	3
		Díleáiteán dúnta [2]	– 88	– 84
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	– 23	10
		Díleáiteán dúnta	– 84	– 78
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	– 28	9
		Díleáiteán dúnta	– 94	– 89
Bithghás don leictreachas ó phlanda iomlán an arbhair Indiaigh	Cás 1	Díleáiteán oscailte	38	47
		Díleáiteán dúnta	24	28
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	43	54
		Díleáiteán dúnta	29	35
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	47	59
		Díleáiteán dúnta	32	38
Bithghás don leictreachas ó bhithdhramhaíl	Cás 1	Díleáiteán oscailte	31	44
		Díleáiteán dúnta	9	13
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	37	52
		Díleáiteán dúnta	15	21
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	41	57
		Díleáiteán dúnta	16	22

[1] Bíonn astaíochtaí breise meatáin mar thoradh ar stóráil oscailte díleáiteáin agus athraíonn na hastaíochtaí sin leis an aimsir, an tsubstráit agus éifeachtúlacht an díleá. Sna ríomhanna sin glactar leis gurb ionann na luachanna agus 0,05 MJ CH_4/MJ bithghás i gcás aoiligh, 0,035 MJ CH_4/MJ bithghás i gcás arbhair indiaigh agus 0,01 MJ CH_4/MJ bithghás i gcás bithdhramhaíola.

[2] Ciallaíonn stóráil dúnta go ndéantar an díleáiteán a thagann as an bpróiseas díghrádaithe a stóráil in umar gásobach agus meastar an bithghás a scaoiltear le linn an stórála a ghnóthú le haghaidh tuilleadh leictreachais nó bithmheatáin a tháirgeadh.

▼B

Luachanna tipiciúla agus luachanna réamhshocraithe don bhithmheatán

Córas táirgeachta bithmheatáin	An rogha ó thaobh na teicneolaíochta de	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil (g CO_2eq/MJ)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe (gCO_2eq./MJ)
Bithmheatán ó aoileach fliuch	Díleáiteán oscailte, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh ([1])	– 20	22
	Díleáiteán oscailte, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh ([2])	– 35	1
	Díleáiteán dúnta, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	– 88	– 79
	Díleáiteán dúnta, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	– 103	– 100
Bithmheatán ó phlanda iomlán an arbhair Indiaigh	Díleáiteán oscailte, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	58	73
	Díleáiteán oscailte, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	43	52
	Díleáiteán dúnta, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	41	51
	Díleáiteán dúnta, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	26	30
Bithmheatán ó bhithdhramhaíl	Díleáiteán oscailte, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	51	71
	Díleáiteán oscailte, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	36	50
	Díleáiteán dúnta, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	25	35
	Díleáiteán dúnta, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	10	14

([1]) Áirítear sa chatagóir seo na catagóirí teicneolaíochta seo a leanas chun bithghás a uasghrádú ina bhithmheatán: Asúchán trí aistriú brú (*Pressure Swing Adsorption PSA*), Íonú le huisce faoi bhrú (*Pressure Water Scrubbing PWS*), Deighilt scannán (*Membranes*), Deighilt crióigineach, Íonú fisiceach orgánach (*Organic Physical Scrubbing OPS*). Áirítear sa chatagóir sin astaíocht 0,03 MJ CH_4/MJ bithmheatáin le haghaidh astaíocht meatáin sna easgháis.

([2]) Áirítear sa chatagóir seo na catagóirí teicneolaíochta seo a leanas chun bithghás a uasghrádú ina bhithmheatán: Íonú le huisce faoi bhrú (*Pressure Water Scrubbing PWS*) ina dhéantar uisce a athchúrsáil, Asúchán trí aistriú brú (*Pressure Swing Adsorption PSA*), Íonú Ceimiceach, Íonú fisiceach orgánach (*Organic Physical Scrubbing OPS*), Deighilt scannán agus Deighilt Crióigineach (*Cryogenic upgrading*). Ní dhéantar astaíochtaí meatáin a chur san áireamh don chatagóir seo (déantar an meatán san easghás a dhó, más ann).

▼B

Luachanna tipiciúla agus luachanna réamhshocraithe — bithghás don leictreachas — meascáin d'aoileach agus d'arbhar Indiach: Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus sciartha tugtha ar bhonn maise úire

Córas táirgeachta bithgháis		Na roghanna ó thaobh na teicneolaíochta de	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach tipiciúil (g CO_2eq/MJ)	Astaíochtaí gás ceaptha teasa — luach réamhshocraithe (gCO_2eq/MJ)
Aoileach — Arbhar Indiach 80 % - 20 %	Cás 1	Díleáiteán oscailte	17	33
		Díleáiteán dúnta	– 12	– 9
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	22	40
		Díleáiteán dúnta	– 7	– 2
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	23	43
		Díleáiteán dúnta	– 9	– 4
Aoileach — Arbhar Indiach 70 % - 30 %	Cás 1	Díleáiteán oscailte	24	37
		Díleáiteán dúnta	0	3
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	29	45
		Díleáiteán dúnta	4	10
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	31	48
		Díleáiteán dúnta	4	10
Aoileach — Arbhar Indiach 60 % - 40 %	Cás 1	Díleáiteán oscailte	28	40
		Díleáiteán dúnta	7	11
	Cás 2	Díleáiteán oscailte	33	47
		Díleáiteán dúnta	12	18
	Cás 3	Díleáiteán oscailte	36	52
		Díleáiteán dúnta	12	18

Nótaí

Tagraíonn Cás 1 do chonairí ina ndéantar an leictreachas agus an teas atá de dhíth sa phróiseas a sholáthar ón inneall CTÉ féin.

Tagraíonn cás 2 do chonairí ina dtógtar an leictreachas atá de dhíth sa phróiseas ón eangach agus ina ndéantar teas an phróisis a sholáthar ón inneall CTÉ féin. I mBallstát áirithe, níl cead ag oibreoirí an t-olltáirgeadh a éileamh sna fóirdheontais agus is é cás 1 an chumraíocht is dóchúla a bheadh i gceist.

▼B

Tagraíonn cás 3 do chonairí ina dtógtar an leictreachas atá de dhíth sa phróiseas ón eangach agus ina ndéantar teas an phróisis a sholáthar ó choire bithgháis. Baineann an cás seo le monarchana áirithe áit nach bhfuil an t-inneall CTÉ ar an láthair agus ina ndíoltar an bithghás (ach nach ndéantar é a uasghrádú go bithmheatán).

Luachanna tipiciúla agus luachanna réamhshocraithe — bithmheatán — meascáin d'aoileach agus d'arbhar Indiach: Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus sciartha tugtha ar bhonn maise úire

Córas táirgeachta bithmheatáin	Na roghanna ó thaobh na teicneolaíochta de	Luach tipiciúil	Luach réamhshocraithe
		(gCO_2eq/MJ)	(gCO_2eq/MJ)
Aoileach — Arbhar Indiach 80 % - 20 %	Díleáiteán oscailte, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	32	57
	Díleáiteán oscailte, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	17	36
	Díleáiteán dúnta, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	– 1	9
	Díleáiteán dúnta, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	– 16	– 12
Aoileach — Arbhar Indiach 70 % - 30 %	Díleáiteán oscailte, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	41	62
	Díleáiteán oscailte, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	26	41
	Díleáiteán dúnta, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	13	22
	Díleáiteán dúnta, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	– 2	1
Aoileach — Arbhar Indiach 60 % - 40 %	Díleáiteán oscailte, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	46	66
	Díleáiteán oscailte, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	31	45
	Díleáiteán dúnta, gan dóchán na ngás a dtugtar uaidh	22	31
	Díleáiteán dúnta, le dóchán na ngás a dtugtar uaidh	7	10

I gcás bithmheatáin a úsáidtear mar Bhithmheatán Comhdhlúite mar bhreosla iompair, is gá luach 3,3 gCO_2eq/MJ de bhithmheatán a chur leis na luachanna tipiciúla agus luach 4,6 g CO_2eq/MJ de bhithmheatán leis na luachanna réamh-shocraithe.

▼**M1**

IARSCRÍBHINN VII

CUNTASAÍOCHT AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE A ÚSÁIDTEAR LE hAGHAIDH AN TÉIMH AGUS AN FHUARAITHE

CUID A: CUNTASAÍOCHT AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE Ó THEASCHAIDÉIL A ÚSÁIDTEAR LE hAGHAIDH AN TÉIMH

Déanfar méid an fhuinnimh aeraiteirmigh, gheoiteirmigh nó hidriteirmigh arna ghabháil ag teaschaidéil atá le meas mar fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh chun críocha na Treorach seo, E_{RES}, a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$E_{RES} = Q_{inúsáidte} * (1 – 1/SPF)$

i gcás inarb é

—	$Q_{inú-sáidte}$	=	an teas inúsáidte iomlán measta arna sholáthar ag teaschaidéil lena gcomhlíontar na critéir dá dtagraítear in ►**M2** d'Airteagal 7(3) ◄, le cur chun feidhme mar a leanas: Ní chuirfear san áireamh ach teaschaidéil ag a bhfuil SPF > 1,15 * 1/η,
—	SPF	=	meán-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh mheasta na dteaschaidéal sin,
—	η	=	an cóimheas idir an t-olltáirgeadh iomlán leictreachais agus an tomhaltas fuinnimh phríomhúil chun leictreachais a tháirgeadh agus déanfar í a ríomh mar mheán de chuid an Aontais Eorpaigh bunaithe ar shonraí Eurostat.

CUID B: CUNTASAÍOCHT AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE A ÚSÁIDTEAR LE hAGHAIDH AN FHUARAITHE

1. **SAINMHÍNITHE**

Agus an fuinneamh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe á ríomh, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "fuarú" teas a bhaint as spás faoi iamh nó as spás istigh (feidhm chompoird) nó as próiseas chun teocht an spáis nó an phróisis a laghdú go teocht shonraithe (pointe socraithe), nó í a choimeád ar an teocht sin (pointe socraithe); an teas a bhaintear i gcás córais fuaraithe, díchuirtear amach san aer comhthimpeallach, san uisce comhthimpeallach nó sa talamh é áit a n-ionsúitear é, agus áit a mbíonn an comhshaol (aer, talamh agus uisce) mar a bheadh slogaide teasa ann le haghaidh an teas a bhaintear agus dá bhrí sin feidhmíonn sé mar fhoinse fuachta;

(2) ciallaíonn "córas fuaraithe" cóimeáil de chomhpháirteanna arb é atá inti córas bainte teasa, feistí fuaraithe amháin nó níos mó ná sin agus córas díchurtha teasa, a chomhlánaítear i gcás fuarú gníomhach le meán fuaraithe i bhfoirm sreabháin, a oibríonn le chéile chun aistriú sonraithe teasa a ghiniúint agus, dá bhrí sin, teocht riachtanach a áirithiú;

(a) i gcás fuarú spáis, is féidir gur córas fuaraithe shaoir nó córas fuaraithe ina bhfuil gineadóir fuaraithe ann an córas fuaraithe, agus an fuarú ar cheann de na príomhfheidhmeanna aige;

(b) i gcás fuarú próisis, cuimsíonn an córas fuaraithe gineadóir fuaraithe, agus an fuarú ar cheann de na príomhfheidhmeanna aige;

▼M1

(3) ciallaíonn “fuarú saor” córas fuaraithe ina n-úsáidtear foinse fuachta nádúrtha chun teas a bhaint as an spás nó as an bpróiseas atá le fuarú trí chaidéal/chaidéil agus/nó gaothrán/gaothráin a bheith ag iompar sreabháin/sreabhán, fuarú nach gá gineadóir fuaraithe a úsáid lena aghaidh;

(4) ciallaíonn “gineadóir fuaraithe” an chuid de chóras fuaraithe a ghineann difríocht teochta ar féidir teas a bhaint as an spás nó as an bpróiseas atá le fuarú dá tairbhe, trí thimthriall comhbhrúite gaile, timthriall súite nó arna thiomáint le timthriall teirmidinimice eile, a úsáidtear nuair nach bhfuil foinse an fhuachta ar fáil nó nuair nach leor é;

(5) ciallaíonn “fuarú gníomhach” teas a bhaint as spás nó próiseas, a bhfuil gá le hionchur fuinnimh lena aghaidh chun freastal ar an éileamh fuaraithe, fuarú a úsáidtear nuair nach bhfuil sreabhadh nádúrtha an fhuinnimh ar fáil nó nuair nach leor é agus is féidir fuarú gníomhach a bheith ann le gineadóir fuaraithe nó gan gineadóir fuaraithe;

(6) ciallaíonn “fuarú éighníomhach” teas a bhaint trí shreabhadh nádúrtha an fhuinnimh trí sheoladh, comhiompar, radaíocht nó traschur maise gan gá le sreabhán fuaraithe a bhogadh chun teas a bhaint agus a dhíchur nó chun teocht is ísle a ghiniúint le gineadóir fuaraithe, lena n-áirítear laghdú ar an ngá atá le fuarú trí ghnéithe dearaidh tógála amhail insliú foirgnimh, díon glas, balla faoi ghlasra, scáthú nó mais tógála méadaithe, trí aeráil nó trí ghaothráin chompoird a úsáid;

(7) ciallaíonn “aeráil” gluaiseacht nádúrtha nó brúite aeir chun aer comhthimpeallach a thabhairt isteach i spás agus chun cáilíocht iomchuí aeir istigh a áirithiú, lena n-áirítear an teocht;

(8) ciallaíonn “gaothrán compoird” táirge a chuimsíonn gaothrán agus cóimeáil mótair leictrigh chun aer a bhogadh le bheith ina fhoinse chompoird sa samhradh trí tuilleadh siúil a chur faoin aer timpeall chorp an duine go mothaítear fionnuaire teirmí;

(9) ciallaíonn “cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe” an soláthar fuaraithe a gineadh le héifeachtúlacht fuinnimh shonraithe arna shloinneadh ina Chomhéifeacht Feidhmiúcháin Shéasúraigh arna ríomh ina fuinneamh príomhúil;

(10) ciallaíonn “slogaide theasa” nó “foinse fuachta” linn nádúrtha sheachtrach ina n-aistrítear an teas a bhaintear as an spás nó as an bpróiseas; is féidir gur aer comhthimpeallach, uisce comhthimpeallach i bhfoirm dobharlaigh nádúrtha nó shaorga agus foirmíochtaí geoiteirmeacha faoi dhromchla an domhain sholadaigh í;

(11) ciallaíonn “córas bainte teasa” feiste a bhaineann teas as an spás nó as an bpróiseas atá le fuarú, amhail galaitheoir i dtimthriall comhbhrúite gaile;

(12) ciallaíonn “feiste fuaraithe” gaireas atá ceaptha chun fuarú gníomhach a dhéanamh;

(13) ciallaíonn “córas díchurtha teasa” an fheiste ina dtarlaíonn an t-aistriú teasa deiridh ón meán fuaraithe go dtí an tslogaide theasa, amhail an comhdhlúthadán aer go cuisneán i dtimthriall comhbhrúite gaile aer-fhuaraithe;

(14) ciallaíonn “ionchur fuinnimh” an fuinneamh is gá chun an sreabhán a iompar (fuarú saor), nó an fuinneamh is gá chun an sreabhán a iompar agus chun an gineadóir fuaraithe a oibriú (fuarú gníomhach le gineadóir fuaraithe);

▼M1

(15) ciallaíonn “fuarú ceantair” dáileadh fuinnimh theirmigh i bhfoirm leachtanna fuaraithe, as foinsí láraithe nó díláraithe táirgthe trí líonra chuig foirgnimh nó suíomhanna éagsúla le haghaidh fuarú spáis nó próisis;

(16) ciallaíonn “príomh-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh” méadracht éifeachtúlacht phríomhúil tiontaithe fuinnimh an chórais fuaraithe;

(17) ciallaíonn “uaireanta lánlóid coibhéiseacha” líon na n-uaireanta an chloig a bhíonn córas fuaraithe á oibriú faoi lánlód chun an méid fuaraithe a tháirgeann sé iarbhír i rith bliana a tháirgeadh ach le lóid éagsúla;

(18) Ciallaíonn “Laethanta Céime Fuaraithe” na luachanna aeráide a ríomhtar ag glacadh mar bhonn 18 °C a úsáidtear mar ionchur chun uaireanta lánlóid coibhéiseacha a chinneadh.

2. **RAON FEIDHME**

1. Agus méid an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe á ríomh acu, áireoidh na Ballstáit fuarú gníomhach, lena n-áirítear fuarú ceantair, gan beann ar cé acu fuarú saor nó gineadóir fuaraithe a úsáidtear.

2. Ní áireoidh na Ballstáit:

   (a) fuarú éighníomhach, ach i gcás ina n-úsáidtear aer aerála mar mheán iompartha teasa le haghaidh an fhuaraithe, is cuid den ríomh fuaraithe in-athnuaite é an soláthar fuaraithe comhfhreagrach, rud is féidir é a sholáthar le gineadóir fuaraithe nó trí fhuarú saor.

   b) na teicneolaíochtaí nó na próisis fuaraithe seo a leanas:

      (i) an fuarú i modhanna iompair ([1]);

      (ii) córais fuaraithe arb é a bpríomhfheidhm ábhair mheatacha a tháirgeadh nó a stóráil ar teochtaí sonraithe (cuisniúchán agus reo);

      (iii) córais fuaraithe a bhfuil pointí socraithe teochta is ísle ná 2 °C acu le haghaidh fuarú spáis nó próisis;

      (iv) córais fuaraithe a bhfuil pointí socraithe teochta is airde ná 30 °C acu le haghaidh fuarú spáis nó próisis;

      (v) dramhtheas mar thoradh ar ghiniúint fuinnimh, próisis thionsclaíocha agus an earnáil threasach (dramhtheas) a fhuarú ([2]).

   (c) fuinneamh a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe i ngléasraí ginte cumhachta; monaraíocht stroighne, iarainn agus cruach; ionaid cóireáilte fuíolluisce; saoráidí teicneolaíochta faisnéise (amhail ionaid sonraí); saoráidí tarchurtha agus dáilte cumhachta; agus bonneagair iompair.

Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh catagóirí córas fuaraithe a eisiamh ó ríomh an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh fuaraithe chun foinsí fuachta nádúrtha a chaomhnú i limistéir gheografacha shonracha ar chúiseanna cosanta comhshaoil. Is sampla de sin, aibhneacha nó lochanna a chosaint ar bhaol a róthéite.

([1]) Is le fuarú cónaitheach amháin a bhaineann an sainmhíniú ar an bhfuarú in-athnuaite.
([2]) Sainmhínítear an dramhtheas in Airteagal 2(9) den Treoir seo. Is féidir dramhtheas a chur san áireamh chun críocha Airteagail 23 agus 24 den Treoir seo.

▼M1

3. **MODHEOLAÍOCHT MAIDIR LE CUNTASAÍOCHT A DHÉANAMH AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE LE hAGHAIDH FUARÚ AONAIR AGUS FUARÚ CEANTAIR**

Ní mheasfar fuinneamh in-athnuaite a bheith á tháirgeadh ach ag córais fuaraithe a fheidhmíonn os cionn an íoscheanglais éifeachtúlachta arna shloinneadh ina phríomh-Chomhéifeacht Feidhmiúcháin Shéasúraigh (SPF_p) i roinn 3.2, an dara mír.

3.1. **Cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe**

Déanfar an chainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe (E_{RES-C}) a ríomh leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_{RES-C} = (Q_{C_{Source}} - E_{INPUT}) \times s_{SPF_p} = Q_{C_{Supply}} \times s_{SPF_p}$$

i gcás inarb é:

Is é $Q_{C_{Source}}$ an méid teasa a scaoiltear amach san aer comhthimpeallach, san uisce comhthimpeallach nó sa talamh ag an gcóras fuaraithe ([1]);

Is é E_{INPUT} tomhaltas fuinnimh an chórais fuaraithe, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh na gcóras cúnta i gcás córais thomhaiste, amhail fuarú ceantair;

Is é $Q_{C_{Supply}}$ an fuinneamh fuaraithe a sholáthraíonn an córas fuaraithe ([2]);

Sainmhínítear s_{SPF_p} ar leibhéal an chórais fuaraithe mar sciar an tsoláthair fuaraithe is féidir a mheas mar fhoinsí in-athnuaite de réir cheanglais SPF, arna shloinneadh ina chéatadán. Bunaítear SPF gan cuntas a thabhairt i gcaill-teanais dáileacháin. Maidir le fuarú ceantair, ciallaíonn sin gur in aghaidh an ghineadóra fuaraithe a bhunaítear SPF, nó ag leibhéal an chórais fuaraithe shaoir. Maidir le córais fuaraithe inar féidir feidhm a bheith ag SPF caighdeánach, ní úsáidtear comhéifeachtaí F(1) agus F(2) de réir Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún ([3]) agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún ([4]) atá ceangailte mar fhachtóirí ceartúcháin.

Maidir le fuarú 100 % in-athnuaite arna thiomáint le teas (ionsú agus asúchán), ba cheart an fuarú a fhaightear a mheas mar fhuarú atá in-athnuaite go hiomlán.

Na céimeanna ríomha is gá le haghaidh $Q_{C_{Supply}}$ agus s_{SPF_p}, mínítear iad i Ranna 3.2 go 3.4.

([1]) Freagraíonn méid na foinse fuachta don chainníocht teasa a ionsúnn aer comhthimpeallach, uisce comhthimpeallach agus an talamh mar shlogaide theasa. Freagraíonn aer comhthimpeallach agus uisce comhthimpeallach d'fhuinneamh comhthimpeallach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Treoir seo. Freagraíonn an talamh d'fhuinneamh geoiteirmeach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Treoir seo.

([2]) Ó thaobh na teirmidinimice de, freagraíonn an soláthar fuaraithe do chuid den teas a scaoileann córas fuaraithe amach san aer comhthimpeallach, san uisce comhthimpeallach nó sa talamh, a fheidhmíonn mar shlogaide theasa nó mar fhoinse fuachta. Freagraíonn aer comhthimpeallach agus uisce comhthimpeallach d'fhuinneamh comhthimpeallach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Treoir seo. Freagraíonn feidhm slogaide teasa nó foinse fuachta na talún d'fhuinneamh geoiteirmeach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Treoir seo.

([3]) Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan amach do tháirgí a bhaineann le fuinneamh, i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí téamh aeir, táirgí fuaraithe, fuarthóirí próisis ardteochta agus aonaid ghaothráin agus chorna (IO L 346, 20.12.2016, lch. 1).

([4]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2017.229.01.0001.01.ENG&toc=OJ:C:2017:229:TOC

▼M1

3.2. **Sciar na Comhéifeachta Feidhmiúcháin Shéasúraigh atá incháilithe mar fhuinneamh in-athnuaite a ríomh – S_{SPF_p}**

is é S_{SPF} sciar an tsoláthair fuaraithe is féidir a áireamh mar fhoinsí in-athnuaite. Méadaíonn ar S_{SPF_p} de réir mar a mhéadaíonn ar luachanna SPF_p. Sainmhínítear SPF_p ([1]) mar a thuairiscítear i Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún agus i Rialachán (AE) Uimh. 206/2012 ón gCoimisiún ([2]), ach amháin gur nuashonraíodh an fachtóir fuinnimh phríomhúil réamhshocraithe le haghaidh an leictreachais go 2.1 i dTreoir 2012/27/AE (arna leasú le Treoir (AE) 2018/2002 ([3])) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Úsáidfear coinníollacha teorann ó chaighdeán EN14511.

Is é 1.4 ($SPF_{p_{LOW}}$) ar a laghad a bheidh in íoscheanglas éifeachtúlachta an chórais fuaraithe arna shloinneadh ina phríomh-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh. Is é 6 (SPF_{HIGH}) ar a laghad a bheidh in íoscheanglas éifeachtúlachta an chórais fuaraithe le gurb ionann S_{SPF_p} agus 100 %. I gcás na gcóras fuaraithe go léir eile, cuirfear an ríomh seo a leanas i bhfeidhm:

$$S_{SPFp} = \frac{SPF_p - SPF_{p_LOW}}{SPF_{p_HIGH} - SPF_{p_LOW}} \%$$

is é SPF_P éifeachtúlacht an chórais fuaraithe arna sloinneadh ina príomh-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh;

is é $SPFp_{LOW}$ an chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh íosta arna sloinneadh ina fuinneamh príomhúil agus bunaithe ar éifeachtúlacht na gcóras fuaraithe caighdeánach (íoscheanglais éicidhearthóireachta);

is é $SPFp_{HIGH}$ an tairseach uachtair le comhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh arna sloinneadh ina fuinneamh príomhúil agus bunaithe ar dhea-chleachtais maidir le fuarú saor a úsáidtear i bhfuarú ceantair ([4]).

3.3. **SPF_p caighdeánach agus tomhaiste a úsáid chun cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe a ríomh**

SPF caighdeánach agus tomhaiste

Tá luachanna caighdeánaithe SPF ar fáil maidir le gineadóirí fuaraithe comhbhrúite gaile leictreacha agus maidir le gineadóirí fuaraithe comhbhrúite gaile innill dócháin toisc na gceanglas éicidhearthóireachta i Rialacháin (AE) Uimh. 206/2012 agus (AE) 2016/2281. Tá luachanna ar fáil maidir leis na gineadóirí fuaraithe sin suas le 2 MW le haghaidh fuarú compoird agus suas le 1,5 MW le haghaidh fuarú próisis. Níl luachanna caighdeánacha ar fáil maidir le teicneolaíochtaí eile agus scálaí acmhainne. Maidir le fuarú ceantair, níl luachanna caighdeánacha ar fáil ach tá fáil ar thomhais agus úsáidtear iad; is féidir luachanna SPF a ríomh ar bhonn bliantúil ar a laghad dá mbarr.

([1]) I gcás ina mbeidh fíordhálaí oibriúcháin na ngineadóirí fuaraithe ina siocair le luachanna SPF i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe faoi choinníollacha caighdeánacha mar gheall ar fhorálacha suiteála éagsúla, féadfaidh na Ballstáit na córais sin a eisiamh ó raon feidhme an tsainmhínithe ar an bhfuarú in-athnuaite (e.g. gineadóir fuaraithe uiscefhuaraithe ina n-úsáidtear fuaraitheoir tirim in ionad túr fuaraithe chun teas a scaoileadh amach san aer comhthimpeallach).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 206/2012 ón gCoimisiún an 6 Márta 2012 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh aerchóiritheoirí agus gaothrán compoird (IO L 72, 10.3.2012, lch. 7).

([3]) Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 328, 21.12.2018, lch. 210).

([4]) ENER/C1/2018-493, *Renewable cooling under the revised Renewable Energy Directive* [An fuarú in-athnuaite faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite], TU-Wien, 2021.

▼M1

Chun cainníocht an fhuaraithe in-athnuaite a ríomh, is féidir luachanna caighdeánacha SPF a úsáid ach iad a bheith ar fáil. I gcás nach bhfuil luachanna caighdeánacha ar fáil nó i gcás inar gnáthchleachtas é an tomhas, úsáidfear luachanna tomhaiste SPF atá á ndeighilt ag tairseacha acmhainne fuaraithe. Maidir le gineadóirí fuaraithe a bhfuil acmhainn fuaraithe faoi bhun 1,5 MW acu, is féidir SPF caighdeánach a úsáid, agus úsáidfear SPF tomhaiste le haghaidh fuarú ceantair, i gcás gineadóirí fuaraithe a bhfuil acmhainn fuaraithe is airde ná 1,5 MW acu nó cothrom leis sin agus i gcás gineadóirí fuaraithe nach bhfuil luachanna caighdeánacha ar fáil ina leith.

Ina theannta sin, i gcás gach córais fuaraithe gan SPF caighdeánach, lena n-áirítear gach réiteach fuaraithe shaoir agus gach gineadóir fuaraithe teasghníomhachtaithe, leagfar síos SPF tomhaiste chun leas a bhaint as an modheolaíocht ríomha le haghaidh an fhuaraithe in-athnuaite.

Sainmhíniú ar luachanna caighdeánacha SPF

Sloinntear luachanna SPF i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh phríomhúil arna ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí fuinnimh phríomhúil de réir Rialachán (AE) 2016/2281 chun éifeachtúlacht fuaraithe spáis na gcineálacha éagsúla gineadóirí fuaraithe a chinneadh ([1]). Déanfar an fachtóir fuinnimh phríomhúil i Rialachán (AE) 2016/2281 a ríomh mar 1/η, i gcás inarb é η an meánchóimheas idir olltáirgeadh iomlán an leictreachais in aghaidh an tomhaltais fuinnimh phríomhúil le haghaidh táirgeadh leictreachais san Aontas ina iomláine. Leis an leasú ar an bhfachtóir fuinnimh phríomhúil réamhshocraithe le haghaidh an leictreachais, dá ngairtear comhéifeacht i bpointe (1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2002 lena leasaítear fonóta (3) in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2012/27/AE, déanfar fachtóir fuinnimh phríomhúil 2.5 i Rialachán (AE) 2016/2281 a ionadú le 2.1 agus luachanna SPF á ríomh.

Nuair a úsáidtear iompróirí fuinnimh phríomhúil, amhail an teas nó gás mar ionchur fuinnimh chun an gineadóir fuaraithe a oibriú, is é 1 an fachtóir réamhshocraithe fuinnimh phríomhúil (1/η), lena léirítear an easpa claochlaithe fuinnimh η = 1.

Sainítear na coinníollacha oibriúcháin caighdeánacha agus na paraiméadair eile is gá chun SPF a chinneadh i Rialacháin (AE) 2016/2281 agus (AE) Uimh. 206/2012, de réir chatagóir an ghineadóra fuaraithe. Na coinníollacha teorann atá ann, is iad na coinníollacha teorann a shainítear i gcaighdeán EN14511 iad.

I gcás gineadóirí fuaraithe in-aisiompaithe (teaschaidéil in-aisiompaithe), a eisiatar ó raon feidhme Rialachán (AE) 2016/2281 toisc go gcumhdaítear a bhfeidhm téimh le Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún ([2]) i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí, úsáidfear an ríomh céanna SPF a shainmhínítear le haghaidh gineadóirí fuaraithe neamh-aisiompaithe comhchosúla i Rialachán (AE) 2016/2281.

Mar shampla, i gcás gineadóirí fuaraithe comhbhrúite gaile leictreacha, saineofar SPF_p mar a leanas (úsáidtear an t-innéacs *p* chun a shoiléiriú go sainítear SPF i dtéarmaí fuinnimh phríomhúil):

([1]) Is ionann SPF_p agus $\eta_{s,c}$ a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 2281/2016.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí (IO L 239, 6.9.2013, lch. 136)

▼**M1**

— Le haghaidh fuarú spáis: $SPF_p = \frac{SEER}{\frac{1}{\eta}} - F(1) - F(2)$

— le haghaidh fuarú próisis: $SPF_p = \frac{SEPR}{\frac{1}{\eta}} - F(1) - F(2)$

I gcás inar:

— comhéifeachtaí feidhmiúcháin shéasúraigh iad SEER agus SEPR ([1]) (seasann SEER do “Chóimheas Éifeachtúlachta Fuinnimh Shéasúraigh”, seasann SEPR do “Chóimheas Feidhmíochta Fuinnimh Shéasúraigh”) i dtaca leis an bhfuinneamh críochnaitheach a shainmhínítear de réir Rialacháin (AE) 2016/2281 agus (AE) 206/2012;

— is é η an meánchóimheas idir an t-olltáirgeadh iomlán leictreachais in aghaidh an tomhaltais fuinnimh phríomhúil le haghaidh táirgeadh leictreachais san Aontas Eorpach (η = 0,475 agus 1/η = 2,1).

Is fachtóirí ceartúcháin iad F(1) agus F(2) de réir Rialachán (AE) 2016/2281 agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún atá ceangailte. Níl feidhm ag na comhéifeachtaí sin maidir le fuarú próisis i Rialachán (AE) 2016/2281 toisc go mbaintear feidhm dhíreach as méadracht fuinnimh deiridh SEPR. In éagmais luachanna oiriúnaithe, na luachanna céanna a úsáidtear le haghaidh thiontú SEER, úsáidfear le haghaidh thiontú SEPR iad.

Coinníollacha teorann SPF

Chun SPF an ghineadóra fuaraithe a shainiú, úsáidfear coinníollacha teorann SPF a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 2281/2016 agus i Rialachán (AE) Uimh. 206/2012. I gcás gineadóirí fuaraithe uisce go haer agus uisce go huisce, is trí fhachtóir ceartúcháin F(2) a áirítear an t-ionchur fuinnimh atá ag teastáil chun an fhoinse fuachta a chur ar fáil. Taispeántar coinníollacha teorann SPF i bhFíor 1. Beidh feidhm ag na coinníollacha teorann sin maidir le gach córas fuaraithe, bíodh córais fuaraithe shaoir ann nó córais ina bhfuil gineadóirí fuaraithe.

Na coinníollacha teorann sin, tá siad comhchosúil leis na coinníollacha le haghaidh teaschaidéal (a úsáidtear sa mhodh téimh) i gCinneadh 2013/114/AE ón gCoimisiún ([2]). Is é an difríocht nach ndéantar an tomhaltas leictreachais a fhreagraíonn do thomhaltas cumhachta cúnta (mód teirmeastait as, mód fuireachais, mód as, téitheoir cáis cromáin) a chur san áireamh chun SPF a mheas. Mar sin féin, dála mar atá i gcás an fhuaraithe, úsáidfear luachanna caighdeánacha SPF agus SPF tomhaiste araon, agus ós rud é go gcuirtear tomhaltas cúnta SPF thomhaiste san áireamh, is gá tomhaltas cumhachta cúnta a áireamh sa dá chás.

Maidir le fuarú ceantair, ní áireofar caillteanais fuachta mar gheall ar dháileachán agus tomhaltas leictreach caidéal dáileacháin idir an gléasra fuaraithe agus fostáisiún an chustaiméara agus meastachán ar SPF á dhéanamh.

([1]) I gCuid 1 de staidéar ENER/C1/2018-493 *Cooling Technologies Overview and Market Share* [Forbhreathnú ar Theicneolaíochtaí Fuaraithe agus Sciar den Mhargadh] tugtar sainmhínithe is mionsonraithe agus cothromóidí na méadrachtaí sin i gcaibidil 1.5 *Energy efficiency metrics of state-of-the-art cooling systems* [Méadrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh na gcóras fuaraithe úrscothach].

([2]) Cinneadh ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena mbunaítear na treoirlínte do na Ballstáit maidir le fuinneamh in-athnuaite ó theaschaidéil a ríomh ó theicneolaíochtaí éagsúla teaschaidéil de bhun Airteagal 5 de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 62, 6.3.2013, lch. 27).

▼M1

I gcás córais fuaraithe aerbhunaithe lena n-áirithítear an fheidhm aerála freisin, ní chuirfear an soláthar fuaraithe mar gheall ar shreabhadh aeir aerála sa chuntas. Déanfar an chumhacht ghaothráin atá ag teastáil maidir leis an aeráil a fhágáil as an gcuntas freisin i gcomhréir le cóimheas an tsreafa aeir aerála leis an sreabhadh aeir fuaraithe.



Fíor 1 Léiriú ar choinníollacha teorann SPF le haghaidh gineadóir fuaraithe a úsáideann fuarú caighdeánach SPF agus fuarú ceantair (agus córais fuaraithe mhóra eile a úsáideann SPF tomhaiste), i gcás inarb é E_{INPUT_AUX} an t-ionchur fuinnimh chuig an ngaothrán agus/nó caidéal agus i gcás inarb é E_{INPUT_CG} an t-ionchur fuinnimh chuig an ngineadóir fuaraithe

I gcás córais fuaraithe aerbhunaithe a ngabhann aisghabháil inmheánach fuachta leo, ní chuirfear an soláthar fuaraithe mar gheall ar aisghabháil na fuachta sa chuntas. Déanfar an chumhacht ghaothráin atá ag teastáil maidir leis an aisghabháil fuachta arna déanamh ag an teasmhalartóir a fhágáil as an gcuntas i gcomhréir le cóimheas na gcaillteanas brú mar gheall ar an teasmhalartóir aisghabhála fuachta le caillteanais bhrú iomlána an chórais fuaraithe aerbhunaithe.

3.4. Ríomh trí bhíthin luachanna caighdeánacha

Féadfar modh simplithe a úsáid le haghaidh córais fuaraithe aonair a bhfuil acmhainn is lú ná 1,5 MW acu, agus a bhfuil luach caighdeánach SPF ar fáil ina leith, chun meastachán a dhéanamh ar an bhfuinneamh fuaraithe iomlán a sholáthraítear.

Faoin modh simplithe, is é an fuinneamh fuaraithe a sholáthraíonn an córas fuaraithe ($Q_{Csupply}$) an acmhainn fuaraithe ainmniúil *(P_C)* arna iolrú faoi líon na n-uaireanta lánlóid coibhéiseacha *(EFLH)*. Féadfar luach amháin Laethanta Céime Fuaraithe (CDD) a úsáid le haghaidh tír iomlán, nó luachanna ar leith le haghaidh criosanna aeráide éagsúla ar choinníoll go bhfuil acmhainní ainmniúla agus SPFanna ar fáil maidir leis na criosanna aeráide sin.

Féadfar na modhanna réamhshocraithe seo a leanas a úsáid chun *EFLH* a ríomh:

— le haghaidh fuarú spáis san earnáil cónaithe: EFLH = 96 + 0,85 * CDD

— le haghaidh fuarú spáis san earnáil threasach: EFLH = 475 + 0,49 * CDD

— le haghaidh fuarú próisis: EFLH = τ_s * (7300 + 0,32 * CDD)

▼**M1**

I gcás inar:

fachtóir gníomhaíochta é τ_s chun cuntas a thabhairt in am oibriúcháin na bpróiseas sonrach (e.g. an bhliain ar fad $\tau_s = 1$, gan baint don deireadh seachtaine $\tau_s = 5/7$). Níl aon luach réamhshocraithe ann.

3.4.1. *Ríomh trí bhíthin luachanna tomhaiste*

Maidir le córais nach bhfuil aon luach caighdeánach ar fáil ina leith, chomh maith le córais fuaraithe a bhfuil acmhainn is mó ná 1,5 MW acu agus córais fuaraithe ceantair**,** déanfar a bhfuarú in-athnuaite a ríomh bunaithe ar na tomhais seo a leanas:

Ionchur fuinnimh tomhaiste: Áirítear san ionchur fuinnimh tomhaiste gach foinse fuinnimh le haghaidh an chórais fuaraithe, lena n-áirítear aon ghineadóir fuaraithe, i.e leictreachas, gás, teas etc. Áirítear ann freisin caidéil chúnta agus gaothráin a úsáidtear sa chóras fuaraithe ach ní chun fuarú a dháileadh ar fhoirgneamh nó ar phróiseas. I gcás an fhuaraithe aerbhunaithe a bhfuil feidhm aerála aige, ní chuimseofar in ionchur fuinnimh an chórais fuaraithe ach an t-ionchur breise fuinnimh mar gheall ar an bhfuarú.

Soláthar fuinnimh fuaraithe tomhaiste: Déanfar an soláthar fuinnimh fuaraithe a thomhas mar an t-aschur ón gcóras fuaraithe agus dealófar aon chaillteanas fuachta uaidh chun meastachán a dhéanamh ar an nglansoláthar fuinnimh fuaraithe don fhoirgneamh nó don phróiseas arb é úsáideoir deiridh an fhuaraithe é. I measc na gcaillteanas fuachta tá caillteanais i gcóras fuaraithe ceantair agus sa chóras dáilte fuaraithe i bhfoirgneamh nó i suíomh tionsclaíoch. Beidh an soláthar fuinnimh fuaraithe glan ar an éifeacht a bhaineann le haer úr a thabhairt isteach chun críoch aerála i gcás an fhuaraithe aerbhunaithe a bhfuil feidhm aerála aige.

Ní mór na tomhais a dhéanamh maidir leis an mbliain shonrach atá le tuairisciú i.e. an t-ionchur fuinnimh uile agus an soláthar fuinnimh fuaraithe uile maidir leis an mbliain ar fad.

3.4.2. *Fuarú ceantair: Ceanglais bhreise*

I gcás córais fuaraithe ceantair, déanfar an glansoláthar fuaraithe ar leibhéal an chustaiméara a chuntas agus an glansoláthar fuaraithe á shainiú, arna chur in iúl mar $Q_{C_Supply_net.}$ Déanfar caillteanais theirmeacha a tharlaíonn sa líonra dáileacháin (Q_{C_LOSS}) a bhaint as an ollsoláthar fuaraithe $(Q_{C_Supply_gross})$ mar a leanas:

$$Q_{C_Supply_net} = Q_{C_Supply_gross} - Q_{C_LOSS}$$

3.4.2.1. *Roinnt ina bhfochórais*

Is féidir córais fuaraithe ceantair a roinnt ina bhfochórais, ina bhfuil ar a laghad gineadóir fuaraithe amháin nó córas fuaraithe shaoir. Chuige sin, ní mór an soláthar fuinnimh fuaraithe agus an t-ionchur fuinnimh le haghaidh gach fochórais a thomhas chomh maith le leithdháileadh caillteanas fuachta in aghaidh an fhochórais mar a leanas:

$$Q_{C_Supply_net_i} = Q_{C_Supply_gross_i} x\,(1 - \frac{Q_{C_{LOSS}}}{(\sum_{i=1}^{n} Q_{C_{Supply_{gross_i}}})})$$

3.4.2.2. *Gabhálais*

Agus córas fuaraithe á roinnt ina fhochórais, cuirfear nithe cúnta (e.g. rialuithe, caidéil agus gaothráin) an ghineadóra fuaraithe/na ngineadóirí fuaraithe agus/nó cúntóirí an chórais fuaraithe shaoir/na gcóras fuaraithe shaoir san áireamh san fhochóras céanna/sna fochórais chéanna. Ní thugtar cuntas i bhfuinneamh cúnta a chomhfhreagraíonn do dháileadh fuaraithe laistigh den fhoirgneamh, e.g. caidéil thánaisteacha agus aonaid losa (e.g. aonaid ghaothráin agus chorna, gaothráin in aonaid láimhseála aeir).

▼**M1**

I gcás nithe cúnta nach féidir a leithdháileadh ar fhochóras sonrach, mar shampla caidéil líonra fuaraithe ceantair lena soláthraítear an fuinneamh fuaraithe a sholáthraíonn na gineadóirí fuaraithe uile, leithdháilfear a dtomhaltas fuinnimh phríomhúil ar gach fochóras fuaraithe i gcion an fhuinnimh fuaraithe a sholáthraíonn na gineadóirí fuaraithe agus/nó córais fuaraithe shaoir gach fochórais, ar an mbealach céanna a dhéantar le caillteanais fuachta sa líonra, mar a leanas

$$E_{INPUT_AUX_i} = E_{INPUT_AUX1_i} + E_{INPUT_AUX2} * \frac{Q_{C_Supply_net_i}}{\sum_{i=1}^{n} Q_{C_Supply_net_i}}$$

i gcás inarb é:

$E_{INPUT_AUX1_i}$ an tomhaltas cúnta fuinnimh atá ag fochóras “i”;

E_{INPUT_AUX2} an tomhaltas cúnta fuinnimh atá ag an gcóras fuaraithe ina iomláine, tomhaltas nach féidir a leithdháileadh ar fhochóras fuaraithe sonrach.

3.5. **Cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe a ríomh maidir leis na scaireanna in-athnuaite foriomlána agus maidir leis na scaireanna fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe**

Chun scaireanna foriomlána an fhuinnimh in-athnuaite a ríomh, cuirfear cainníocht an fhuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe leis an uimhreoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite” agus leis an ainmneoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh” araon.

Chun scaireanna an fhuinnimh in-athnuaite le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe a ríomh, cuirfear cainníocht an fhuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe leis an uimhreoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe” agus leis an ainmneoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe” araon.

3.6. **Treoir maidir le modheolaíochtaí agus ríomhanna níos cruinne a fhorbairt**

Beartaítear agus spreagtar go ndéanfaidh na Ballstáit a meastacháin féin le haghaidh SPF agus EFLH araon. Ba cheart chuir chuige náisiúnta/réigiúnacha ar bith den sórt a bhunú ar thoimhdí cruinne, samplaí ionadaíocha de mhéid leordhóthanach, arbh é a bheadh mar thoradh orthu meastachán maidir le fuinneamh in-athnuaite atá feabhsaithe go suntasach i gcomparáid le meastachán a gheofaí tríd an modheolaíocht a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe seo a úsáid. Féadfar na modheolaíochtaí feabhsaithe sin a bhunú ar ríomh mionsonraithe bunaithe ar shonraí teicniúla lena gcuirfear san áireamh, i measc nithe eile, bliain na suiteála, caighdeán na suiteála, cineál an chomhbhrúiteora agus méid an innill, an modh oibríochta, an líonra dáileacháin, carnadh gineadóirí agus an aeráid réigiúnach. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh modheolaíochtaí malartacha agus/nó luachanna na modheolaíochtaí agus na luachanna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le tuarascáil lena mínítear an modh agus na sonraí a úsáidtear. Déanfaidh an Coimisiún, más gá, na doiciméid a aistriú agus iad a fhoilsiú ar a chlár oibre trédhearcachta.

▼B

IARSCRÍBHINN VIII

CUID A. ASTAÍOCHTAÍ SEALADACHA MEASTA ÓN ATHRÚ INDÍREACH SA TALAMHÚSÁID Ó BHUNÁBHAR BITHBHREOSLAÍ, BITHLEACHTANNA AGUS BREOSLAÍ BITHMHAISE (gCO_2EQ/MJ) ([1])

Grúpa bunábhar	Meán ([2])	Raon idirpheircintíl a eascraíonn ón anailís íogaireachta ([3])
Gránaigh agus barra eile atá stáirseshaibhir	12	8 go 16
Siúcraí	13	4 go 17
Barra ola	55	33 go 66

CUID B. BITHBHREOSLAÍ, BITHLEACHTANNA AGUS BREOSLAÍ BITHMHAISE LENA MEASTAR NA hASTAÍOCHTAÍ ÓN ATHRÚ INDÍREACH SA TALAMHÚSÁID A BHEITH NIALASACH

Measfar na hastaíochtaí measta ón athrú indíreach sa talamhúsáid ag nialas i gcás bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó na catagóirí bunábhar seo a leanas:

(1) bunábhair nach liostaítear faoi chuid A den Iarscríbhinn seo.

(2) bunábhair, a raibh athrú indíreach sa talamhúsáid mar thoradh lena dtáirgeadh is é sin athrú ó cheann amháin de chatagóirí cumhdaigh talún IPCC seo a leanas: talamh foraoise, féarthailte, bogach, lonnaíochtaí, nó talamh eile, go talamh curaíochta nó talamh curaíochta ilbhliantúil ([4]). I gcás den sórt sin ba cheart luach d'astaíochtaí ón athrú díreach sa talamhúsáid (e_l) a bheith ríofa i gcomhréir le pointe 7 de chuid C d'Iarscríbhinn V.

([1]) Is ionann na meánluachanna a thuairiscítear anseo agus meán ualaithe de na luachanna bunábhair múnlaithe ar bhonn aonair. Tá méid na luachanna san Iarscríbhinn ag brath ar an réimse toimhde (amhail láimhseáil comhtháirgí, forbairtí táirgeachta, stoic charbóin agus díláithriú tráchtearraí eile) arna n-úsáid sna samhlacha eacnamaíochta a forbraíodh dá meastachán. Cé nach féidir an raon neamhchinnteachta a bhaineann le meastacháin den sórt sin a léiriú, rinneadh anailís íogaireachta ar na torthaí bunaithe ar athrú randamach na bpríomhpharaiméadar; anailís Monte Carlo mar a thugtar air.

([2]) Is ionann na meánluachanna a áirítear anseo agus meán ualaithe de na luachanna bunábhair múnlaithe ar bhonn aonair.

([3]) Is ionann an raon a áirítear anseo agus 90 % de na torthaí a úsáideann na luachanna don chúigiú pheircintíl agus don chúigiú pheircintíl is nócha a thagann ón anailís. Leis an gcúigiú pheircintíl tá luach ar fuarthas 5 % de na breathnóireachtaí faoi (is é sin léirigh 5 % de líon iomlán na sonraí torthaí faoi bhun 8, 4 agus 33 g CO_2eq/MJ). Leis an gcúigiú pheircintíl is nócha tá luach ar fuarthas 95 % de na breathnóireachtaí faoi (is é sin léiríonn 5 % de líon iomlán na sonraí torthaí os cionn 16, 17 agus 66 g CO_2eq/MJ).

([4]) I measc na mbarr ilbhliantúil, nach ndéantar gas an phlanda a bhuaint go bliantúil, tá an roschoill ghearruainíochta agus an phailm ola.

▼B

IARSCRÍBHINN IX

Cuid A. ►M2 Bunábhair chun bithghás don iompar agus bithbhreoslaí ardfhorbartha a tháirgeadh: ◄

(a) Algaí má saothraítear iad ar an talamh i linnte nó i bhfóta-bith-imoibreoirí.

(b) An codán bithmhaise den dramhaíl mheasctha chathrach, agus ní dramhaíl tí dheighilte atá faoi réir spriocanna athchúrsála faoi phointe (a) d'Airteagal 11(2) de Threoir 2008/98/CE.

(c) Bithdhramhaíl arna sainmhíniú i bpointe (4) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE ó líonta tí príobháideacha atá faoi réir bailiúchán deighilte arna shainmhíniú i bpointe (11) d'Airteagal 3 den Treoir sin.

(d) An codán bithmhaise den dramhaíl thionsclaíoch nach bhfuil oiriúnach lena úsáid sa slabhra bia ná beatha, lena n-áirítear ábhar ón miondíol agus ón mórdhíol agus ón tionscal agrai-bhia agus ó thionscal an éisc agus an dobharshaothraithe, agus seachas bunábhair a liostaítear i gcuid B den Iarscríbhinn seo.

(e) Tuí.

(f) Aoileach ainmhithe agus sloda múnlaigh.

(g) Eisilteach muilte ola phailme agus triopaill fholmha torthaí pailme.

(h) Bí roisín leachtach.

(i) Amhghlicrín.

(j) Bagás.

(k) Biotáille marc fíonchaor agus moirt.

(l) Blaoscaí cnónna.

(m) Cáithní.

(n) Diasa a bhfuil eithní arbhair glanta amach astu.

(o) An codán bithmhaise den dramhaíl agus de na hiarmhair ón bhforaoiseacht agus ó thionscail fhoraoisbhunaithe, i.e. coirt, brainsí, tanúcháin réamhthráchtála, duilleoga, buaircíní, barr na gcrann, min sáibh, scamh adhmaid, licéar dubh, licéar donn, sloda snáithíní, lignin agus roisín leachtach.

(p) Ábhar ceallalósach neamhbhia eile.

(q) Ábhar ligniceallalósach eile ach amháin lomáin sábhadóireachta agus lomáin veinír.

Cuid B. ►M2 Bunábhair chun bithbhreoslaí agus bithghás don iompar a tháirgeadh, a mbeidh a rannchuidiú i dtreo na spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír, pointe (a), teoranta don mhéid seo a leanas: ◄

(a) Ola cócaireachta úsáidte;

(b) Saill ainmhíoch atá aicmithe i gcatagóir 1 agus catagóir 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009

▼B

IARSCRÍBHINN X

CUID A

An Treoir aisghairthe agus liosta de na leasuithe a rinneadh uirthi (dá dtagraítear in Airteagal 37)

Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 140, 5.6.2009, lch. 16)	
Treoir 2013/18/AE ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2013, lch. 230)	
Treoir (AE) 2015/1513 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 239, 15.9.2015, lch. 1)	Airteagal 2 amháin

CUID B

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta

(dá dtagraítear in Airteagal 36)

Treoir	Teorainn ama don trasuí
2009/28/CE	25 Meitheamh 2009
2013/18/AE	1 Iúil 2013
(AE) 2015/1513	10 Meán Fómhair 2017

▼B

IARSCRÍBHINN XI

Tábla comhghaoil

Treoir 2009/28/CE	An Treoir seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2, an chéad fhomhír	Airteagal 2, an chéad fhomhír
Airteagal 2, an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 2, an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (a)	Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (1)
Airteagal 2, an dara fomhír, pointí (b)	—
—	Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (3)
Airteagal 2, an dara fomhír, pointe(c)	Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (2)
Airteagal 2, an dara fomhír, pointe(d)	—
Airteagal 2, an dara fomhír, pointí (e), (f), (g), (h), (i), (j), (k), (l), (m), (n), (o), (p), (q), (r), (s), (t), (u), (v) agus (w)	Airteagal 2, an dara fomhír, pointí (24), (4), (19), (32), (33), (12), (5), (6), (45), (46), (47), (23), (39), (41), (42), (43), (36), (44) agus (37)
—	Airteagal 2, an dara fomhír, pointí (7), (8), (9), (10), (11), (13), (14), (15), (16), (17), (18), (20), (21), (22), (25), (26), (27), (28), (29), (30), (31), (34), (35), (38) agus (40)
Airteagal 3	—
—	Airteagal 3
Airteagal 4	—
—	Airteagal 4
—	Airteagal 5
—	Airteagal 6
Airteagal 5(1)	Airteagal 7(1)
Airteagal 5(2)	—
Airteagal 5(3)	Airteagal 7(2)
Airteagal 5(4), an chéad fhomhír, an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír	Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír
—	Airteagal 7(3), an cúigiú agus an séú fomhír
—	Airteagal 7(4)
Airteagal 5(5),	Airteagal 27(1), an chéad fhomhír, pointe (c)
Airteagal 5(6) agus (7)	Airteagal 7(5) agus (6)
Airteagal 6(1)	Airteagal 8(1)
—	Airteagal 8(2) agus (3)
Airteagal 6(2) agus (3)	Airteagal 8(4) agus (5)
Airteagal 7(1), (2), (3), (4) agus (5)	Airteagal 9(1), (2), (3), (4) agus (5)
—	Airteagal 9(6)
Airteagal 8	Airteagal 10

▼B

Treoir 2009/28/CE	An Treoir seo
Airteagal 9(1)	Airteagal 11(1)
Airteagal 9(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus(c)	Airteagal 11(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b), (c)
—	Airteagal 11(2), an chéad fhomhír, pointe (d)
Airteagal 10	Airteagal 12
Airteagal 11(1), (2) agus (3)	Airteagal 13(1), (2) agus (3)
—	Airteagal 13(4)
Airteagal 12	Airteagal 14
Airteagal 13(1), an chéad fhomhír	Airteagal 15(1), an chéad fhomhír
Airteagal 13(1), an dara fomhír	Airteagal 15(1), an dara fomhír
Airteagal 13(1), an dara fomhír, pointí (a) agus (b)	—
Airteagal 13(1), an dara fomhír, pointí (c), (d), (e) agus (f)	Airteagal 15(1), an dara fomhír, pointí (a), (b), (c) agus (d)
Airteagal 13(2), (3), (4) agus (5)	Airteagal 15(2), (3), (4) agus (5)
Airteagal 13(6), an chéad fhomhír	Airteagal 15(6), an chéad fhomhír
Airteagal 13(6), an dara fomhír, an tríú fomhír agus an cúigiú fomhír	—
—	Airteagal 15, (7) agus (8)
—	Airteagal 16
—	Airteagal 17
Airteagal 14	Airteagal 18
Airteagal 15(1)	Airteagal 19(1)
Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, and dara fomhír agus an tríú fomhír	Airteagal 19 (2) an chéad fhomhír, and dara fomhír agus an tríú fomhír
—	Airteagal 19(2), an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír
Airteagal 15(2), an ceathrú fomhír	Airteagal 19(2), an séú fomhír
Airteagal 15(3)	—
—	Airteagal 19(3) agus (4)
Airteagal 15(4) agus (5)	Airteagal 19(5) agus (6)
Airteagal 15(6), an chéad fhomhír, pointe(a)	Airteagal 19(7), an chéad fhomhír, pointe(a)
Airteagal 15(6), an chéad fhomhír, pointe(b) (i)	Airteagal 19(7), an chéad fhomhír, pointe(b) (i)

▼B

Treoir 2009/28/CE	An Treoir seo
—	Airteagal 19(7), an chéad fhomhír, pointe(b) (ii)
Airteagal 15(6), an chéad fhomhír, pointe(b) (ii)	Airteagal 19(7), an chéad fhomhír, pointe(b) (iii)
Airteagal 15(6), an chéad fhomhír, pointí (c), (d), (e) agus (f)	Airteagal 19(7), an chéad fhomhír, pointí (c), (d), (e) agus (f)
—	Airteagal 19(7), an dara fomhír
Airteagal 15(7)	Airteagal 19(8)
Airteagal 15(8)	—
Airteagal 15(9) agus (10)	Airteagal 19(9) agus (10)
—	Airteagal 19(11)
Airteagal 15(11)	Airteagal 19(12)
Airteagal 15(12)	—
—	Airteagal 19(13)
Airteagal 16(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7) agus (8)	—
Airteagal 16(9), (10) agus (11)	Airteagal 20(1), (2) agus (3)
—	Airteagal 21
—	Airteagal 22
—	Airteagal 23
—	Airteagal 24
—	Airteagal 25
—	Airteagal 26
—	Airteagal 27
—	Airteagal 28
Airteagal 17(1), an chéad fhomhmhír agus an dara fomhír	Airteagal 29(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír
—	Airteagal 29(1), an tríú fomhír, an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír
—	Airteagal 29(2)
Airteagal 17(2), an chéad fhomhír agus an dara fomhír	—
Airteagal 17(2), an triú fomhír	Airteagal 29(10), an tríú fomhír
Airteagal 17(3), an chéad fhomhír, pointe(a)	Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointe(a)
—	Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointe(b)
Airteagal 17(3), an chéad fhomhír, pointí (b) agus (c)	Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointí (c) agus (d)
—	Airteagal 29(3), an dara fomhír
Airteagal 17(4)	Airteagal 29(4)
Airteagal 17(5)	Airteagal 29(5)

▼B

Treoir 2009/28/CE	An Treoir seo
Airteagal 17(6) agus (7)	—
—	Airteagal 29(6), (7), (8), (9), (10) agus (11)
Airteagal 17(8)	Airteagal 29(12)
Airteagal 17(9)	—
—	Airteagal 29(13) agus (14)
Airteagal 18(1), an chéad fhomhír	Airteagal 30(1), an chéad fhomhír
Airteagal 18(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c)	Airteagal 30(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (c) agus (d)
—	Airteagal 30(1), an chéad fhomhír, pointe(b)
—	Airteagal 30(1), an dara fomhír
Airteagal 18(2)	—
—	Airteagal 30(2)
Airteagal 18(3), an chéad fhomhír	Airteagal 30(3), an chéad fhomhír
Airteagal 18(3), and dara fomhír agus an tríú fomhír	—
Airteagal 18(3), an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír	Airteagal 30(3), and dara fomhír agus an tríú fomhír
Airteagal 18(4), an chéad fhomhír	—
Airteagal 18(4), second agus third sub-paragraphs	Airteagal 30(4), an chéad fhomhír agus an dara fomhírs
Airteagal 18(4), an ceathrú fomhír	—
Airteagal 18(5), an chéad fhomhír agus an dara fomhírs	Airteagal 30(7), an chéad fhomhír agus an dara fomhírs
Airteagal 18(5), an tríú fomhír	Airteagal 30(8), an chéad fhomhír agus an dara fomhírs
Airteagal 18(5), an ceathrú fomhír	Airteagal 30(5), an tríú fomhír
—	Airteagal 30(6), an chéad fhomhír
Airteagal 18(5), an cúigiú fomhír	Airteagal 30(6), an dara fomhír
Airteagal 18(6), an chéad fhomhír agus an dara fomhírs	Airteagal 30(5), first agus an dara fomhírs
Airteagal 18(6), an tríú fomhír	—
Airteagal 18(6), an ceathrú fomhír	Airteagal 30(6), an tríú fomhír
—	Airteagal 30(6), an ceathrú fomhír
Airteagal 18(6), an cúigiú fomhír	Airteagal 30(6), an cúigiú fomhír
Airteagal 18(7)	Airteagal 30(9), an chéad fhomhír
—	Airteagal 30(9), an dara fomhír

▼B

Treoir 2009/28/CE	An Treoir seo
Airteagal 18(8) agus (9)	—
—	Airteagal 30(10)
Airteagal 19(1), an chéad fhomhír	Airteagal 31(1), an chéad fhomhír
Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c)	Airteagal 31(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c)
—	Airteagal 31(1), an chéad fhomhír, pointe(d)
Airteagal 19(2), (3) agus (4)	Airteagal 31(2), (3) agus (4)
Airteagal 19(5)	—
Airteagal 19(7), an chéad fhomhír	Airteagal 31(5), an chéad fhomhír
Airteagal 19(7), an chéad fhomhír, an chéad, an dara, an tríú agus an ceathrú fleasc	—
Airteagal 19(7), an dara fomhír agus an tríú fomhír	Airteagal 31(5), an dara fomhír agus an tríú fomhír
Airteagal 19(8)	Airteagal 31(6)
Airteagal 20	Airteagal 32
Airteagal 22	—
Airteagal 23(1) agus (2)	Airteagal 33(1) agus (2)
Airteagal 23(3), (4), (5), (6), (7) agus (8)	—
Airteagal 23(9)	Airteagal 33(3)
Airteagal 23(10)	Airteagal 33(4)
Airteagal 24	—
Airteagal 25(1)	Airteagal 34(1)
Airteagal 25(2)	Airteagal 34(2)
Airteagal 25(3)	Airteagal 34(3)
Airteagal 25a(1)	Airteagal 35(1)
Airteagal 25a(2)	Airteagal 35(2) agus (3)
Airteagal 25a(3)	Airteagal 35(4)
—	Airteagal 35(5)
Airteagal 25a(4) agus (5)	Airteagal 35(6) agus (7)
Airteagal 26	—
Airteagal 27	Airteagal 36
—	Airteagal 37
Airteagal 28	Airteagal 38
Airteagal 29	Airteagal 39
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn IV
Iarscríbhinn V	Iarscríbhinn V
Iarscríbhinn VI	—
—	Iarscríbhinn VI
Iarscríbhinn VII	Iarscríbhinn VII
Iarscríbhinn VIII	Iarscríbhinn VIII
Iarscríbhinn IX	Iarscríbhinn IX
—	Iarscríbhinn X
—	Iarscríbhinn XI